# Iorras Aithneach 2020

**Tosaíodh i 1990 - 30 bliain ó shin**

Carna/Cill Chiaráin




An Fóram do Phobal Iorras Aithneach €10

# Siopa Dowd

Carna, Co na Gaillimhe.

H91NCW7




Ph:00353-95-32882

siopadowd@gmail.com

siopadowd

*Míle buíochas as ucht bhur dtacaíochta le linn na bliana.Nollaig Shona agus Bliain Nua faoi shéan is faoi mhaise dhaoibh ón bhfoireann ar fad.*

## FOCAL ÓN EAGARTHÓIR

Bliain speisialta í seo ó thaobh leabhar "Iorras Aithneach" de.

Deich mbliana fichead go ham seo a d'fhoillsigh muid an leabhar don chéad uair. Munach an víreas bradach, gránna a dtugtar Covid bheadh iarracht déanta againn le ruainne d'ócáid a eagrú. Ach bhféidir go mbeadh deis againn ar sin am éicint amach anseo.

Ar ndóigh, tá roint mhaith oibre ag baint le foillsiú an leabhair ach tugann an cúnamh a fháigheann muid ó dhaoine idir phictiúir, phíosaí scríbhneoireachta agus cuidiú eile uggach agus misneach dúinn.

Is iontach a chruthaigh lucht gnó agus seirbhísi éagsúla arís i mbliana sa méid agus gur thug siad tacaíocht iontach beagbeann ar an mbliain chrua a bhí acu. Is fiú go mór trácht agus tacaíocht a thabhairt dóibh.

Teastóidh daoine nuaí le "Iorras Aithneach" a choinneail faoi lán tseoil sna blianta amach romhainn. Tá sé le tabhairt faoi deara i mbliana go bhfuil roint daoine óga ag tosaí ag scríobh agus cuireadh neart phictiúir ar fáil, mar a thárlaíonn i gcónaí. Nár laga Dia sibh uilig. Tá súil againn go ngabhfaidh sibh ar an stiúir amach anseo agus go mbeidh leabhar "Iorras Aithneach" ina chomhartha Nollaig sa bpobal seo ar feadh 30 bliain eile.

Nollaig mhaith dhibh uilig agus tá súil againn – thar bhliain ar bith eile – go mbeidh an saol ar ais ar an nádúr agus go mbeidh sibh uilig slán an t-am seo arís.

## BUÍOCHAS

Buíochas leis na dreamanna seo leanas as ucht na tacaíochta a thugann siad do leabhar "Iorras Aithneach":

Coiste Pleanála Teanga Chonamara Láir;
Údarás na Gaeltachta;
Forbairt Chonamara Láir .
Sí Mairéad Ní Chonaire i Ros Muc a dhéanann an leagan amach ar an leabhar agus déanann sí é sin ar chaighdeán an-ard.
Mar atá déanta acu le 30 bliain, siad Clódóirí Lurgan a dhéanann an phriontáil agus ní bhfaighidh tú comhlacht níos fearr.

## COISTE "IORRAS AITHNEACH 2019" -

Máirtín Ó Gríofa, Nóirín Mhic an Iomaire, Seosamh Ó Cuirrín, Susan uí Chatháin, Eibhlín Uí Dháibhís, Seosamh Ó Cuaig agus Máirtín Ó Catháin.

## NA PICTIÚIR AR AN gCLÚDACH


**Sa lár:** Seo é carr asail an 'Lockdown'. Rinne Johnny Mháirtín Learaí an carr asail é féin i 1958. D'athraigh an saol; fágadh an carr asail ar an bhfoscadh. Ach nuair a thárla an 'Lockdown' sa Márta, thosaigh Johnny ag deasú an charr asail mar chaitheamh aimsir. Rinné sé jab slachtmhar.

**Barr ar chlé:** Damhseoir, fonadóir, ceoltóir agus céimí Ollscoile anois. Aisling Ní Cheannabháin as Leitir Deiscirt. Céim Onóracha BSc. Teiripe Urlabhra agus Teanga.

**Barr ar dheis:** Liam (2 bliain) agus Paudie (1) Seoighe as an mBantrach Ard.

**Íochtar ar chlé:** An Canónach Pádraig Standún, Sagart Pobail Charna. Buíochas an phobal dlite dó. Ag éirí as faoi cheann cupla mi mar go bhfuil an aois sroiche aige.

**Íochtar ar dheis:** Cathy Ní Cheannabháin as an gCoillín agus a cuid cearca agus lachan.


ANIAR
An Pobal agus a Scéal
Rang 2020
Badóirí
Cork Folk Fest
Cumann
Bailte
Dúiseacht
'Sé Mo Laoch
Turas Clainne
Tearmann
LÉIRITHEOIRÍ TEILIFÍSE AGUS SCANNÁN
CORCA DHUIBHNE | CONAMARA | GAOTH DOBHAIR

# Fáilte go "Iorras Aithneach 2020"

An chéad cheist: Cá ndeachaigh na blianta?

Is beag a cheap muid nuair a chuir muid "Iorras Aithneach 1990" amach go mbeadh muid fós ar an saol leis an leabhar 30 bliain ina dhiaidh sin. Is dóigh gur b'í an bhliain seo 2020 an ceann is aistigh agus is brónaí do na deich mbliana fichead sin uilig. Tá scammal dorcha fágtha ar an domhan, ar an tír seo, ar Chonamara agus ar an bpobal seo ag an vireas bradach, Covid 19.

Go mba fada uainn é an t-am seo aríst.

Ag caitheadh súil siar ar na blianta sin atá imíthe, ar nós an chúir a d'imigh le sruth na habhann, is deacair a chreiscint go bhfuil ionann agus 700 duine curtha, caillte sa bpobal seo le deich mbliana fichead. Bhí na daoine sin uilig ina mbeatha sa mbliain úd, 1990. Leigh go leor acu "Iorras Aithneach" na bliana sin; go raibh suaimhneas síorraí acu uilig anois.

Ar ndóigh, tá daoine óga tagtha ar an saol freisin. I dtús na 1990aidí, ba mho páistí a bhí dá mbreith ná a raibh do dhaoine ag imeacht ar shlí na firinne sa bpobal seo. D'athraigh sin le himeacht na haimsire. Sé a mhalairt atá ag tárlú le riar mhaith blianta anois. Ina dhiaidh sin féin, tá riar phictiúir san leabhar seo i mbliana do ghasúir óga geallgháireacha a bheidh faoi bhláth mar mhná agus fir 30 bliain ón Nollaig seo.

Sea, a bh'anam, gan bhuíochas do lagtránna eacnamaíochta agus don imirce - agus don vireas bradach - tá muid ann fós.

Ní maith iad na comharthaí scaittí. Tá obair gann agus tá daoine óga ag imeacht. Ce'n chaoi a gcastar an taoille?



**Máirtín Ó Catháin**
Eagarthóir "Iorras Aithneach 2020"

Is mór an t-údar dóchais é go bhfuil Plean 5 Bhliain leagtha amach ag Údarás na Gaeltachta le haghaidh an cheantair seo. Tá chuile chosúlacht ann go bhfuil lucht ceannais an Údaráis lán-dháiríre san iarracht seo. Bhítí ag caitheadh anuas ar Údarás na Gaeltachta ach níl sé sin dlite dóibh anois. Caithfidh muid uilig ár gcionn féin a dhéanamh freisin i dtaca leis an Údarás le súil agus go ndéanfar athbheochan láidir ar bhunchloch Iorras Aithneach.

Bítear ag súil go mbeidh rath ar an bpobal faoi cheann 30 bliain agus go mbeidh saol maith ag an dream a bheidh ina mbeatha (agus cuid acu ag foillsiú leabhar "Iorras Aithneach"!) sa mbliain 2050.

# An Méara agus a mháthair, Mary



**Méara Bhoston agus a mháthair Mary –**
Mary Joe Pheadair - as Ros Cíde i Ros Muc. Pictiúr a tógadh roinnt blianta ó shin.

# Teachtaireacht ón Méara Marty Walsh



CITY OF BOSTON • MASSACHUSETTS

OFFICE OF THE MAYOR
MARTIN J. WALSH

Christmas 2020

Dear Friends,

This year, we have all had reason to take stock of what's most important. We're missing our friends and family; the traditions we hold dear; and many aspects of daily life that make our communities so special. It's more important than ever that we find ways to connect with one another, tell our stories, and maintain strong bonds as part of a global family.

That's why this edition of the Yearbook is so special. The photographs from the past and the present have always sparked conversations about life in Connemara, and helped emigrants and their descendants form new connections with one another. It even helped to inspire the Emigrants Commemorative Centre in Carna, where I understand further developments are planned.

My family, like many members of the Connemara community in Boston, look forward to the Yearbook every Christmas. This year, the Yearbook is a chance to reflect on our shared history and heritage, and to share our hopes for the future. May we all have a new appreciation for the preciousness of life, and work to create a kinder, more compassionate world.

I am with all of you in spirit this Christmas in my family's beloved Ros Muc and Carna and throughout Connemara. I wish you all a peaceful and bright holiday.

Sincerely,

Martin J. Walsh
Mayor of Boston

BOSTON CITY HALL • ONE CITY HALL SQUARE • BOSTON • MASSACHUSETTS • 02201
617-635-4500 • www.boston.gov

PRINTED ON RECYCLED PAPER

ALL NATURAL SUPERFOOD

# CONNEMARA

ORGANIC SEAWEED COMPANY

## Ó IARTHAR NA HÉIREANN

## FEAMAINN ORGÁNACH LÁMHBHAINTE

Rugadh agus tógadh Noel Ó Laoi i Leitir Mealláin, oileán álainn sceirdiúil amach ó chósta Iarthar na hÉireann. Leis na glúnta, tá muintir Uí Laoi ag baint Cheilpe agus Fheamainne amach ó Chósta Chonamara.

## ÁR MISEAN

Is é an misean atá againn ná táirgí inmharthana lámhbhainte ceilpe agus feamainne a chur ar fáil mar bhia do dhaoine trí fhorlíonta sláinte agus táirgí inite. Tá sé mar chuspóir lárnach againn i ngach ní a dhéanaimid go mbeadh tionchar dearfach againn ar ár bpobal agus ar ár dtimpeallacht.

## **ÁR SPREAGADH**

Tá sé mar aidhm againn feamainní áitiúla inite atá lámhbhainte ar bhealach inmharthana a chur ar fáil duit agus iad sin a thabhairt isteach mar fhoinse malartach bia atá sláintiúil, cothaitheach agus go maith don timpeallacht. Tá sé tábhachtach go n-aithneofaí tábhacht na feamainne don fhiadhúlra muirí, agus caithfimid é sin a chothromú leis an úsáid a bhaineann daoine as. Dá réir sin, bainimidne úsáid as cur chuige éiceachórais, rud a chiallaíonn go gcuirimid caomhnú agus úsáid inmharthana chun cinn ar bhealach atá cothrom.

Teagbháil: noel@connemaraseaweedcompany.ie

+353(0)91 506848.

# PLEAN IORRAS AITHNEACH
## - Coisméigeacha beaga agus coisméigeacha móra.

*- le Micheál Ó hÉanaigh, Príomhfheidhmeannach, Údarás na Gaeltachta.*

Idir amhráin, báid agus teanga, is beag áit atá ina léiriú chomh maith ar céard is Gaeltacht ann le ceantar Iorras Aithneach. Tá aithne fud fad na cruinne ar Iorras Aithneach mar áit ina bhfuil damhsóirí agus amhránaithe den scoth, saoir bád agus máistrí bád den chaighdeán is fearr, agus áit ina bhfuil 2,000 bliain den Ghaeilge fite fuaite i saol laethúil an phobail go dtí an lá atá inniu ann.

Ach is beag fiúntas atá le baint as cultúr agus oidhreacht mura bhfuil pobal beo, bríomhar ann lena neartú agus a bhuanú. Is minic gur fearr a mhaireann agus a éiríonn le cultúir agus teanga a bhíonn faoi bhrú i gceantair atá scoite amach, ach is minic freisin go bhfágann an imeallú tíreolaíochta sin dúshláin i dtaobh cúrsaí fostaíochta, agus ní haon eisceacht í ceantar Iorras Aithneach ansin.

Chuige sin, tá Údarás na Gaeltachta ag obair lámh le lámh le muintir Iorras Aithneach chun Gnímh Phlean 5 Bhliana Iorras Aithneach a chur i bhfeidhm. Tá garspriocanna uaillmhianach agus dúshlánach leagtha amach in san phlean seo, spriocanna a tháinig chun cinn tar éis plé dhíreach leis an bpobal. Tá sé i gceist leis an bplean go ndéanfaí infheistíocht shuntasach in san gceantar agus go gcruthófaí fostaíocht inmharthana do phobal an cheantair.

Lainseáladh an gnímh phlean i Mí Eanáir na bliana 2019 agus ó shin i leith, tá dul chun cinn á dhéanamh maidir leis na cuspóirí éagsúla a leagadh amach. Ullmhaíodh an plean agus tá an plean á chur i gcrích ar bhonn comhpháirtíochta. Tá Údarás na Gaeltachta ag obair i gcomhar le eagrais pobail an cheantar - go príomha le Forbairt Chonamara Láir, Fóram do Phobal Iorras Aithneach, Coiste Fostaíochta Charna/Chill Chiaráin agus Coiste Jabanna Iorras Aithneach.

Tá Oifigeach Forbartha ceaptha ag Údarás na Gaeltachta, Micheál Ó Clochartaigh, atá freagrach go sonrach as cur i bhfeidhm an phleain agus as forbairt a chur chun cinn in Iorras Aithneach. Oibríonn an tOifigeach Forbartha i gcomhar le FCL Teo. agus na heagrais eile atá luaite in san ról seo.

Cheana féin, feiceann muid toradh ar an obair sin, agus dul chun cinn dhá dhéanamh maidir le tograí straitéiseacha ar nós Páirc na Mara agus an gteic i gCarna. Tá tacaíocht dhá chur ar fáil do réimse de ghnóanna chun buanú agus chun bunú sa gceantar. Tá infheistíocht suntasach dhá dhéanamh i maoin agus i mbunstruchtúrú atá faoi smacht an Údaráis chomh maith.



**Micheál Ó hÉanaigh -**
Príomhfheidhmeannach, Údarás na Gaeltachta.

Tá pacáiste tacaíochta ceadaithe do thograí éagsúla a bheidh ag teacht chun cinn sa mbliain amach romhainn, mar shampla pacáiste tacaíochta ceadaithe ag Údarás na Gaeltachta agus An Roinn Cultúir Oidhreachta agus Gaeltachta do shíneadh ar Ionad na nImirceach a bheidh mar áis agus acmhainn turasóireachta don cheantar.

Beidh tuairisc eatramhach á ullmhú maidir leis an bplean nuair atá muid leath bealaigh tríd an tréimhse cur i bhfeidhm i lár na bliana seo chugainn.

Tá dul chun cinn dhá dhéanamh maidir le dul i ngleic leis na dúshláin éagsúla atá ag an gceantar. Is cinnte gur cheart agus gur féidir buntáistí suntasacha a bhaint amach don cheantar trí tógáil ar acmhainní nádúrtha an cheantair, an acmhainn daonna, an acmhainn mara, turasóireachta, cultúr agus an eacnamaíocht ghlas. Tá Údarás na Gaeltachta ag súil go mór leanacht lenár gcomhpháirtíocht le pobal Iorras Aithnigh chun torthaí fiúntacha a ghabhadh chun leas an phobal a bhaint amach. Is láidre le chéile muid.

Print
Clódóirí CL

• Dearadh
• Leabhair
• Clóbhualadh Trádálach
• Comharthaí
• Táirgí PVC

• Print • Signage • Design

Casla, Co. na Gaillimhe t. 091 506 597
e. info@clprint.ie w. www.clprint.ie

# I nGáirdín Dé

*Ar dheis Dé go raibh siad*

**Daoine a fuair bás agus a cuireadh sa bpobal ó 1/11/19 agus 1/11/2020.**

Peige Ní Chúaláin, Crumpán.

Béib bn. Mhic Dhonncha, Aird Mhóir.

Colm Sheáin Jeaic McDonncha, Aird Thiar.

Máire Mhic an Iomaire, Coill Sáile.

Joe Pheadair Tommy Ó Loideáin, Carna.

Pat Ó Maoilchiaráin, Caladhfhuinnse.

Pádraic Ó Súilleabháin, Loch Con Aortha.

Sarah Bhreathnach, Roscahill & Loch Con Aortha.

Delia (Madaoín) Ní Mhaoilchiaráin, Carna.

Máirtín Kate Ó Flátharta, Aird Mhóir.

Annie  Uí Chlochartaigh, Aird Mhóir.

Nóirín Ní Loideáin, Muighinis.

Ciaráin Ó Ceannabháin, Aird Mhóir.

Micheál Ó Flátharta, Loch Con Aortha.

Marcas Ó Ceannabháin, Aird Thiar.

Joe Ó Súilleabháin, Doire Iorrais.

Máirtín Ó Catháin (Máirtín Choilm), Glinnsce.

Peadar Caulfield, Leitir Ard.

Máirtín Ó Cathásaigh, Muighinis.

Pádraic Ó Cadhain, Cill Chiaráin.

Bríd Ní Chonghaile, Aird Thiar & Léarphóil.

Seosamh Mac an Ríogh, Dún na nGall & Aird Thoir.

Michael Downes, Aird Mhóir.

Gráinne Uí Néill, Dubhithir & Baile Átha Cliath.

Béib Uí Ghúairim, Ruisín na Manach.

Bairbre Ní Ghaora, Leitir Deiscirt, Carna.

Ann Coyne Comerford, Cill Ciaráin/Oileán Iarthach & Sasana.

**AN LÍON GASÚR SNA BUNSCOILEANNA**

| | 1990 | 2000 | 2010 | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| Cill Chiaráin | 73 | 54 | 25 | 31 |
| An Aird Mhóir | 50 | 66 | 51 | 18 |
| Carna | 78 | 54 | 33 | 53 |
| Muigh Inis | 30 | 26 | 16 | 18 |
| An Aird Thiar | 61 | 35 | 26 | 33 |
| Muighros | 38 | 13 | Dúnta | Dúnta |
| **IOMLÁN:** | **330** | **248** | **151** | **153** |

**AN LÍON DALTAÍ I SCOIL PHOBAIL MHIC DARA**

| 1990 | 2000 | 2020 |
|---|---|---|
| 217 | 194 | 103 |

## Sonas Oraibh

Phós na lánúin seo leanas sa pharóiste:

**Declan Tormey & Marion Ní Ghaora.**

**Eamonn King & Geraldine Conneely.**

**Thomas Sweeney & Saileóg Ní Chúaláin.**

## Céad Fáilte Romhaibh:

*Baisteadh na gasúir seo leanas i bParóiste Iorras Aithneach idir Samhain 2019 agus Samhain 2020*

Seán Padraic Ó Fiannaí.

Aisling Muireann Ní Cheallaigh.

Odhrán Micheál Ó Ceannabháin.

Coleman Anthony Ó Clochartaigh.

Lile Ní Chathasaigh.

Thomas Patrick Canavan.

Nancy Mary O'Brien.

Daniel Michael Costello.

Eleanór Maire Ní Chathain.

Una Maria Meehan.

Connla nollaig Ó Cúaláin.

Seosamh Seán Ó Cathasaigh.

Ríona Onóra Keaney.

Bláithín Máire Ní Chillín.

Cuan Máirtín Breathnach.

Molly May O'Toole.

Sadhbh Áine Ní Fhlátharta.

# Blianta faoi Bhláth







*Ar barr, ó chlé:*
**Máire Ní Dhomhnaill** (Mary Kinnane) as Leitir Ard agus **Ned Kinnane** as Tiobrad Árann a phós i 1970 - leathchéad bliain ó shin.

*Ar barr, ó dheis:*
As an Aird Mhóir, **Kate Bhreathnach** agus **Peadar Eóin Ó Neachtain** a phós i 1950.

*Ó chlé:*
**Tom Curran** as Carna agus **Máirín Ní Choistealbha** as an Spidéal a phós ar an 29ú Nollaig, 1966.

# Vótaí san Olltoghchán 2020

## Vótaí san Olltoghchán sa taobh seo tíre .... 8-2-2020

| | Loch Con Aortha | Aird Mhóir | Carna | Aird Thiar | Caiseal | Ros Muc | Camas |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Conor Burke (Solidarity) | 1 | 1 | 1 | 2 | 1 | 8 | 1 |
| Catherine Connolly (NS) | 7 | 14 | 18 | 18 | 7 | 11 | 15 |
| Cormac O Corcorán (Aontú) | 1 | 4 | 2 | 1 | 0 | 2 | 3 |
| Ollie Crow (F.Fáil) | 0 | 2 | 4 | 3 | 4 | 2 | 2 |
| Mike Cubbard (N.S.) | 2 | 0 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| Éamon Ó Cuív (F. Fáil) | 51 | 172 | 92 | 80 | 80 | 101 | 108 |
| Mairéad Farrell (Sinn Féin) | 31 | 49 | 41 | 23 | 17 | 78 | 34 |
| Daragh O'Flaherty (N.S.) | 0 | 3 | 0 | 1 | 0 | 1 | 0 |
| Noel Grealish (N.S.) | 1 | 7 | 9 | 1 | 14 | 8 | 4 |
| Seán Kyne (F. Gael) | 4 | 19 | 21 | 21 | 19 | 9 | 13 |
| Joseph Loughnane (Daoine roimh Bhrabach) | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 |
| Niall McNelis (L. Oibre) | 0 | 0 | 0 | 2 | 1 | 0 | 0 |
| Hildegard Naughton (F. Gael) | 3 | 3 | 0 | 2 | 3 | 0 | 1 |
| Pauline O'Reilly (Páirtí Glas) | 7 | 7 | 5 | 1 | 7 | 3 | 2 |
| Niall Ó Tuathail (Daon Sóis) | 5 | 5 | 7 | 7 | 7 | 2 | 2 |

**Nóta:**

Tá na huimhreacha seo bunaithe ar "Tally". Ní figiúirí oifigiúla iad.
Cé nach féidir a dhul i mbannaí orthu, bíonn siad cruinn go maith, go hiondúil.
Bíonn lucht na bpáirtíthe ag coinneáil súil mhaith ar na bhótaí de réir mar a bhíonn na boscaí dá n-oscailt agus ag coinneail a gcomhaireamh féin... agus sin é an 'Tally'.

Sinn Féin

MAIRÉAD FARRELL TD
GAILLIMH THIAR/MAIGH EO THEAS
R-phost: mairead.farrell@oir.ie
Uimhir: 091 865 782

Tréaslaím le Coiste an Irisleabhair as an obair chraicneach atá déanta acu arís i mbliana agus leabhar bliantúil breá eile curtha ar fáil acu do phobal Iorras Aithneach agus do mhuintir Chonamara uilig.



Mar Theachta Dála don cheantar seo táimse ar fáil chun cabhrú leat pé ar bith bealach gur féidir liom. Níl ort ach a ghabháil i dteagmháil liom ag na sonraí thuas. Is féidir coinne a dhéanamh liom san oifig dáilcheantair atá agam i nGaillimh:

122 An Bóthar Mór,
Cathair na Gaillimhe,
H91 P6FX.

MOLSCÉAL




Aip ar fáil anseo

Download on the App Store

GET IT ON Google Play

TG4

# Iarracht láidir forbartha ar bun – teastóidh sé uilig

*- le Máirtín Ó Catháin*

Gan bhuíochas don vireas bradach bhí comharthaí dóchais sa bpobal i rith na bliana. Sé an trua é go bhfuil an mí-ádh seo tagtha sa mullach orainn leath bealaigh thríd an tréimhse 5 bhliana do Phlean Gnímh Údarás na Gaeltacha sa gceantar seo. Ach, san am chéanna, níor ligeadh na maidí le sruth.

Ní fiú a dhul siar ar an scéal uilig. Tuigeann muid go bhfuil cúrsaí oibre go dona agus go bhfuil infreastruchtúir – bóithre srl – ar chaighdeán íseal. Is leor a rá go bhfuil cuid mhór d'Iorras Aithneach imeasc na gceantracha is measa atá buailte cheal jabanna sa tír uilig– ráta 34%.

Soiléir go leor atá an lagan eacnamaíochta agus sóisialta.

Ceard is féidir a dhéanamh anois?
Níos tábhachtaigh fós, céard atá dá dhéanamh anois?

**PÁIRC NA MARA**

Seo é, gan dabht, an iarracht is mo ó thaobh jabanna de.

Áirítear go bhféadfadh 200 post a bheith ar fáil ansin ach a mbeadh an Pháirc faoi lán tseoil. Bheadh na scórtha post eile ar fáil de bharr na forbartha. Chuir Údarás na Gaeltachta iarratas ar chead pleanála go Comhairle Chontae na Gaillimhe i mbliana. Tá ceisteanna go leor curtha ag an gComhairle Contae faoi phlean Pháirc na Mara. Beidh na freagraí curtha isteach go luath san athbhlian. Feicfidh muid linn ina dhiaidh sin.

Tá dreamanna ann atá amhrasach faoi thionscail na feilméireachta bradán agus tá siadan ag cur a gcosa i dtaca agus d'fhéadfadh suíochán fada a bheith ar an iarratas pleanála seo.

Tá gluaiseachtaí pobail i mbun iarrachtaí le fiche bliain le súil agus go gcuirfí borradh faoin bPáirc ar mhaithe le réimse leathanach tionscail chladaigh agus mara a bhunú ann. Seo é an chéad uair a bhfuil iarraidh mhór tugtha faoin tionscnaimh seo.

**AN G-TEIC AR EASTÁIT TIONSCAIL ROISÍN NA MAINÍOCH**




Seo é an tIonad atá múnlaíthe anois san bhfoirgnimh ina raibh an tIonad Fiontraíochta, foirgnimh a thóg Údarás na Gaeltachta 20 bliain ó shin théis feachtas láidir áitiúil.

Beidh spás ann do 16 ach a mbeidh an saol faoi lán tseoil théis an vireas atá ag treabhadh an tsaoil anois. Tá Raidió na Gaeltachta, TG4, Comhar Creidmheasa Chonamara, agus daoine atá le ple le hobair agus staidéar eile ann faoi láthair. Sé an plean atá ann ná go mbéifí ag súil go bhfeileadh sé do dhaoine filleadh ar an mbaile agus a gcuid oibre a dhéanamh ar an láthair sin.

Tá sé cruthaíthe cheann féin le linn ghéarchéim an Covid gur féidir oibriú ar an gcaoi seo agus ba bhreá an rud é go líonfaí an tIonad G Teic go doras.

**SEAN MHONARCHA CARNA LIGHTS**

Beidh an obair ar an bhfoirgnimh seo críochnaíthe san athbhliain agus tá cosúlachtaí ann go mbeidh tuilleadh forbartha agus tionscail ag teacht chun cinn ar an Eastáit. Sa gcás seo, ní caint san aer atá i

gceist; tá bunus láidir faoi phleananna le haghaidh an Eastáit agus tá muinín ann go dtiocfaidh siad faoi bhláth Tá Údarás na Gaeltachta ag obair ar sin in éineacht le fiontraíthe.

**OBAIR FHORBARTHA AR "THEACH AN ÚDARÁIS".**

Tá Údarás na Gaeltacht ag déanamh obair dheisiúcháin agus fhorbartha ar Theach an Údaráis i gCarna faoi láthair. Beidh an Teach níos compórdaigh agus níos teolaíthe ach a mbeidh an obair sin críochnaithe san athbhliain.

Is iomaí sin cruinniú a heagraíodh i dTeach an Údaráis sna blianta a caitheadh agus is iomaí sin iarracht thábhachtach sa bpobal a tosaíodh ansin.

Ar ndóigh, is ansin anois atá Forbairt Chonamara Láir ag gníomhú. I dtaobh an fhoillseacháin seo, is iomaí ceann d'eagráin "Iorras Aithneach" a cuireadh i dtoll a chéile ansin.

**IONAD CUIMHNEACHÁIN NA N-IMIRCEACH.**

Ar nós mórán chuile rud eile, b'éigean lagan a dhéanamh ar imeachtaí san Ionad i mbliana. San am chéanna, tá beartais thábhachtacha ag dul ar aghaidh i dtaobh tuilleadh forbartha ansin.

Tá cead iomlán pleanála ar fáil le haghaidh Garraí Cuimhneacháin na nImirceach – páirc ina mbeidh suíocháin agus aiseanna – ar an gcnocán ó dheas den Ionad.

Táthar ag obair faoi láthair ar an iarratas pleanála agus a cur tuilleadh eolais ar fáil don Chomhairle Contae maidir le sinéadh ina mbeidh Ionad Taispeántais a chur le hIOnad na nImireacha. Tá tacaíocht ar fáil ó Údarás na Gaeltachta agus tá cómhráití ar bun le Roinn na Gaeltachta maidir leis an airgead a bheidh ag teastáil.

Bheadh sé i gceist an dá bheart a dhéanamh ach a mbeidh dindiúirí airgid agus pleanála réitíthe: an Garrai agus an tIonad Taispeántais. Ach a mbeidh sin déanta beifear réitíthe i gceart le tuilleadh a dhéanamh san Ionad – imeachtaí, cuairteoirí, béim ar thurasóireacht chultúrtha srl.

**CÁIRDEAS**

Chruthaigh eagraíochtaí go leor sa bpobal thar cionn i mbliana nuair a thárla géarchéim Covid 19.Tháinig siad le chéile agus bailíodh airgead ar mhaithe le reachtáil na seirbhíse tacaíochta go deonach. Thug siad chuile chineál cúnamh do dhaoine a bhí faoi dhianghlásáil. B'é an toradh a bhí ar an obair seo uilig go bhfuil seirbhís Béilíthe ar Rothaí curtha ar bun go buan sa bpobal anois. Sin seirbhís iontach.

Tá fógra anseo sa leabhar a bhaineann leis sin agus is féidir le daoine a dteastódh an tseirbhís uathu teagbháil a dhéanamh le Forbairt Chonamara Láir.

**LEABHAR IORRAS AITHNEACH**

Ar nós chuile rud eile, bhí níos mo trioblóide ná a bheadh go hiondúil le réiteach leabhar Iorras Aithneach i mbliana de bharr an Covid 19. Ach fuair muid go leor ábhair isteach idir phictiúir agus scéalta. Tá súil againn go dtabharfaidh an leabhar bliantúil údar cainte agus cómhrá do mhuintir an phobail – agus sna pobail eile i gConamara an Nollaig seo.

Is fiú suntas a thabhairt do fhocla an Mhéara Marty Walsh sa leabhar seo faoina thábhachtaigh agus atá ardú meanmna agus misnigh dúinn uilig an Nollaig seo.

**TUILLEADH AG TEASTÁIL**

Teastaionn tuilleadh iarrachtaí agus tuilleadh oibre sa bpobal. San am chéanna, is ceart go dtabharfadh muid aitheantas do na hiarrachtaí atá ar bun idir an pobal agus Údarás na Gaeltachta anois. Tá driseacha cosáin le sárú sul a mbeidh amharc ar cheann scribe ach níl an cluiche caillte fós.

Má choinnítear leis beidh an scéal níos fearr le n-inseacht in eagraín do "Iorras Aithneach" sna blianta atá romhainn amach.


Cé Réiteoidh Mistéirí ?
CLUEDO
As Gaeilge
CLUEDO
Dúnmharú san Óstán
Glór na nGael
ÚDAR.ie
AN SIOPA GAEILGE AR LÍNE
ag glacadh
le hordaithe !
fiosru@glornangael.ie / 046 9430974
Glór na nGael




# AN tOIREACHTAS AR LÍNE

GRÉASÁN NA nGAEL

Bíodh an scéal is deireanaí agat i gcónaí

www.antoireachtas.ie

/oireachtas.nagaeilge /OirnaGaeilge /oirnagaeilge

Na Taibhealaíona Teangabhunaithe | Litríocht na Gaeilge | Gníomhaíochtaí Gréasán

Cláraigh dár Nuachtlitir

www.antoireachtas.ie/nuachtlitir/claraigh-linn.html

Foras na Gaeilge

# "EPITAIF" (Seo í an Nollaig dheireannach ag Pádraig ina Shagart Pobail).


*- le An Canónach Pádraig Standún - Sagart Pobail Charna*

Ní dóigh liom go raibh an focal "epitaif" cloiste ag mórán daoine sa tír seo i nGaeilge nó i mBéarla go dtí gur thug Robert Emmett a ráiteas cumasach le linn a thriáil in 1803 ina raibh sé daortha chun báis mar gheall ar iarracht chun reabhlóide ar shráideanna Bhaile Átha Cliath. Is dóigh go raibh sé, ró-luath tar éis d'Éirí Amach 1798 a bheith curtha faoi chois go fuilteach: "Ná scríobhadh aonduine m'epitaif," ar sé, "go dtí go mbeidh Éire saor."

Tá an focal "epitaif" i mbéil an phobail ariamh ó shin mar an méid a bhíonn scríofa ar leac cuimhneacháin nó ar pháipéar nuachta faoi dhuine atá imithe ar shlí na fírinne. Is iomaí epitaif eile a bhíonn ar raidio nó teilifís, ar riomhaire nó taibléid, ar 'whatsthis' nó 'whatsthat', agus iliomad meáin shóisialta eile nach n-éiríonn liom a fheiceáil nó a chloisteáil,

Déanaim iarracht ó am go ham epitaif greannmhar a chumadh dom féin leis an nimh a bhaint as a bheith ag macnamh ar an mbás. Bhí an oiread sin dúil agam i mbagún thart ar scór bliana ó shin gur scríobh mé epitaif i mBéarla in alt a bhíonn agam sa "Connaught Telegraph" i gCaisleán an Bharraigh gach seachtain le cúig bliana fichid anuas. Thosnaigh mé ar an gcolúin sin tar éis dul i dtír ó Inis Meáin go Tuar Mhic Éadaigh. Cé gur thairg mé éirí as cúig bliana déag níos deireanaí, ag teacht do Charna dom, lean siad leis, rud a fhágann go bhfuil thart ar 2,300 altanna curtha ar fáil agam go dtí seo, Bíonn ar Maigh Eogach ceangal a choinneáil len a Chondae dúchais i gconaí, fiú má tá "Galway glad to get us." Má tá.

Táim bródúil as a bheith ag scríobh do pháipéar a thug cúnamh agus tacaíocht do Michael Davitt in aimsir Chonradh na Talúin céad caoga bliain ó shin sna hiarrachtaí a bhí ar bun aige le talamh na tíre a fhail do na daoine. Bhí roinnt deacrachtaí ag an nuachtáin sin le tamall, mar a bhí ag go leor eile, ach chomh fada le m'eolas níor chaill siad ach seachtain amháin ó 1828 – le linn sneachta 1947 - gan páipéar a fhoilsiú.



**An Canónach Pádraig Standún - Sagart Pobail Charna.**

**Dúil sna rashers!**

Ach tá mé imithe ó m'epitaif, bunaithe ar an dúil a bhí agam sna rashers. Bhí muc ag chuile chlann timpeall orainn nuair a bhí mise óg. Is beag cineál feola a bhí chomh blasta leis an mbagún a thagadh ón muc a maraíodh sa mbaile, agus níl a fhios agam an é sin nó monarchain na muc i gCaisleán an Bharraigh agus Clár Chlainne Mhuiris a chuir i dtreó an bhagúin muid, Ní iontas ar bith mar sin é gur roghnaigh mé mar m'epitaif: "It was the rasher that killed him, but he died happy."

Níor chaith mé lá ar leaba nó in Ospidéal ariamh, buiochas le Dia, agus mo bhuíochas freisin do na dochtúirí agus altraí agus curamóirí eile a thosnaigh ag breathnú amach dom thart faoin am a scríobh mé an epitaif sin. Níl dabht ar bith agam ach go mbéinn básaithe fadó marach teisteanna ar bhrú fola, taibléidí agus eile i dTuar Mhic Éadaigh agus i gCarna le fiche bliain anuas. Ach an oiread le fir uilig na tíre seo, bhí drogall orm aghaidh a thabhairt ar dhochtúirí agus lucht leighis ar fhaitíos go dtagaidís ar ghalar éicínt a chuirfeadh den tsaol mé.

Faitíos roimh an gcóta bán a thugann siad ar an ardú ar bhrú fola a bhíonn ar go leor againn nuair a thugann muid cuairt ar chlinic. D'iarr an Dr Nollaig De Rís i dTuar Mhic Éadaigh orm lá amháin an raibh a fhios agam cén fáth an raibh mó bhrú fola ard nuair a bhí mé ina oifig, agus nach mbíodh corraí ar bith air nuair a bheadh deis mhonatóíreachta orm leis an mbrú a mheas. "An mbreathnaíonn tú ar na pictiúírí sna hirisí sin sa seomra feithimh aon uair? a d'fhiafraigh mé dhó ar ais.


**Ag éirí as.**

Má mhairim go dtí lár na bliana seo chugainn (2021) beidh mé ag éirí as mar shagart pobail Charna agus Cill Chiarain, mar atá déanta i mbliana ag an Athair Seosamh Ó Briain i Mainistir Chnoic Muí (Abbeyknockmoy). Thainig Joe mar shéiplíneach go Carna leathchéad bliain ó shin, bliain sular thosnaigh mise in Inis Oirr agus Inis Meáin. Thart ar dheich mbliana ó shin bhí roinnt sagairt ag fanacht sna paróistí ina raibh siad, mar chúntóirí tar éis dóibh éirí as. Sin sula raibh cúram ar shagairt freastal ar pharóistí leo féin san áit ina mbíodh beirt nó triúr rompú. Airionn furmhór na sagart atá in aois 75 anois traochta, tuirseach, agus airíonn muid go bhfuil sé thar am scíth a ligean.

Tá comradaithe feicthe agam ag fáil bháis ag an aois sin roimh, nó gairid i ndiaidh, seachtó cúig mar a tharla i gcás an Athair JJ Criben i mBaile Muileann i mbliana nó an tAth Paddy Gilligan tamaillín tar éis dó éirí as i gCúnga. Fuair triúr a bhí comhaois liomsa i Máigh Nuadt bás in aon lá amháin i mbliana i Dún na nGall, Gaillimh agus Ciarraí. Airím féin meáchan na mblianta le tamall. Ní hé nach breá liom aifrinn a léamh, ach insíonn an droim agus na cosa dom é nuair a bhíonn an iomarca le déanamh. Thaitneodh sé liom a bheith ag obair go pairt-aimseartha mar shagart ag cabhrú le sagairt eile agus briseadh nó saoire a bheith agam ó am go ham.

Dúirt an tArdeaspag Micheál Ó Néaraigh gur feidir liom é sin a dhéanamh ó theach an tsagairt i gCill Chiaráin ón bhFómhair seo chugainn ar aghaidh, má thograim. Ach ar nós chuile rud eile ar an saol seo faoi láthair, tá sé sin ar fad ag brath ar an tsláinte. Má fhanaim ró-fhada thart, d'fhéadfadh sé gurb é a bheadh mar epitaif orm: "Ní féidir fáil réidh leis an diabhal."

**Cló Iar-Chonnacht**
An Cheardlann, An Spidéal
Teil: 091-593307 eolas@cic.ie www.cic.ie






**Liam Ó Flaithearta: Rogha Scéalta**
*Micheál Ó Conghaile a d'aistrigh ón mBéarla*

Tá Gaeilge curtha go paiteanta ag Micheál Ó Conghaile ar a rogha féin de scoth na ngearrscéalta, trí cinn agus tríocha, mar a gcíortar téamaí éagsúla agus an spéis thar na bearta sa dúlra agus sa nádúr.

**Gaillimh Díolaim Cathrach**
*Brian Ó Conchubhair a roghnaigh*

Sa díolaim seo gheofar léargas ar chathair na Gaillimhe i litríocht chruthaitheach na Gaeilge, i bprós agus i bhfilíocht ó scríbhneoirí aitheanta na Gaeilge.




**Siamsa an Gheimhridh**
*Peadar Ó Ceannabháin a chóirigh*

Athchló ar cheann de na chéad chnuasaigh bhéaloidis a foilsíodh sa Ghaeilge. Scéalta. Amhráin. Tomhaiseanna. Seanchas.

Buail isteach chugainn sa siopa sa Cheardlann, An Spidéal. Siopa oscailte ó Luan go hAoine.

**www.cic.ie**

arramara teo
Ireland's Premier Seaweed Processors

# Arramara Teoranta

## Tiomnaithe níos mó ná ariamh do bheith páirteach i bpobal Iorras Aithnigh agus Iarthair na hÉireann.



## Ag cothú Tionscail na Feamainne sna blianta romhainn ar mhaithe le:

- Slí bheatha lucht bainte na feamainne a chinntiú.
- Cur le fostaíocht sna ceantair cois cósta.
- An timpeallacht a choinneáil slán.
- Cur le gnónna áitiúil.
- Forbairt a dhéanamh ar Nuatheicneolaíochtaí Éireannacha.
- Bheith dílis do oidhreacht ceantair farraige an Iarthair.

# AN CEANTAR SEO 50 BLIAIN Ó SHIN – 1970

*- le Seosamh Ó Cuaig*

**Ag éisteacht leis an raidió i Maínis.**
Bhí Deasún Fennell ina léirmheastóir raidió ag an Irish Press ag an am. Scríobh sé an méid seo faoi Shaor-Raidió Chonamara a chuaigh ar an aer i Ros Muc:

*"Reception improved here in Maoinis at all events. Transmission has been more or less from 1-3 p.m. and from 6-8 p.m. each day. Traditional Irish music, some poems, some local advertisements, and regular news bulletins have made up the basic fare. Towards the middle of the week there was some general comment.*

*From the start, the standard of presentation has been very good indeed. The patter of the disc jockeys (all local voices, one female, the others male) is relaxed and buoyant. The news-reading is done with aplomb and authority by a certain Piaras.*

(Piaras Ó Gaora a bhí i gceist aige ar ndóigh. Tá alt faoin Saor-Raidió ar leathanach eile den iris seo).

**Óstán Charna.**
D'oscail an Teacha Dála Johnny Geoghegan Óstán Charna go hoifigiúil. Ba le triúr an t-óstán, Páraic Ó Cosgordha (49), Jackie Dowd (31) agus Mícheál Mac Oireachtaigh (26). Ceapadh Páraic Mac Oireachtaigh ina bhainisteoir. Dúradh go raibh neart bia farraige agus cladaigh ar an mbiachlár. Bhí naonúr a raibh Gaeilge agus Béarla acu fostaithe ann. Rinne Cóilín Mhairtín Sheáinín Ó Cualáin dán in ómós na hócáide. Seo mar a dúirt sé:

"Muise Pháraic breith an bhua dhuit,
Nuair a tháinig mé i do lóistín,
Is tú an fear nach raibh go gruama,
Agus chraith tú féin liom lámh."

**Cúrsaí peile.**
Bhuail Carna Leitir Móir i Sraithchomórtas Sóisear Bhord an Iarthair. I gCarna a himríodh an cluiche.

Bhuail Carna foireann an Athar Uí Ghríofa.



**An Rúnaí Páirliminte, Johnny Geoghegan, T.D. a rinne an oscailt oifigiúil ar Óstán Chuan Charna i 1970.**
*Chun tosaigh, ó chlé:* Jackie Dowd, Micheál Mac Oireachtaigh, Johnny Geoghegan agus an t-ailtire, an tUasal Bowman.
*Líne chúil, ó chlé:* Micheál Kitt, T.D. agus Aire Gaeltachta, Pádraigh Mac Oireachtaigh agus Pádraig Ó Cosgordha.

D’iarr Carna ag Comhdháil Chontae na Gaillimhe de Chumann Lúthchleas Gael go réiteofaí páirc lárnach imeartha i ndeisceart Chonamara. Dúirt Páraic Ó Cosgordha go raibh sé deacair airgead a bhailiú ag geataí na bpáirceanna peile i gConamara. Dúirt Seán Ó Ceoinín go raibh freastal maith á dhéanamh ar pháirceanna Uachtar Ard agus na Fáirche ar thuaisceart Chonamara ach go dteastódh páirc go géar idir Camas agus Ros a’Mhíl.

Ag cruinniú de chumann peile Chloch na Rón dúradh go raibh peileadóirí an Chaisil le dhul isteach le Carna agus go raibh na peileadóirí as an Sraith Salach le dhul le Rinn Mhaoile. Ní bheadh foireann peile ar bith ag Cloch na Rón feasta. Imirce a chriog iad, a dúradh.

Bhuail Rinn Mhaoile Carna i gcluiche nach bhfuair Carna ach cúilín amháin ann. Páraic Ó Coirbín a scóráil an cúilín sin as cic saor.

Bhuail Carna an Cheathrú Rua.

Fuair Gaeltacht Chonamara an ceann ab fhearr ar Ghaeltacht na Mumhan i gComórtas Peile na Gaeltachta i nGaoth Dobhair. Ba é Páraic Ó Coirbín a bhí ina chaiptín ar an bhfoireann. D’imir na daoine seo as foireann Charna freisin: Seosamh Ó Loideáin, Seán Ó Maoilchiaráin agus Seosamh Ó Catháin.

**<u>Scliúchas i Halla Chill Chiaráin.</u>**

Tugadh daoine os comhair na cúirte faoi scliúchas a tharla ag Halla Chill Chiaráin an Nollaig roimhe sin. Dúnadh an halla ar fad ar feadh tamaill.

**<u>An Bád “Kate”.</u>**

Stopadh Michael Keogh as Uachtar Ard ó lasta suiminte a thabhairt i dtír i gcéibh Chill Chiaráin. Bhí stailc náisiúnta suiminte ar bun ag an am. B’éigean don bhád “Kate” seoladh síos an cuan cúpla lá ina dhiaidh sin agus an suimint fós inti.
Céibh Ghlinsce.

Ceadaíodh beagán airgid le caoi a chur ar chéibh Ghlinsce.

**<u>Oistrí agus Muiríní.</u>**


Bhí oistrí as paróiste Charna ar an mbiachlár in Óstán John Devoy i gContae Chill Dara. Ba le Gael Linn an tÓstán sin agus ba leo na hoistrí freisin. Bhí sliogáin oistrí á gcur as Carna go Droichead an Chláirín. Cuireadh muiríní agus sliogáin muiríní go Meiriceá. Comhlacht darbh ainm Shellfish Industries Ltd. a chuir anonn iad.

**<u>An Ghairmscoil.</u>**

Bhí seomraí réamhdhéanta le cur ar fáil ag an nGairmscoil. Bhí trealamh eolaíochta ag teastáil ansin freisin. Ba é Mícheál Ó Conaill a bhí ina Ardmháistir. Cuireadh siar comhráití faoi leathnú a chur ar an nGairmscoil de bharr go raibh polasaí náisiúnta faoi phobalscoileanna á réiteach ag an am.

**<u>Sa Teach Bán i 1970.</u>**

Ag meabhrú cúrsaí an tsaoil dúinn féin i 1970. An tUachtarán Richard Nixon agus Elvis Presley sa Teach Bán.



**Elvis agus Nixon - 1970**

**<u>Cead Pleanála</u>**

Seo cuid de na daoine a d’iarr cead pleanála an bhliain sin:

Roibeárd Ó hÉilí le teach a dhéanamh.
Proinsias Mac an Rí, an Aird Thoir, le teach a dhéanamh.
Máire De Brún, Maínis, le teach a dhéanamh.
Mícheál Ó Maidín, Cill Chiaráin, le teach a dhéanamh.
Máire Bn. Uí Mhaidín, An Roisín, Cill Chiaráin, le teach a dhéanamh.
Sean Ó Dubhda, le teach a dhéanamh.
Seosamh Mac Donncha, Maínis, le teach a dhéanamh.
Seosamh Ó Ceannabháin, An Bhántrach Ard, le teach a dhéanamh.

Páraic Bairéad, Máinis, le teach a dhéanamh.
D'iarr Nóra Bn. Uí Locha cead le trí sheomra breise agus seomra folctha a chur le teach ar An Aird Mhóir.
D'iarr Nóra Bn. Uí Chon Iomaire le ocht seomra breise a chur le teach i gCoill Sáile.
D' iarr Mícheál Ó Maoilchiaráin, Maínis, cead le teach a dhéanamh.
D'iarr Sorcha Bean Uí Chathasaigh cead le chalet saoire a thógáil i Maínis.
D'iarr Coláiste Ollscoile na Gaillimhe cead leis an Ionad Taighde Sliogéisc a thógáil sa gCrompán.

**Tithe Comhairle Contae.**
Bhí tithe aonair Chomhairle Contae le tógáil i gCill Chiaráin agus i gCarna.

**Faoi láimh easpaig.**
Cuireadh gasúir faoi láimh easpaig i gCill Chiaráin agus i gCarna.

**Príomhoide ag teastáil.**
Bhí Príomhoide ag teastáil i Scoil na hAirde Móire. Bhí ceol riachtanach.

**Pósadh.**
Phós Risteárd Ó hEidhin as Cill Chiaráin agus Bríd Ní Churraoin, Saile Chuana, Cois Fharraige.

**Ceannas na tíre i 1970.**
Ba é Jack Lynch an Taoiseach i 1979. Saol corrach a bhí ann idir chúrsaí polaitíochta agus cúrsaí Thuaisceart Éireann.


Jack Lynch

**Duaiseanna.**
Bhuaigh Mícheál Ó Cuirrín agus P.J. Ó hIarnáin duaiseanna ag Fleadh Cheoil i mBiorra i gCo. Uíbh Fhailí. Bhuaigh Páraic Ó Ceannabháin as an Aird Mhóir an dara duais ar an bhfliúit ceolchoirme ag Fleadh Cheoil Chonnacht. Fuair Páraic an chéad áit ar na píobaí uileann. Fuair Peadar Ó hAllúráin an dara háit ar amhránaíocht. Séamas Duffy as Achadh Mór, Maigh Eo, a fuair an chéad áit. Seosamh Mac Donncha a bhí sa tríú háit. Fuair Mícheál Ó Cuirrín duaiseanna ag Fleadh Cheoil i gCluain Cearbán i gCo. Mhaigh Eo ar son amhrán a chasadh agus amhrán a chumadh. Bhuaigh Marcas Ó Ceannabháin, a raibh cónaí air i Londain, duais ag an bhFleadh Cheoil i Lios Tuathail. Ba é Mícheál Ó Cuirrín a tháinig sa tríú háit. Fuair Seosamh Mac Donncha an chéad áit ar amhránaíocht ag Fleadh Cheoil in Áth Cinn.

**Polaiteoir eile.**
Rinneadh bronnadh ar an bpolaiteoir John Mannion sa gClochán. Bhí 25 bliain caite aige sa bpolaitíocht. Ba é a tháinig i gcomharbacht ina Theachta Dála ar Josie Mongan nuair a cailleadh Josie sa mbliain 1951.

**Filíocht.**
Scríobh Patrick Kelly as an gCaiseal, the Bard of Connemara, an véarsa seo:

*"I wonder if the thrushes sing*
*In Drinagh as of yore*
*And if at night the curlews call on Carna's lonely shore."*

**Sagairt.**
Aistríodh an tAthair Seámas Breathnach as Carna go Leic Ainimhe agus cuireadh an tAthair Seosamh Ó Briain as Cathair Loistreáin go Carna.

**Máire Geoghegan Quinn.**
Dúirt Maire Geoghegan Quinn an chaint seo ag Ardfheis Fhianna Fáil:

*"If as appeared to be the case, we were depending on imported television programmes, the obvious thing would be to put the BBC bag and baggage into Montrose.*

*At the moment, all RTE were transmitting was English and pop. The children of Ireland were inclined to take their standards from the television screen and these were not Irish standards", she added. The drug pusher shown on RTE was not a true Gael nor was the man who appeared*

*shouting his imitation of Elvis Presley, the Rolling Stones and the Beatles. We want our civil rights, the right to let our civilisation live."*

**Bhásaigh na daoine seo a leanas:**
Páraic de Búrca.
Bhásaigh Séan De Búrca as Dumhaigh Ithir i Hereford i Sasana. Mac le Páraic agus le Áine de Búrca a bhí ann.
Cailleadh sagart paróiste an Chnoic, Indreabhán, An tAthair Austin Burns. Chaith sé seal ina shéiplíneach i gCarna.
Bhásaigh Maitias Ó Conghaile, Leitir Ard.
Cailleadh Mary Prendergast i Maíros. Mary Mulkeen a bhí uirthi roimh phósadh di. B'as Béal Átha hAmhnais i gCo. Mhaigh Eo í. Iarmhúinteoir scoile a bhí inti. I mBéal Átha hAmhnais a cuireadh í. D'fhág sí a fear, seisear mac agus ceathrar iníon ina diaidh.
Bhásaigh Kate bean Joe Uí Chonghaile,Roisín na Mainiach.
Bhásaigh Páraic Ó Cualáin as Máinis i dtimpiste i Sasana.
Bhásaigh Nan Bhreathnach, bean Aindriú Breathnach, Roisín na Mainiach.

**Seán Forde.**
Bhásaigh Seán Mac Giollarnáth, Seán Forde mar a thugtaí air go coitianta. 90 bliain d'aois a bhí sé. Chaith sé blianta ina bhreitheamh i gcúirt Charna. Le linn an ama sin bhailigh sé an t-uafás béalóidis ó chainteoirí cumasacha an pharóiste -Seán Ó Briain, Mícheál Mac Donncha, Tomás Mac an Iomaire, Seán Mac an Rí, agus daoine eile nach iad. Bhunaigh sé dhá leabhar ar an méid a bhailigh sé, "Annála Beaga ó Iorras Aithneach" agus "Loinnir Mac Leabhar."

**Tragóid**.
Tharla timpiste uafásach nuair a báitheadh páiste le Seosamh Mac an Rí agus lena bhean, Máirín. I loch a chuaigh sí. Abhus ar saoire as Bleá Cliath a bhí siad. Bhíodh Seosamh ag múineadh i scoil Chill Chiaráin agus a bhean i scoil Mhaírois sular fhág siad Iorras Aithneach.

**Seimineár.**
Bhí seimineár i gCaisleán an Bharraigh faoi chúrsaí comharchumainn. Bhí ceangal déanta ag Comharchumann Iascairí Chonamara le comharchumainn eile ar an gcósta thiar.

**Carna chun cinn.**
I gCarna is mó a tugadh iasc sliogánach i dtír an bhliain sin ó d'fhág tú Gaillimh go ndeachaigh tú go Sligeach. Seo mar a bhí an t-airgead a saothraíodh:

Carna: £58, 389
An Cloigeann: 38,561
An Fód Dubh: 21,532
Gaillimh: 12,409
Acaill: 8,937
Sligeach: 1,360

**Iarrthoir toghchánaíochta i Meiriceá.**
Bhí Páraic Ó Loideáin as Roisín na Mainiach ina iarrthóir ar son na nDaonlathach i dtoghchán Chomhairle Cathrach Bhoston. Thug sé iarraidh mhór faoi. Bhí Pádraig ar dhuine de bhunaiteoirí an Chumainn Peile, na "Connemara Gaels" i mBoston deich mbliana roimhe sin.

**Bonn Óir.**
Ba í Máire Geoghegan Quinn a bhuaigh an bonn óir i gColáiste Traenála Carysfort.

**Bus as Carna.**
D'fhág bus as Carna le daoine a thabhairt go Cruach Pháraic.

**An Comhairleoir Contae Mícheál Mac Oireachtaigh.**
D'iarr Mícheál Mac Oireachtaigh ag cruinniú den Chomhairle Contae go gcuirfí líne gheal ar an mbóthar ar na droch-choirnéil isteach go Cill Chiaráin agus go Carna . D'iarr sé freisin go gcuirfí líne leanúnach ón gClochar siar trí bhaile Charna.

**Comhaltas Ceoltóirí Éireann.**
Bhí craobhacha de Chomhaltas Ceoltóirí Éireann i gCarna, i Ros Muc agus ar an gCeathrú Rua.

**Máirtín Ó Cualáin.**
Fuair Máirtín Ó Cualáin duais as a bheith ar an ábhar leictreora ab fhearr nuair a bhí a chúrsa traenála istigh aige.

**Post dochtúra.**
Fógraíodh post dochtúra le haghaidh Charna. Dúradh nach bhféadfadh an dóchtúir a bheith os cionn 50 bliain d'aois agus go dteastódh Gaeilge.

**Capaillín.**
Bhuaigh ceann de chapaillíní Chonamara, Atlantic Mist, duais. Ag fear darbh ainm T.R. Munnelly a raibh feilm aige in aice leis an Uaimh a bhí sí. Ag Máirtín Ó Maoilchiaráin a bhí sí ina searrach.

**Litir ó Dheasún Fennell.**
I litir a bhí ag Deasún Fennell san Irish Press dúirt sé an méid seo: "Chuir mé fúm i Maínis toisc gur mhaith liom cónaí anseo agus toisc gur bhraith mé gurbh áit an-spéisiúil é a mbeadh rudaí spéisiúla ag tarlú ann. I bhfocail eile, chuir mé fúm anseo ar mhaithe liom féin.

**Johnny Joe Pheaitsín.**
Chas Johnny Joe Pheaitsín amhráin ag ceolchoirm i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Bhí Nioclás Tóibín, Tony McMahon agus Tommy Peoples páirteach freisin. Chas Johnny amhráin i gceolchoirm a bhí i gCorcaigh i gcuimhne ar Thomás Mac Curtáin agus ar Thraolach Mac Suibhne. Bhí cara mór Sheáin, Denis Murphy, ar dhuine de na ceoltóirí. Chas na Ceannabháin as an Aird Mhóir i gceolchoirm a bhí ag an Galwaymen's Association sa nGresham i mBaile Átha Cliath. Bhí Máirtín Beag Ó Gríofa ann ag damhsa. Chuir Cabaret Charna leathuair siamsaíochta ar fáil ag Comhdháil Chumann Lúthchleas Gael in Óstán an Iarnróid i nGaillimh.

**Agallamh beirte.**
Fuair Cóilín Ó Cualáin agus Peadar Ó Maoilchiaráin an chéad duais ar agallamh beirte ag Oireachtas na Gaeilge. "Cleamhnas an Bangharda" an teideal a bhí ar an agallamh beirte. Fuair Cóilín Ó Cualáin an dara háit ar scéalaíocht ag an Oireachtas sin freisin. Tom Pheaidí Ó Fátharta as Cois Fharraige a bhí sa gcéad áit. Fuair Cóilín Ó Cualáin an chéad áit ar scéalaíocht ag Feis Lurgan i gCois Fharraige.

**Postanna Rialtais.**
Tugadh an post mar Aire Rialtais Áitiúil do Roibeárd Ó Maoildhia. Bhí Johnny Geoghegan ina Rúnaí Parlaiminte don Aire Leasa Shóisialaigh ón mbliain roimhe sin. Dúirt an tráchtaire polaitíochta John Healy i gceann de na nuachtáin náisiúnta gur cheart don bheirt acu a bheith buíoch de Ghluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta; gur imní faoin nGluaiseacht a spreag an rialtas leis na postanna móra a thabhairt dóibh.

**Gealltanas pósta.**
Fógraíodh go raibh gealltanas pósta idir Áine Ní Laoi as Cill Chiaráin agus Winfried Hench as an nGearmáin Thiar.

**An Ceannfort Máirtín Ó Flatharta.**
D'fill an Ceannfort Máirtín Ó Flatharta as an Aird Mhóir ar Ros Comáin tar éis dó trí mhí a bheith caite aige in Ionad Traenála na nGardaí sa Teampall Mór mar ar fhreastal sé ar chúrsa do dhaoine a d'fhéadfadh a bheith feilteach le bheith ina gCigirí.

**Caoirigh.**
Thug aonad tumtha caorach le Comhairle Contae na Gaillimhe cuairt ar an bparóiste. Stop siad i nDoire Iorrais, i Loch Con Aortha, i gCill Chiaráin, ar an Aird Mhóir, i gCaladh Fhínse, i gCarna agus i nGabhla.

**Ceadúnas.**
D'iarr Nóra Mylotte ceadúnas le beoir, fíon, fuisce, saghdar, srl a dhíol. In ainm Mhonica Mongan a bhí an ceadúnas roimhe sin.

**Cead Iascaireachta.**
Toghadh Éamon Ó Conghaile ar lárchoiste Chumann Athghabhála na nUiscí Náisiúnta. Cearta iascaireachta ar na lochanna agus ar na haibhneacha a bhaint amach do mhuintir na hÉireann a bhí mar aidhm ag an eagraíocht sin.

**An Zetland.**
Bhí an t-óstán an Zetland ar an gCaiseal le díol. Dúradh go raibh teach tábhairne agus siopa grósaera ann. Gealladh neart iascaireachta agus dúradh go raibh cearta foghlaeireachta ag an óstán ar 10,000 acra.

**Tithe saoire.**
Bhí teach saoire le ligean i gCarna ag Cóilín Ó Cuirrín a bhí ina chónaí ar an Líonán. Bhí Brú na Mara le ligean sa Más. Bhí Bairbre Bean Uí Cheannabháin ag tairiscint lóistín i dTeach Cois Abhann i gCill Chiaráin. Chuirfeadh sí leaba agus bricfeasta agus béile tráthóna ar fáil. Bheadh bád ar fáil le daoine a thabhairt ar thurais go hÁrainn. Bhí lóistín ar fáil Tigh Thomáis Mhic Dhonncha i gCill Chiaráin.

**Litir ó Mhícheál Ó Móráin.**
Seo litir a scríobh Mícheál Ó Móráin chuig an Irish

Press nuair a gealladh raidió oifigiúil Gaeltachta:

*"If someone had to say it did it have to be one who broke bread with heroes and now would renege on those who gave their lives? How sad it was to hear the veterans of the Rising equate Raidió na Gaeltachta with just the entertainment of a few hundred human debris of a dying civilisation living on rock patches.*

*I have no wish to get involved with misspent money in education or compulsory Irish etc. It is so easy to be wise after the deed and there are so many deeds that one can be wise after. That the Gaeltacht played no part in the fight for our present freedom is not true. Did Pearse not come to Ros Muc to regain his inspiration? Did Casement not come to Tamhain?*

*Why refer to others? Was not a much bigger part of Ireland a fíorGhaeltacht then? Does Mr. Mac Cába ask us now to turn our back on all this and thank the English language for our freedom? What did Pearse die for but a free and Gaeilc Ireland?*

*You say that the money should be spent on making other western counties viable in the E.E.C., but not spent on the one thing that is ours and ours alone, our soul, our language. The teanga you disparage so much was what Pearse and others saw, and what we see as the soul of Ireland. Judas begrudged the anointing of Our Lord and was refuted, and we may not have the soul of Ireland in our hands much longer. Please do not begrudge what may be the last chance to fulfil the hope of Pearse.*

*We see Raidió na Gaeltachta as the voice of the soul of Ireland, equal to Radio de Gaulle in exile or Radio Free Europe today. We would hope to convert the ignorant because there is nothing that has less value than that which we do not understand and indeed there is nothing that we fear more. You refer to the hovels in the rock patches and the hope that a revival would come from there. I disagree with you that there are that many hovels. In fact, I think there is much more in the rock bound ghetto than you will ever find in the soulless boxes you know so well.*

*That Raidió na Gaeltachta would maintain our own native culture would be worth so much more than the Go-Go girls, Like Now, Pop Around the Clock and all the other culture we get from our present system. Why in your concern for the broadening of our education and in preparing us for education and the E.E.C. did you not suggest that we have our own satellite over the Irish Sea to Bring us B.B.C. from A to Z, U.T.V., I.T.V, Harlech and all those beautiful excerpts in full colour from Oh Calcutta and Hair and all that goes with it?*

*Then we in the west would be just as well off as the TV spongers on the east coast who get free Frost and Andrews in aisce.*

*Signed: Mícheál Ó Móráin, Carna."*

• Freagra a bhí sa litir seo ar Alasdair Mac Cába a chuir in aghaidh Raidió na Gaeltachta. B'as Sligeach Alasdair Mac Cába. Bhí sé páirteach in Éirí Amach 1916. Toghadh ina Theachta Dála do Shinn Féin é agus ina dhiaidh sin do Chumann na nGaedheal. Ball dílis de na Léinte Gorma a bhí ann. Fear gnó a bhí ann freisin; bhí sé ar dhuine acu siúd a bhunaigh an Educational Building Society.

**Pádraig Ó Céidigh.**

Bhí pleananna móra ag an Ollamh Pádraig Ó Céidigh i gcomhair an Ionaid Taighde Sligéisc sa gCrompán. Bhí sé an-bhródúil as an mbád taighde a bhí fáighte ag Ollscoil na Gaillimhe. Ba é Colm Ó Loideáin, mac Sheáin Tommy, a bhí ina chaiptín uirthi.

**Litir eile ó Mhícheál Ó Móráin.**

Chuir Mícheál Ó Móráin an litir seo chuig an Irish Press freisin.

*"We take little or no notice when we are told that Dublin is Ireland, but please, Mr Maguire, there is much more to the Connemara Gaeltacht than the area you covered in your safari.*
*If you can see through the civil rights curtain at any time we will be very glad to help you see Ros Muc, Cill Chiaráin, Carna, Moyrus agus a lán áiteacha eile.*
*Mícheál Ó Móráin."*

• Freagra a bhí anseo ar shraith altanna a scríobh Des Maguire faoi Chonamara. Ní bhíodh Mícheál ná Ghluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta ar an bhfocal agus ar an intinn chéanna scaittí ach sin cuid de nádúr imeachtaí pobail agus an tsaoil phoiblí.

**Máire Fennell.**

Má rinne Deasún Fennell neart scríbhneoireachta i Maínis an bhliain sin, bhíodh a bhean Máire í féin ag scríobh litreacha go dtí na nuachtáin. Scríobh sí

litir amháin ag casaoid faoin drochsheirbhís teilefóin a bhí sa gceantar. I litir eile, thug sí breithiúnas géar ar chlár teilifíse a thug le tuiscint nach slí mhaith mhaireachtála a bheadh san iascaireacht do dhaoine óga.

**Airgeadra deachúil (Decimal currency).**

Le daoine a chur ar an eolas faoin athrú ar an airgead, eagraíodh cruinniú poiblí i gCarna agus in ionaid eile ar fud na tíre.

**Máire T.**

Bhí Máire T. Ní Chatháin ag foghlaim Eacnamaíocht Bhaile i Sion Hill.

**Rásaí curach.**

Bhí rásaí curach i gCill Chiaráin an bhliain sin. Sa tríú háit a tháinig foireann Arramara sa rás curachaí canbháis (sinsir). B'iad an triúr a bhí inti: Páraic Mac Donncha (caiptín), Seán Ó Ceannabháin agus Morgan Ó Maoilchiaráin. Ag foireann Inis Mhic Cionnaith, faoi cheannas Réamainn Mhic Dhonncha, a bhí an bua. Foireann as Inis Mhic Cionnaith freisin a bhí sa dara háit: Míchéal Mac Donncha, Colm Mac Donncha agus Peadar Mac Donncha.

Roisín na Mainiach a tháinig sa dara háit i ngeall na sóisear: Colm Ó hIarnáin, Séan De Búrca agus Dónall Ó Flatharta.

Sa tríú háit bhí Cill Chiaráin: Mícheál Breatnach, Tomás Seoighe agus Marcas Ó Maoilchiaráin.

Cuireadh an-fháilte an lá sin roimh Bhád Tarrthála Árann. Tugadh daoine ar thurais síos agus aníos an cuan inti.

**Rásaí na hAirde Móire.**

Bhí rásaí curach ar an Aird Mhóir an bhliain chéanna

Caladh Fhínse a bhuaigh rás na gcurachaí adhmaid sé bhuille: Morgan Ó Maoilchiaráin, Colm Ó hIarnáin agus Marcas Ó Maoilchiaráin.

Carna a bhí sa dara háit: Seán Ó Ceannabháin, Páraic Ó Ceannabháin agus Maitias Ó Cathasaigh.

An Aird Mhóir a bhí sa tríú hait: Páraic Breathnach, Festus Mac Giolla Phádraig agus Páraic Ó Cualáin.

**Rás curachaí adhmaid cheithre bhuille:**

1. Caladh Fhínse; Morgan Ó Maoilchiaráin agus Colm Ó hIarnáin.
2. Marcas Ó Cathasaigh agus Páraic Ó Loideáin.

**Rás Bóthair (faoi 14)**

1. Ciarán Ó Maoláin, An Aird Mhóir.
2. Feichín Ó Flatharta, An Aird Mhóir.
3. Colm Ó Guairim, Roisin na Mainiach.

**Rás bóthair, faoi 18:**

1. Val Ó Gaora, Leitir Deiscirt.
2. Mícheál Ó Maoláin, an Aird Mhóir.
3. Páraic Mac an Iomaire, an Aird Mhóir.




**TICÉAD 'SWEEPSTAKE' -**

Theastaigh airgead i gcónaí leis an gcóras polaitíochta a choinneáil ag imeacht. Seo cóip de thicéad a bhí ar díol ag Cumann Shinn Féin i gCloch na Rón 100 bliain ó shin.

Ba í an duais ná go mbéifea istigh ar chrannchúr a bhain leis an "Galway Plate" i rásaí na Gaillimhe ar an 5ú Lúnasa, 1920.

# Muintir an Oileáin Máisean



*Líne chúil, ó chlé:* **Tomás Ó Cuirrín** agus a mhac **Seán beag, MacDara Ó Cuirrín. Micheál Ó Cuirrín, Peggy Doonan Curran** (beancéile Sheáin Curran), **Tessie Keane** as an Líonán – bean MhacDara - agus John Curran.
C*hun tosaigh:* **Raymond G. Curran** agus **Maura Curran,** iníon le John Curran.
Bhí Peggy agus John agus a gclann ar cuart abhaile go Carna as Chicago i 1985.



*Ó chlé:* **Nóra Naughton, Barbara Curran-Collins, Andrew Collins, Martin Curran** agus **Miko Curran**.
Tógadh an pictiúr i South Boston, Massachusetts.
Rugadh Barbara Curran agus a deartháir, Máirtín, ar an Oileán Máisean.

# Cualáin agus Cuirrínigh



Tá tuilleadh againn faoi Pheige Chóilín (Ní Chualáin) sa leabhar seo.
Anseo tá Peige in éineacht lena hathair, Cóilín Sheáin Dhúdara agus a bhean Mary - (Mary Mhollaí).



**Bainis Sheán Curran agus Mamie Neachtain ar an 6-2-1971**
*Ó chlé:* Nan Uí Chuirrín (Nan Joeen), Marie Connolly (Cuirríneach eile) agus a h'iníon Nóirín, Seán Ó Cuirrín (Seán Johnny Stiofáin) agus an bhrídeog Mamie Ní Neachtain (Pheadar Eóin) agus a deirfiúr bheag san am sin Catherine Pheadar Eóin; Maggie Eóin (Uí Labhra) agus Mary Madden as Coill Sáile.

# Tí Mhíc Dhonnchadha
## – an ceathrú glúin i bhfeighil an tSiopa i gCill Chiaráin.

*- le Colm Ó Neasa*

Tá siopa Mhic Dhonnchadha i gCill Chiaráin faoi cheannas an cheathrú glúin anois. Is í Anna atá i bhfeighil an tsiopa. Iníon í le Richard, Tom, Mháirtín, Phat, Dick Thaidhg Mac Donnchadha agus le hÁine, Chóilín, Mhaitiais, Sheáin, Mhaitiais, Mhicil Ó Cathasaigh, as an Oileán Máisean. As An Léim in Uachtar Ard a tháinig Tadhg go Cill Chiaráin le linn lár na 1800í de réir cosúlachta. Níl a fhios go cinnte ar tháinig sé ar an an mbaile roimh an nGorta Mhór, lena linn nó ina dhiaidh. Ba sa teach trasna ón siopa a bhí sé féin agus a chlann ina gcónaí , an áit a bhfuil Margaret Nic Dhonnchadha anois. Phós sé Flathartach as Leitir Mealláin ach is suimiúil gur in Uachtar Ard atá sé i gcré na cille.

Ba é Máirtín Mac Donnchadha, seanathair Richard. Phós seisean bean as Caladh Fhínse, Áine Ní Mhaoilchiaráin. Bhí mianach an tsiopadóra inti siúd go láidir mar go raibh siopa ag a muintir. B'iad an bheirt úd a d'oscail an siopa i gCill Chiarain an chéad uair, sna 1920í. Lig siad an siopa amach ar cíos ar feadh cúpla bliain le bean darbh ainm Miss McEvoy .

San arm a chaith athair Richard – bh'shin é Tom McDonagh, mar a bhí aithne air - blianta a óige agus d'éirigh leis a bheith ina oifigeach ann. Tar éis dó a thréimhse a chríochnú san arm fuair sé post mar oifigeach leasa pobail. Bhí air taisteal go dtí go leor ceantar agus é i mbun a chuid oibre. Ba mhaith a chuaigh sé sin dó mar gur casadh bean áirithe air thiar i gCloch na Rón. Is ansin a casadh Úna air, cuid de chlainne Uí Dhúbhda. Tá a muintir fós i mbun gnó ar an mbaile céanna mar bhialann iomráiteach sliogéisc. Buíochas le Dia tá Úna fós ina beatha go sláintiúil sa teach baile le taobh an tsiopa, í neadaithe ansin agus a clann mhac agus iníon ag coinneáil súil ghéar ar a máthair dhílis. Cheannaigh athair Úna, Richard, an teach a bhfuil bialann Uí Dhúbhda anois ann i gCloch na Rón ó fhear den sloinne Breathnach. Phós Richard Dowd bean as Fear Manach, Margaret Cosgrove, a bhí i gCloch na Rón ina múinteoir lásadóireachta..



**An fonadóir Elenor McEvoy –**
duine de shliocht na McEvoy's a bhí i mbun gnó i Siopa Mhic Dhonnchadha i gCill Chiaráin thart ar 100 bliain ó shin.

De bharr go raibh gnó an tsiopa i gCill Chiaráin, bhog Úna aniar chun cúnamh a thabhairt dá fear céile chun an siopa a rith. B'ise a chur borradh faoin ngnó agus a chuir gaoth sna seolta. Is cuimhin le Richard na blianta luatha sin agus é ag tabhairt lámh chúnta sa siopa. Bhí clann mhór ar Úna agus ar Tom, bail ó Dhia orthu, agus bhí neart cúnaimh timpeall na háite i gcónaí. Ola mhór le haghaidh lampaí a lasadh, plúr, tae, siúcra, bróga, stocaí agus ábhar talún ba mhó a bhíodh ar díol an t-am sin sa siopa.


Le himeacht ama agus leis an suim a bhí ag Richard sa siopa, thosaigh sé ag tógáil ceannasaíochta ar an ngnó. D'fhoghlaim sé ceird an bhúistéara ach níor fhreastal sé ar aon scoil chun a chuid oiliúna a fháil. Ba é Johnny Beag Breathnach as an nGleann Mór a thug an cheird sin dó. Thaispeáin sé dó go paiteanta an bealach chun caora a mharú agus a ullmhú le díol sa siopa. Chuir seirbhís an bhúistéara go mór leis an siopa mar go raibh fáil ag muintir an bhaile agus na mbailte beaga mórthimpeall ar fheoil úr réitithe ar leic an dorais. Bhíodh dhá chaora dhéag á marú ag Richard ag an am ba thréine a bhí cúrsaí feola sa siopa.



**Mary McEvoy and nephew Vincent McEvoy, pictured outside their shop in Cill Chiaráin (now McDonagh's)**

**Mary McEvoy is a sister of Tom McEvoy, who married Mary Anne Cooke**

**Bhíodar i bhfeighil Tí Mhic Dhonnchadha ar feadh cupla bliain sna 1920idí.**




**Cúlra Eleanor McEvoy**

Cuimhneoidh muintir na hÉireann agus na Gaeil thar sáile choíche ar óráid Sheosaimh Uí Chonaola nuair a thug iománaithe na Gaillimhe Craobh na hÉireann leo i 1980. An 7ú lá de Mheán Fómhair a bhí ann.. Bhí gliondar ar chách ag éisteacht leis ag tabhairt na hóráide ar sheastán Uí Ógáin agus Páirc an Chrócaigh ag dul thar maoil. B'údar bróid do mhuintir Iorras Aithnigh gur chas fear de bhunadh na háite, Seosamh Mac Donncha, 'The West's Awake,' i ndiaidh na hóráide. Beidh cuimhne eile ag clann Mhic Dhonnchadha Chill Chiaráin ar an lá stairiúil sin, cuimhne bhrónach. Ba é sin an lá ar éag Tom Mac Donnchadha, seanathair Anna, agus gan é ach bliain le cois na trí scóir. Bhí meall ar a inchinn. Ní raibh cúrsaí leighis chomh maith an uair sin is atá inniu agus faraor níor éirigh leis teacht tríd.

Lean an chlann ar aghaidh go misniúil agus Richard i gceannas ar chúrsaí an tsiopa faoin am seo. Is mar sin a lean sé go dtí 2015 nuair a thóg a iníon is óige Anna cúramaí an tsiopa uirthi féin. Lá mór di a bhí ann gan dabht, í ag tógáil ualach na hoibre uirthi féin ag aois óg. Ach ghlac sí leis go muiníneach agus le mórtas agus tá ag éirí go geal léi. Is fiú a lua nach raibh Richard leis féin ar feadh na mblianta sin uilig. Deirtear gur minic go mbíonn bean mhaith láidir taobh thiar de chuile fhear maith, agus is cinnte gur fíor sin i gcás Richard. Phós sé bean Mhaínse i 1981, Áine, nó Nancy mar a thugann a muintir uirthi. Thug sise tacaíocht gan teorainn dó agus é ag stiúradh ghnó an tsiopa, agus tá sí ann fós bail ó Dhia uirthi.

Tá siopa Mhic Dhonnchadha istigh anois leis an ngrúpa siopadóirí Gala agus tá ag éirí go maith leo ag freastal ar mhuintir na háite. Chuir Anna agus a foireann tacaíocht iontach ar fáil don phobal nuair a bhuail an fiabhras muid i mí an Mhárta 2020. Thug sí earraí a theastaigh ó dhaoine chucu sa gcarr aon uair den lá. Ar ndóigh rinne siopaí eile an cheantair a mhacasamhail freisin agus ta moladh mór agus creidiúint ag dul dóibh ar fad. Tá Anna i gceannas ar an siopa le breis is chúig bhliana anois agus ceathrar ag obair di. Tugann sí fostaíocht do mhuintir na háite atá óg fuinniúil agus a mbíonn meangadh gáire orthu go siorraí nuair a shiúltar isteach sa siopa. Is iad muintir an pharóiste a choinníonn ag imeacht í agus a leithéide agus tá sí an-bhuíoch dá réir. Go mb'amhlaidh an cás i gceann cheithre ghlúin eile romhainn.

**EOLAS BREISE.**

Seo eolas a tháinig ó John Clancy. B'as Contae Loch Garman Miss McEvoy. Bhí a dearthair Tomas pósta le Mary Anne Cooke. Deirfiúr le seanathair John Clancy ba ea Mary Anne Cooke. Cailleadh in aois a 40 bliain í sa mbliain 1910. Sin é an t-am ar tháinig Miss McEvoy as Loch Garman le comhluadar a choinneáil lena deartháir. Póilín san RIC ba ea an deartháir. Nuair a d'éirigh sé as an bpóilínteacht bhíodh sé ag ceannach muiríní agus á ndíol. Tigh Chlancy a chaith Miss McEvoy blianta deireanacha a saoil. Bhí sí 99 bliain d'aois nuair a bhásaigh sí. Tabhair faoi deara an gaol a bheadh aici le Eleanor McEvoy, an t-amhránaí cáiliúil.

# Ag Fágáil Slán



**1953 ag Tí Mheaic i gCarna -**
**Bríd Ní Uaithnín** as Muigh Inis – Bridie Sheámuis Dhiarmuid – an bhean ard i lár báire, gléasta in éadach dúbh réitíthe le dhul go Meiriceá.
*Ó chlé:* **Meaic Mylotte** agus a thriúr clainne ina leads bheaga (Éamon, Máirtín agus Séaimín), Bridie Ní Uaithnín, ? nó meastú an b'é John Mylotte é, Eileen Mylotte …agus tá gasúr agus beirt eile ann nach n-aithníonn muid.



*Ó chlé:* **John Joe Flaherty, Patrick Joseph Walsh - Paitín Mháirtín Staffa** - (Caladh bhFuinnse), **Michael Coleman Flaherty** (an Aird Mhóir) i Meiriceá.

# Jimmy King as an Aird Thoir – Scéal Imirceora.

*- le Jimmy King*

Tá Jimmy King – Jimmy Francis Joe an tSaoir – as an Aird Thoir aitheanta ag cláracha Raidió agus Teilifíse mar dhuine de na cainteoirí is fearr a dhéanann cur síos ar shaol agus ar pholaitíocht Bhoston.
Scríobh Jimmy an píosa seo do leabhar "Iorras Aithneach 2020".

B'é an 9ú lá de Lúnasa, 1982 a bhí ann an lá a chuir an Boeing 747 jumbo na rothaí anuas ar an tarmac i mBoston agus mé ar bord. Bhí sé beagán le cois ocht mbliana déag ó d'imigh mé den tarmac céanna gan mé ach cheithre bliana d'aois i 1964 le m'athair, mo mháthair agus mo bheirt dhearthár, Éamonn agus Joe. Níl aon chuimhne agam ar an lá sin i 1964 ach is maith í mo chuimhne ar an lá a ndeachaigh mé ar ais in 1982.

Is iomaí athrú atá tagtha ar an saol thiar agus 'bhus ó shin, go leor le feabhas ach an-iomarca an bealach eile, is dóigh liom chomh maith!

Le haghaidh scéal Mheiriceá a inseacht ní mór feiceáil céard a thug go dtí an t-am seo sa saol mé.
I mí na Nollag, 1964 tháinig muid go dtí an Áird Thoir. Bhí Éamonn chúig bhliana d'aois, mé fhéin cheithre bliana agus Joe, beannacht Dé leis, bliain go leith. Chónaigh muid le muintir m'athair ar feadh roinnt blianta nó gur thóig mo mhuintir a d'teach fhéin. Nuair a tháinig muid don Áird, ní raibh focal Gaeilge inár bpluca agus diabhal mórán béarla 'bhí ag gasúir na hÁirde ach bhain muid ceart as a chéile agus mar a bhíonn le gasúir, thuig muid a chéile. Bhí bréagáin gánn ach bhí spraoi againn.



Jimmy King, scríbhneoir an ailt seo, a bhean Teresa agus a n-íníon, Sarah, taobh thiar…
agus ca'r fhága tú gadhar beag, bán an tí!

B'é tí Éinniú an áit a mbíodh an "t-acsion" ag marcaíocht ar asail, ag deasú rothair, ag caitheamh "rings". Bhíodh muid ag strapadóireacht i gcrainnte, ag tóraíocht froganna, ag lasadh tomachaí aitinn agus ag fiach coiníní le súil ribe le díol le monarcha Ghael Linn ar scilling. Ba mhinic na glúine agus na h-uillinneacha gearrtha de bhárr titim do rothar agus ní raibh caint ar dhochtúir. Braon iodine agus póigín ó Mhama agus amach linn arís. Bhí cupógaí le cuimilt ar dhó na neantóige.

Tháinig veain siopa John Mylotte gach tráthnóna Déardaoin agus bhíodh cáca bácúis déanta ag Béibín, bean Sheáin Choilm, agus ba mhinic muid á ithe le ím baile agus gráinne siúcra. Leis an gceart a rá, ní raibh aon áit sa domhan a b'fhearr le haghaidh gasúir éirí suas. Bhí na daoine lách, cineálta agus gasúir fairsing agus spraoiúil!

Ba gearr go ndeachaigh muid chuig scoil na hÁirde. D'fhoghlaim muid Gaeilge ansin. B'é Pádraig Ó Cosgordha an máistir agus níor chuir sé suas linn ag béarlóireacht. Ba mhór i gceist an t-am sin an deontas deich bpunt a bhí le fáil ón rialtas ach Gaeilge a bheith ag an n-gasúr. Fuair muid ar fad an deontas, míle buíochas don Chosgordhach agus a bhean! Chuaigh mé as scoil na hÁirde go dtí Scoil Phobail Mhic Dara i gCarna i 1973/74 agus ansin go dtí Coláiste Einde i mBóthar na Trá i 1974 go ndearna mé an Árd Teist i 1979. Is dócha go b'shin é an t-am ar thosaigh an saol – theastaigh obair a fháil agus ba droch áit Éirinn ó thaobh fostaíochta sna blianta sin.

**Sa tóir ar jab in Éirinn.**
Ag an am sin, bhí feiliméireacht éisc ag fáil láidir i gceantar Chonamara agus fuair mé isteach ar chúrsa le Údarás na Gaelachta ag foghlaim faoi sin. Cé nach mórán suime a bhí agam sa gcineál sin oibre, bhí páigh réasúnta sheachtaine le fáil dá bharr. D'oibrigh mé le Beirtreach Teo. san Áird ag plé le síol muiríní agus oisrí agus ag Comharchumann na nOileán i Leitir Móir le síol diúilicíní , ach nuair a chríochnaigh an cúrsa, chríochnaigh an "jab". Ar feadh an ama seo bhéinn seasta ag cuartú obair cheart. Cheanaíonn an "Connacht Tribune" gach Déardaoin. Chuirfinn iarratas isteach le h-aghaidh aon phost a cheap mé a bheadh feiliúnach nó a mbeadh seans agam air.

Bhí na scórtha iarratais curtha chun bealaigh a'm. Thagadh Michael Nóra Ó Maoilchiaráin, fear an phoist, agus ba mhinic leis a rá, "tá litir fhada eile inniu a'm dhuit a James, b'fhéidir gur b'í seo an ceann"! Ach "Dear Mr. King, we regret to inform you", arís agus arís. Chuir mé isteach ar chúrsa eile leis an Údarás, cúrsa ríomhaireachta. Síos liom go Daingean, Chiarraigh agus rinne mé an cúrsa. Chuaigh mé chuig Beairic na nGárdaí i gCarna le haghaidh iarratas a chuir isteach leo sin ach nuair a thomhais an Sáirsint mé, dúirt sé nach raibh mé sách árd – bhí mé chúig throithe, seacht norlaígh go leith, theastaigh bheith 5′ 8″.

Taréis an chúrsa ríomhaireachta, fuair mé scéala uaidh Digital i nGaillimh, áit a raibh iarratas curtha agam taréis fógra sa gConnacht Tribune. Dáta le h-aghaidh agallamh, d'ardaigh mo chroí! B'iontach an comhlacht iad. Nuair a tháinig an lá, bhí mo chulaith réitithe, mo léine gheal nite agus iarnáilte ag Mama. Réitigh mé amach mé fhéin agus thóig mé an bus go Gaillimh. Mar ba mhinic leis, tháinig sé ina ghlearadh báistigh agus mé ag siúl ón mbus go dtí oifigí Digital. Bhí mé i mo ghuta! Bhí mo chroí briste. Rinne mé an t-agallamh ach b'fhios agam gur curtha amú a bhí an lá a'm. Dúirt an fear go mbeadh sé i d'teagmháil liom. Dúirt sé go raibh suas le cheithre scóir ag cur isteach ar an bpost céanna. Chuaigh mé isteach san Oyster Bar a bhí ar sráid Eglinton agus fuair mé pionta agus ceapaire. Bhí an ghaoith imíthe as mo chuid seolta. 'Se mo chuimhne go mba ansin a bheartaigh mé dul go Boston. Ní raibh tada le fáil san mbaile. Tháinig an "we regret to inform you" litir go gairid ina dhiaidh sin ach faoin am sin bhí an t-aistir déanta go Baile Átha Cliath a'm chuig Ambasáid Mheiriceá agus mo "phassport" le theacht ar an bposta lá ar bith.

Thart ar dheireadh an Mhárta, 1982, tháinig Nan, bean Johnny Joe Mhaitias Ó Cathasaigh, chuig an teach. Theastaigh cúnamh uaidh Johnny agus Meata sa mbád agus bhí siad go m'iarraidh leo. Amach liom go Sceirde i mBéal na Carra ag tarraingt photaí agus "tangle nets". Ní cheapfainn go raibh aon obair roimhe sin ná ó shin a raibh an oiread cion agam air. Ba bhreá liom an fharraige. Bhí an obair crua ach má bhí fhéin bhí togha na bhfear liom. Ba iad na Cathasaigh na fir a b'fhearr a chuir cois i mbád ariamh. Bhí siad muiníneach, bhí fios a gnótha acu agus mhúin siad go leor dhom. Beannacht Dé lena n-anam, airím uaim iad nuair a bhím thiar ach is minic a chuimhním orthu agus mé amuigh ag iascach ronnach i mo bháidín beag fhéin anois ar Chuan Dorchester anseo i mBoston.

Rinne mé airgead maith leis na Cathasaigh ach bhí sé réidh go leor é a choinneáil caite. Bhíodh rásaí báid gach deire seachtaine ó Chloch na Rón go dtí an Spidéal. Bhíodh ceol, amhráin, comhluadar agus pórtar san Óstán agus Tígh Mhóráin. Bhí damhsa san gClochán, sa bPoitín Stil, Tigh Pheacock agus Tígh Mheaic. Bhí an saol go maith ach bhí an ticéad ceannaithe agus m'intinn déanta suas agam.

**<u>"Do you have any poitín in your bag" – Meiriceá!</u>**
Ar aon bhealach, tháinig an t-ochtú lá de Lúnasa. Bhí mé le n-imeacht amáireach. Bhí an-phíosa de lá a'm fhéin agus mo chairde. Chríochnaigh muid suas ag an teach san Áird. Chuaigh an "American Wake" ar aghaidh deireanach go maith. Bhí tír 's talamh ann! Bhí an oíche áthasach ach go réir mar a bhí daoine ag scaipeadh, bhí sé brónach go maith freisin. Le scéal fada a dhéanamh gearr, chuir mé carr san gclaí sul mar imigh mé – níor gortaíodh aon duine, buíochas le Dia, ach thosaigh an chéad alt eile den saol níos deireannaí an lá sin nuair a phioc Winnie agus Suzie Cotter, mo chol ceathrar suas mé ag Logan.

Dá mairfinn an céad, ní dhéanfaidh mé dearmad go deo ar an lá sin. Bhí mé neirbhíseach. Bhí gach rud chomh mór! Cheap mé nach mbeinn amuigh as an aerfort go deo. Bhí na scórtha eitleán ar an talamh agus bhfachthas sé go raibh na mílte duine san Aerfort.

Bhí difríocht mór idir Logan agus Aerfort na Sionainne. Shín mé mo "phassport" chuig oifigeach an chustaim. "Where did you come from", an cheist a chuir sé, "Carna, Co. Galway" a deirimse? "Do you have any poitín in your bag" a deir sé? Scantraith mé, céard a bhí i gceist aige? "No" a deirimse agus mé scantraithe aige. "You're no Connemara man if you don't have a bottle of Knock holy water with you" a deir sé, "off you go" agus é ag gáirí! "Welcome to America"! B'é an mhéid a bhí san aerfort an chéad iontas mór a thug mé faoi deara agus ní m'ba tada é sin gur oscail an doras agus thug muid a n-aghaidh amach. Go sábhála Mac Dé sin, an teas. Bhí sé thart ar 95°F (35°C) agus bhí an t-aer tiubh, mar a bheadh tú ag snámh i lochán ola ramhar a bheadh téite. Chaith mé dhíom an seaicéad olainn agus an carbhat ach ba bheag an chompord a thug sin dhom. B'aisteach an teas é!

Thug muid a n-aghaidh ar Raven St. an áit a raibh conaí ar m'Aintín Kate agus a clann. Chonaic mé iontais go leor ar an mbealach – carranna a bhí chomh mór le busanna beaga, an "Summer Tunnel" a dúradh liom a bhí faoi fharraige, na bóithre chomh leathan agus na buildeáilacha ós cionn dhá scór stór. B'hios agam, cé nach raibh céad dollar i mo phóca, go mbeadh mo bhealach ceart, bhí cuma an airgid ar an áit! Cuireadh fáilte mhór romham ag 20 Raven St. De réir mar a bhí an lá 'dul thart tháinig mo thriúr uncail, Pat, John agus Matty ar cuairt. Tháinig mo chuid aintíní, Barbara Carroll, Nan Davis, Bridget Christopher – agus thug gach duine acu síneadh láimhe flaithiúil dhom. Thug na cailíní ar siúlóid mé suas an bóthar go dtí "Tigh Vaughan". Bhí níos mó Gaeilge "Tigh Vaughan" ná chloisfea in áit ar bith i nGaillimh – agus síneadh láimhe eile uaidh lads Charna, ní raibh aon mhaith gan é a thógáil. Tráthnóna Dé Máirt chuaigh muid go "Fields Corner" le Winnie agus Mary Walsh, clann Phat. Beannacht Dé leo ar fad anois. Casadh tír agus talamh as Conamara orm ansin agus Gaeilge bhreá go fairsing ann. Gach duine ag síneadh scór nó cupla scór chugam – ba gearr go raibh póca airgid a'm agus gan lá oibre déanta fós. B'iontach na daoine iad!

Bhí mé ag cuir aithne ar an áit agus théinn ag siúl gach lá, píosa beag níos faide ó bhaile chuile lá. Bhí an ceantar sin timpeall ar Crescent Avenue lán le muintir Chonamara ag an am sin. Bhí na Dubháin as Roisín na Mainiach, clainne Chonaola as Baile Conaola, Scanlain, Mac Dhonnacha as ceantar na nOileán agus Coilín Shéamuis Ó Uaithnín as Muigh-Inis agus go leor nach iad! D'fhreagair mé na ceisteanna céanna cupla uair sa lá – "cén chaoi an bhfuil seo agus siúd" agus mar sin? Is dócha go raibh mé uaigneach faoin mbaile ach bheadh sé sin le tuiscint.

Taréis cupla lá d'aire mé an lá an-fhada. Bhí chuile dhuine ag dul ag obair agus mise fágtha liom fhéin. Thug mé faoi deara go raibh siad uilig ag imeacht san an-mhaidin. Fuair mé boladh bagúin lá agus d'éirigh mé suas. Bhí Tim Cotter ag ceann an bhoird ag léamh an "Boston Herald" agus slisíní bagún ar an bpan. Bhreathnaigh mé suas ar an gclog a bhí ar an mballa - leathuair taréis an ceathair! Dúirt mé le Tim gur b'sin é an t-am a bhéinse ag teacht abhaile. "That will change" a deir sé agus b'fhíor dó. Tír mhoch í Meiriceá. Tosaíonn obair tógála ag an seacht agus oifigí ag a hocht. Bíonn an chéad traein ag dul isteach go Boston ag leath-uair taréis a cúig agus is minic leí bheith lán.

**Mo uncail Pat Walsh – An Obair, an Union agus an Pholaitíocht.**




**Financial Centre**

Chuaigh mé ar cuairt chuig m'Uncail Pat tráthnóna timpeall coicís taréis a theacht. Ar ndóigh, bhfearr aithne sa mbaile i gCarna air mar Phádraig Mháirtín Tom as Caladh bhFuínnse. Bhí mé ag tosaigh ag dul

as mo chéill de bharr díomhaointais. Níor chleacht mé gan a bheith gnóthach agus d'airíonnn an lá chomh fada le ráithe. Ba é Pat a bhí ina Bhainisteoir ar an Laborers Local 223 agus d'iarr mé air, as ucht Dé , obair a fháil dhom. Sé an bealach atá ann i Meiriceá go socraíonn an Union jab duit agus ba é Pat an ceannasaí. "Cén deifir atá ort" a deir sé, "beidh tú ag obair an chuid eile de do shaol"? Ach ní raibh sé i bhfad go bhfuair mé scéala uaidh, nóta ar an mbord nuair a tháinig mé abhaile oíche ag rá, "meet your Uncle Pat at Pat Jay's at 5 am." Bhí mise ann ag fiche nóiméad roimh an cúig – diabhal Pat! Thart ar a' sé, stop an carr mór seo agus dúradh liom gur b'é Pat a dúirt leo mé a phiocadh suas – Dudley Mac Donnacha as Muicineach agus Stevie Keane as Cill Chiaráin a bhí ann. Thug siad isteach sa mbaile mór mé agus ba gearr go raibh an "start" a'm.

"Dewey Square Tower" an t-ainm a tugadh ar an jab mar gheall ar an áit a raibh sé ach "One Financial Center" atá anois air.

Buildeáil 47 stór ar airde agus cheithre urlár faoi thalamh le haghaidh páirceáil. Mála a tugadh dhom agus cuireadh ag piocadh suas bruscar mé - fear fásta, láidir ag piocadh suas bruscar! Bheadh gasúr inann é seo a dhéanamh! Ach ba gearr gur thuig mé é, bhí glanadh suas le déanamh gach lá agus muid na "labourers" a rinne an glanadh suas. Ní mórán obair chrua a bhí ann, go mo leithéid sa ar aon bhealach a chleacht féar, móin, feamainn agus farraige.




**Pat Walsh**

Ba gearr go bhfuair mé amach go raibh i bhfad níos mó ag baint leis an Union ná obair – Polaitíocht! Bhí feachtas Méara Bhoston ar bun idir Ray Flynn as South Boston agus Mel King, fear den chine dhubh as Roxbury, ag an am. Beirt de scoth na bhfear, an-mheas ag an bpobal orthu. Bhí cúrsaí cearta sibhialta agus busáil chuig na scoileanna (rud a tharraing go leor achrainn i mBoston sna 1970óidí) an-úr in intinn na daoine i gcónaí agus bhí comórtas géar, ach cairdiúil, idir an bheirt. Thaobhaigh Pat Walsh agus an Union le Flynn agus bhíodh muid lá agus oíche ag bualadh ar dhoirse agus ag seasamh ar choirneáil do Flynn. Bhuail sé King go láidir, timpeall 140,000 vóta in aghaidh 70,000 do King. Thuig Flynn go b'iad Local 223 agus Pat Walsh ba cúis le go leor den vóta sin. B'iontach an chumhacht a thug sé sin don Union agus go deimhin do mo uncail, Pat Walsh. Bhí sé chomh bródúil as, ní raibh stopadh ar bith leis ag obair, seasta ar an mbóthar ó dhubh go dubh, seacht lá na seachtaine!

**Marty Walsh ina Mhéara – mo chol ceathrar.**



**Méara Marty Walsh**


Tá gar do dhá scor bliain déanta san Union a'm. Is iomaí jab a d'oibrigh mé ann 'sna blianta sin. Chaith mé dhá bhliain déag ar an "Big Dig" agus níl fhios a'm cé mhéad jabanna beaga. Ní mórán bliain nach raibh muid ag plé le feachtas polaitíochta éigin – idir na Kennedy's, Dukakis, Markey, Warren agus comhairleoirí cathrach agus srl. Ach ba gearr go raibh fear againn fhéin ag cur a chois i rása polaitíochta agus ní raibh stop ar bith linn. Rith Marty Walsh le haghaidh "State Representative" in aghaidh Martha Coakley. Bhuach Marty an rása! Col ceathrar dom é Marty – mac le John Mháirtin Tom

Bhreathnaigh agus a bhean Mary Joe Pheadar Ní Mháille as Ros Cíde, Ros Muc. Ba mhór an t-údar bróid dhúinn ar fad é. Ach ní mb'shin tada!

Chaith Marty seacht mbliana déag mar "State Representative" agus an-mheas ag a chomhábhair air.

D'oibrigh sé go crua ar a son. Ansin, tharla ócáid stairiúil i mBoston, 2013. Dúirt Tom Menino a bhí ina Mhéara le bliain agus fiche nach raibh sé ag rith arís. Chaith Marty a hata sa bhfáinne le aon nduine déag eile! Thosaigh an spraoi! Bhí 12A Everdean St., oifig an Union ina shórt ceanncheathrú. Bhí muid ann – mná agus fir, bán, dubh, buí agus gorm. Bhí muid ann as Carna, Ros Muc, Árainn agus gach ceard d'Éirinn. Bhí siad ann as Vitneam, as an tSín, as Haiti, as Jamaica, as Sasana – ní fhaca mé a leithéid ariamh. Tháinig an rása anuas go dtí beirt – Marty agus fear West Roxbury, John Connolly. Ba ag Connolly a bhí tacaíocht Mhenino agus ba mhór a bh'fiú é sin dó ach ní mb'shin tada – bhí na labourers le Marty. B'é mac Phat Walsh (Martin Walsh an t-ainm atá ar siúd freisin) a bhí ina Bhainisteoir ar Local 223 anois agus níor chuir sé a ghaol amú lena Dhaide. Stiúradh sé muid, thiomáin sé muid agus níor stop muid go raibh mac John Mháirtín Tom agus Mhary Joe Pheadair tofa mar Mhéara ar Bhoston. Bhí tinte chnámh i gConamara agus ceiliúradh chéadach i mBoston. Cé go mba iontach an ocáid í, shíl muid deora bróin freisin. Nach mba é an feall nár mhair a athair, John, a bhásaigh i 2010 agus a uncail, Pat, a bhásaigh i 2012. Nach iad a bheadh bródúil. Bhuach Marty an toghchán arís i 2017. Níl fhios céard tá amach roimhe.


**An gliomach – an grá – agus cosáin an tsaoil.**
Maidir liom fhéin, tá na trí scóir fágtha i mo dhiaidh agam. Tá gar do dhá scór bliain sa Union a'm agus pinsean réasúnta teacht dhom dá bharr. Phós mé bean de mhianach Fhínse i 1986, Teresa Connolly. Tígh Mheaic i gCarna a casadh ar a chéile muid. Bhí sí ag fanacht tigh Pheadar Tommy Ó Loideáin i Muighros. B'í Máire, bean Pheadair a h-aintín. Ba gearr go mbeadh sí ag dul ar ais go Boston agus ar chaoi éigin, dúirt sí gur thaithnigh gliomach thar barr leí. Bhuel, ceart go leor a deirimse, íosfaidh tú gliomach sul a mbeidh an oíche caite (tá Dia láidir)! Thug muid a n-aghaidh siar dá shiúl agus ba gearr gur stop carr, Séamus Mhaitiú Ó Coiribín a bhí ann. "Go Muighros nó g'an Áird" a deir sé? "G'an Áird"


Gliomach an ghrá!

a deirimse "ach ar mhiste leat dhul siar chuig céibh an Mhása i dtosach"? Bhí muid i Sceirde Dé Sathairn agus lá maith go leor againn ach fuair muid staic go ghliomach a raibh a blaosc an-bhog agus ceann beag a bhí cineál lag. Chuir muid i rí-phota ag ceann na céibheach iad. Tharraing mise an rí-phota i lár na hoíche, bhí an ceann lag ite ag an gceann mór ach is gearr go raibh an ceann mór bruite agus ite a'm fhéin agus ag cailín Bhoston – ní hiontas gur thit sí i ngrá liom! Maidin lá arna mhárach tháinig mé ar an gcéibh. Bhí na Cathasaigh ann agus Micil Ó Coiribín, beannacht Dé leis. Tosaíodh na h-innill. "Is fearr dúinn an rí-phota a seiceáil " a deir Johnny le Meata, ná bac leis a deirimse, "d'ith an gliomach mór an gliomach beag agus d'ith mé fhéin agus cailín Bhoston an gliomach mór ag a dó a chlog ar maidin". Thosaigh an rachtaoil gháirí. Bhí muid ag gáirí faoi i Sceirde agus ar an mbealach abhaile. Is iomaí uair agus mé tagtha ar cuairt abhaile a tharraing Johnny nó Meata anuas scéal an rí–phota! Tá ár n-iníon, Sarah tógaithe. Tá an obair athraithe go mór. Ní Gaeilge 'tá á labhairt ar an jab i mBoston anois, ach Spáinnis. Ach mar sin fhéin, is maith liom dhul ag obair.

Is minic a chuimhním ce's fearr an saol a bheadh a'm dá bhfanfainn san Áird nó anseo i Meiriceá. Bhuel, ní dhearna mé an saibhreas a cheap mé a dhéanfainn ach tá muid compórdach. Bainím an-taithneamh as an am a chaithim san mbaile – nach iontach go bí an Áird an "baile" i gcónaí taréis na mblianta.

Tá m'athair san Áird i gcónaí, Éamonn agus Úna ina gcúramóirí aige. Tá Máirín i gCaladh bhFuinse, Tí Mháirtín Tom. Bhí Joe i nDún na nGáll le dhá bhliain déag taréis trí bliana fichead a chaitheamh i mBoston nó gur bhásaigh sé i mbliana. Tá Ciarán i mBraintree agus mé fhéin i gQuincy. Is dócha go b'é seo an baile anois. Le cúnamh Dé, tá píosa eile fanta sa saol – pébí cén áit a mbeidh muid.



## Santa Anna i 1960

**Patrick Nee (Caladh bhFuinnse), Patrick agus Delia Mulkerrins (Roisín na Mainíoch) agus Michael Curran (Carna) i Santa Anna i gCalifornia i 1960.**

# Mary Pat Maloney Henderson

" Maloney -Henderson (walsh) in Ireland I was known as Patsy. I live in Ocean View Hawaii, on the Big Island. It is much like Ireland here except warmer. My father, Patrick Joseph Walsh was born in Callowfinish to Martin and Barbara Walsh ( Flaherty ) My fondness memory of Ireland has always been the smell of sea. Something about it stays with me bringing me back to the old sod, as we use to say. I've made many trips back since living there as a child. I still have that yearning to be there. I tend to continue living a more peaceful life ( off the grid) which keeps me grounded to the old ways Hopefully my next trip will be 2023. "



**Mary Maloney Henderson**



**"The 0ld Homestead"** – an teach inár rugadh athair Mhary Pat i gCaladh bhFuinnse – Paitín Mháirtín Staffa.



**Paitín Mháirtín Staffa -**
Patrick Joseph Walsh - sin é athair Mhary



**Mary Pat Maloney Henderson**
agus beirt dheartháir ina n-gasúir


é
@
Is í ár dteanga féin í.
Coigil aithinne d'aislinge:
scaradh léi is éag duit.
Foras na Gaeilge
BAILE ÁTHA CLIATH · BÉAL FEIRSTE · RÁTH CHAIRN · DÚN SEACHLAINN · GAOTH DOBHAIR
forasnagaeilge.ie
gaeilge.ie

# Péigí Chóilín Sheáin Dhubhdara – Banaltra ar deoraíocht

*- le Neasa Ní Chualáin*



**Péigí – léine bhán uirthi - in éineacht lena hathair agus a máthair sa bpictiúr seo - Cóilín Sheáin Dhubhdara ar chlé agus a bhean Molly ar dheis. Péigí an triú duine ó dheis.**

Thug Péigí Chóilín Sheáin Dhubhdara a haghaidh ar Londain Shasana agus í ina bean óg. D'fhág sí Dumhaigh Ithir agus í ocht mbliana déag.

Dá mbeadh eolas agat ar Pheigí ní dhéanfá aon iontas dhe gur le ceird na banaltrachta a chuaigh sí. Ba duine lách graothúil a bhí inti agus mhairfeadh sí ag tabhairt aire do dhaoine.

Chaith sí cuid mhaith dá saol ag obair in Ospidéal an Phriory i Roehampton. Bhíodh na hothair suaimhneach in éineacht léi. Thug sí an aire dóibh. Bhí an-mheas ag a comhleacaithe uirthi freisin. D'oibrigh sí crua ach bhí spraoi inti. D'oibrigh sí le daoine ó chuile cheard den domhan ó Chonamara go California, ó Mhauritius go Maigh Eo agus ó Libia go Londain.

Thaithnigh comhluadar go mór léi. Thug sí cuid dá dlúth cairde abhaile go Carna agus 'speáin sí a cultúr fhéin dhóibh. Chuaigh sí chucu ar cuairt ina dtíortha dúchais go mblaiseadh sí fhéin dá gcultúr sin. Bhain sí an- sásamh as an taisteal agus bhí dúil mhór aici i mbeatha na dtíortha sin.

Ach ní dhearna sí aon dearmad ar an mbaile ach an oiread, ba fhada léi go dtiocfadh Lá Mhic Dara chuile bhliain go ndéanfadh sí turas ar an oileán agus go mblaisfeadh sí arís an traidisiúin sin lenár tógadh í.


Is iomaí duine a thug Péigí lóistín dóibh sna leathchéad bliain a chaith sí i Londain, cuid mhaith acu a bhí ag iarraidh saol níos fearr a dhéanamh dhóibh fhéin agus iad gaibhte anonn ar thóir oibre. Bhíodar ar fad sa mbád céanna, ar deoraíocht ach a gcroí sa mbaile.

Bhí an t-ádh ar Pheigí gur chaith sí an bhliain dheiridh dá saol sa mbaile sa Teach Altranais i gCarna, cuimhnígí ar na créatúir bhochta nach cloiseadh uathu ón lár ar fhágadar an paróiste seo, suaimhneas síoraí dhóibh uilig.


Sweeney Oil
Teas Tí
ó 1987
An bealach is teolaí...
CLOCHÁN
MAIGH CUILINN
GAILLIMH BÓTHAR ÁTH CINN
ÓRÁN MÓR
TUAIM
BAILE AN RÓBA
ARAN
ROS COMÁIN
Sweeneyoil.ie
Home Heating
Since 1987
1800 555 999
www.sweeneyoil.ie
Celebrating 30 years! of service
The warmer way to heat your home
Sweeney Oil
Since 1987
EASY PAY BudgetPlan
Spread the Cost of Heating your Home throughout the year
Scaip an costas chun do Theach a Théamh amach i rith na bliana
ÍOC ÉASCA Plean Buiséid
1800 555 999
www.sweeneyoil.ie
An bealach is fearr le do theach a théamh

**gretb**

Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin
*Galway and Roscommon Education and Training Board*



**Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin (BOOG&RC)**
**Galway and Roscommon Education and Training Board (GRETB)**

- Coláiste an Ardeaspaig Mhic Éil, Tuaim : Archbishop McHale College, Tuam
- Coláiste an Chreagáin, Mountbellew
- Coláiste an Eachréidh, Baile Átha an Rí
- Coláiste Bhaile Chláir, Baile Chláir
- Coláiste Cholmcille, Indreabhán
- Coláiste Ghobnait, Inis Oírr
- Coláiste Mhuirlinne, Dabhach Uisce, Gaillimh : Merlin College, Doughiska Galway
- Coláiste na Coiribe, Bóthar Thuama, Gaillimh
- Coláiste Naomh Eoin, Inis Meáin
- Coláiste Naomh Feichín, Corr na Móna
- Coláiste Pobail Ail Finn : Elphin Community College
- Coláiste Pobail na Gaillimhe, Móinín na gCiseach : Galway Community College,Moneenageisha
- Coláiste Pobail na Mainistreach, Mainistir na Búille : Abbey Community College, Boyle
- Coláiste Pobail Ros Comáin : Roscommon Community College
- Coláiste Naomh Bríd, Baile Locha Riach : St. Brigid's College, Loughrea
- Coláiste Chilleáin Naofa, An Cnoc Breac : St. Killian's College, New Inn
- Coláiste Naomh Éinne, Cill Rónáin, Oileáin Árann
- Coláiste an Chláirín, Baile Átha an Rí / Clarin College, Athenry
- Coláiste na bPiarsach,Ros Muc
- Institiúid Theicniúil na Gaillimhe : Galway Technical Institute (GTI)
- Pobalscoil Náisiúnta na Leithcheathrún, Ros Comáin : Lecarrow Community National School, Roscommon
- Pobalscoil Náisiúnta Chuan na Gaillimhe, Cnoc na Cathrach, Gaillimh : Galway Bay Community National School, Knocknacarra, Galway

## Further Education and Training

- **VTOS Programmes offering second-chance education to those aged 21 and over who are in receipt of Social Welfare payments in**
  - Castlerea, Roscommon, Boyle, Ros Muc, Letterfrack, Tuam and Galway City.
- **Youthreach Centres offering second-chance education to early school leavers in**
  - Roscommon, Ballaghadereen, Ballinasloe, Tuam, Letterfrack, Portumna & Galway City.
- **GRETB Training Centre Mervue, Galway,** offering training day and evening and apprenticeship opportunities www.gretbtrainingcentre.ie
- **Further adult education and training available in:-**
  - Adult Learning Centres offers programmes in Adult Basic Education, Literacy, Numeracy, Basic It Skills and ESOL.
  - Community Education offers grants and tutor hours to Community Education groups across Galway and Roscommon for short education courses both credited and unaccredited.
  - Back to Education Initiative offers a broad range of accredited programmes from QQI up to QQI Level 5.
- **Petersburg Outdoor Education & Training Centre, Clonbur, Co. Galway.** www.petersburg.ie

**Ag freastal ar na pobail foghlama i nGaillimh agus i Ros Comáin**
Serving the learning communities of Counties Galway and Roscommon

Tuilleadh Eolais – Further Information:
Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin - Galway & Roscommon Education & Training Board
An Coiléar Bán, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe - An Coiléar Bán, Athenry, Co. Galway

: 091 874 500 : www.gretb.ie : eolas@gretb.ie info@gretb.ie

Ag cosaint cearta teanga

www.coimisineir.ie

An Coimisinéir Teanga

An Coimisinéir Teanga,
An Spidéal, Co. na Gaillimhe, Éire.
Fón: 091-504 006 / 1890-504 006
Ríomhphost: eolas@coimisineir.ie

# Saol Saighdiúra



Sna saighdiúir a bhí **Tomás Mac Donnchadha** – Tom McDonagh - as Cill Chiaráin ina fhear óg.
Sin sul a ndeachaigh sé i mbun gairme eile mar Oifigeach Cúnamh Sóisialta.
Sé Tom atá chun tosaigh, ar dheis, sa bpictiúir seo.



**Faoi bhláth na hóige**

Tomás Mac Donnchadha – Tom McDonagh – agus a bheanchéile Úna (Ní Dhúbhda) as Cloch na Rón ó dhúchas.
Ní bhfuair Tom saol fada; ní raibh sé ach 61 nuair a bhásaigh sé go toibeann. Tá Úna i bhfoisceacht cupla bliain don 100 anois agus í ag caitheamh an tsaoil go suaimhneach i gcónai i gCill Chiaráin.

Tá alt faoi shiopa agus gnó mhuintir Mhic Dhonnchadha atá scríofa ag
Colm Ó Neasa i leathanacha eile anseo i leabhar Iorras Aithneach.

# AG FILLEADH AR AN DÚCHAS – RETURNING TO MY ROOTS

*- le Tommy Clogherty*

**Ba imirceoirí as Conamara go Sasana iad muintir Tommy Clogherty. Is iomaí sin cor agus casadh i gcosán an t'é a bhfuil cois aige i Sasana agus cois aige in Éirinn. Tá Tommy Clogherty as ais ar an Aird Mhóir anois.**

I first came to Ardmore to live in 1981 when I was 17; my family had been coming over here on holiday from Yorkshire every year for as long as I can remember. My dad Tomas Sean Beartlin is from Ardmore and my mum's from Lettermore. I loved the summers spent over here and would go back to school in September, sunburnt, scratched from brambles and in love with this wild, exposed, ruggedly beautiful part of my heritage. My suitcase going back would be weighed down with souvenir stones and shells that were the most amazing stones and shells ever seen among the billions of other stones and shells on the seashore (my suitcase would also be weighed down with salted fish, cranoch [dried seaweed] and my share of the potatoes we were taking back to Yorkshire with us, but that's another smelly story). In 1981, things changed in that my parents decided to stay for good to look after my grandparents. I was delighted – I was halfway through my A-levels and saw this as a temporary reprieve from the pressures of upcoming exams; the clock would reset while I settled in here and I'd be given a bit longer to prepare my future. I was always into words and now could see myself as a writer wandering the shores and mountains of Connemara, documenting the vast wonders of this desolate and beautiful place.

**Bubble Burst**

Things didn't quite work out the way I expected and I lost direction for a while after moving here – I went to school for a day and a half before realising it wasn't going to work out the way I'd planned, then worked for a few months for a builder in Carna (one of the most memorable jobs I was given was painting the statues inside St. Mary's Church in Carna) and didn't really know what I wanted to do with myself or my life. I think it was around this time I became that young person in the West of Ireland who doesn't see any prospects locally so emigrates in search of the greener grass on the other side of the fence.

So with my big burst bubble, long story and five years later, I left at 21 to go and make my way in the world, having got into the hospitality business and worked in three hotels in Connemara, my dreams of writing largely extinguished as I'd got into the hospitality business after doing a CERT course in a hotel in Carraroe. I was too busy making a living to devote much time to writing for a while; however, I remained a great reader and loved little more than losing myself in books when I got the opportunity. Apart from coming over for the classic summer holidays with the family, I never saw myself living in Connemara again, except perhaps when I was ready to retire. The Irish part of my identity faded into the background as I began finding a new identity as a Londoner, but it's true to say it was ingrained in me as much as the stripes ingrained in those bits of rock I'd picked up on the beaches and would never leave me. The hospitality industry was good to me and I loved it; there was always lots of variety, good company with great craic, few dull moments, and the work days would fly past. I went back to university as a mature student and did a degree in Writing and Publishing, spent a couple of years in Milan as an English teacher and then returned to England. It took me years to get used to the hustle and bustle of London, but I did eventually, got married and thought I'd spend the rest of my days there. I grew to love London, the history, the way that it had grown organically since pre-Roman times and you can still walk around and see streets and buildings from those days, but mostly the stories…oh, the stories! Whenever someone did a deep excavation for a new part of the Tube, or some skyscraper in the city, it seemed they'd find yet more artefacts and remains from hundreds or even thousands of years ago; my mind would start buzzing wondering what the background to this pair of sandals, or sword, or pot was, and who the person was who'd originally used them.

I left the hospitality industry when I began working in homelessness in 2001. This felt much more like something I really wanted to do, because it felt to me like I was making a real difference in people's lives. Though I'd loved and learned a lot from my time in hotels, pubs and restaurants, it hadn't been something

I'd intended to do. I planned to leave homelessness and work full-time on writing and publishing in 2015, but was asked to help set up and run a programme helping asylum seekers and forced migrants. It seemed a case of right place, right time and I'd learned quite a bit about what it was like to be an immigrant trying to settle in a new country, where the reception could sometimes be welcoming, sometimes hostile. I feel very blessed to have met some of the people I've worked with, heard amazing stories of tragedy and triumph and trained lots of groups as part of my work.

### Finding my real home

While all this was happening, I was running writing groups in my spare time; I love writing myself but also love hearing other people's stories and in particular, helping them write for themselves. I ran a weekly writing group in Tottenham in London for several years, a retreat and other events in various places in which people from school age right up to eighty years old would come and write and share their work, and was able to help several people publish their own work – this was really, really rewarding and taught me lots.

In 2018, I came here- to Connemara - on holiday with my wife and family; that was the point at which things began to change (back) for me. The dormant love I had for this green and beautiful land and its people began flickering back into life again in a way I would never have expected. To cut a long story short, though I didn't have the money or any idea where I was going to get it, two years later, here I am, having bought my family home and land and happier than I've ever been anywhere in my life. Since I and my wife and daughter had made the decision to buy the house here, the idea of returning to Connemara became returning home for me, and I knew this was to be a one way journey; I came over on my own last year to visit family, and remember so clearly the unexpected feeling as the plane was making its descent over Shannon and I looked down on the forty shades of green below – it felt as if my heart was going to burst in my chest! From that time onwards, I have been looking into my family history along with the history of the area and have been amazed at what I've discovered. Ireland's history, like its landscape, is turbulent and tireless and I've been moved, inspired and spurred on by the stories I've begun hearing. I know I belong here. I know there is a host of untold stories here that deserve to be heard and would be honoured to help play a part in bringing them to light; I've been to see some of the houses of my ancestors which I didn't even realise existed – but were in reality within walking distance – when I lived here before, and am looking forward to researching my family tree and uncovering the individual stories it holds. I guess I was so busy looking into the future when I was younger, I didn't feel like the past was of much importance.

### Outside the box

I've just finished writing a book called "Learning Outside The Box" which is about some of the things I have learned, often as a very late starter and often outside the usual boxes of academia, career, and other traditional settings. It's taken me a long time to realise how fortunate I am to be here in this emerald isle of poets and storytellers, and that my place is here. There was a bit of a scare for us when the coronavirus pandemic hit London and lockdown arrived. Having completed the house purchase in February, we'd planned to come over mid-April but couldn't travel. Since this season of my life started unfolding, I've been thrilled to find out what a treasure trove of information already exists on the history of Connemara, its places and people. I've also been really encouraged to learn of the resurgent interest in this wonderful, scarred, scenic part of the world; even some of the dark chapters in Connemara's history have meant that records have been kept which would not have happened otherwise. My real desire is to get behind the records and statistics, and sit a bit with the individual stories of individual people and families who have gone before us to make Connemara what it is today. Every photo, every poem, every object has its own tale to tell – I could have stayed all day and then some at the Carna Emigrants Centre when I was there the other day, just taking in the photos and pondering the lives of those barefoot, beautiful children or wondering what it must have been like to leave everything you've ever known and loved, having no idea what the future holds or whether you'd see the people closest to you ever again.

I am the same prodigal son who left Ardmore thirty five years ago, but in some ways couldn't be more different. I belong here and my strong hope is that I am able to honour my forefathers and make a meaningful contribution to this wonderful place for the rest of my days. I've come full circle in my journey in that, after having explored other lands in search of somewhere I'd find who I am, I'm home and wouldn't want to be anywhere else; and I've come full circle in my career in that I've explored other professions in search of purpose and I'm a writer and trainer and wouldn't want to be anything else.

# CAIRDEAS

Béilí ar Rothaí

## Seirbhísí Pobail i gConamara Láir

Comhpháirtaíocht pobail agus gnó a
sheachadadh i gConamara Láir

Conamara Láir

**Tá deis ag an duine an tseirbhís a úsáid ar feadh lá amháin, dhá lá nó trí gach seachtain**

*Ag feidhmiú trí lá sa tseachtain, Dé Luain, Dé Céadaoin & Dé hAoine.*

*Ceantar feidhme Cill Chiaráin, Carna & Caiseal*

**Má theastaíonn uait an tseirbhís seo a úsáid, níl le déanamh agat ach an fhoirm chláraithe a líonadh isteach agus a sheoladh ar ais chugainn láithreach chuig Cairdeas, Forbairt Chonamara Láir Teo., Teach an Údaráis, Carna, Conamara , Co. na Gaillimhe nó glaoch a chur orainn ag 087 3294478**

Labhair le Máirín Ní Choistealbha-Seoighe

Foirmeacha iarratais ar fáil ó
fclteo@conamaralair.ie

GALWAY RURAL DEVELOPMENT

SICAP
Clár Gníomhachtúcháin Pobail agus Cuimsiú Sóisialta.

**Cuireann Forbairt Tuaithe na Gaillimhe an Clár Gníomhachtúcháin Pobail agus Cuimsiú Sóisialta (SICAP) ar fáil ar fud Contae na Gaillimhe.**
**Tá oifig againn i Ros Muc agus tá an fhoireann ar fáil chun tacú le grúpaí pobail le hoiliúint agus le maoiniú.**
**Oibrímid le daoine aonair agus le fiontair chomh maith trí raon cúrsaí oiliúna agus scileanna a bhaineann le fos-taíocht a chur ar fáil.**
**Glaoigh ar dhuine dár n-oifigigh agus beidh siad ar fáil le cabhrú leat.**

| ROSMUC OFFICE STAFF | |
|---|---|
| Nórah Ní Cheannabháin<br>Oifigeach Forbartha/ Development Officer | 087 9740572<br>nnicheannabhain@grd.ie |
| Deirdre Nic Dhonncha<br>Oifigeach Fiontair & Forbartha/<br>Enterprise & Development Officer | 087 9695937<br>dnicdhonncha@grd.ie |
| Mícheál Mac Donnchadha<br>Oifigeach Forbartha Pobaíl/ Community Development Officer | 087 1946890<br>macdonnchadha@grd.ie |
| Gearódín Uí Chualain<br>Riarthóir Oifige/Admin Officer/Receptionist<br>Ionad Fiontair, Rosmuc, Co. na Gaillimhe | 091 574858<br>rosmuc@grd.ie<br><br>guichualain@grd.ie |

AN tAONTAS EORPACH
Ag Infheistiú i do Dhán
Ciste Sóisialta na hEorpa
Rialtas na hÉireann
Government of Ireland
Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council
LCDC

*Tá an Clár Gníomhachtúcháin Pobail agus Cuimsiú Sóisialta (SICAP) 2018 – 2022 maoinithe ag rialtas na hÉireann trí an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus arna chómhaoiniú ag Ciste Sóisialta na hEorpa faoi an Clár um Infhostaitheacht,*

# Londain 1963





**Béab Labhra as Roisín na Mainíoch agus Pat Mháirtín Larry (Mac Donnchadha) as Leitir Ard a phós i Londain i 1963.**

# Scaipeadh na hImirce




**Macdara de Búrca** as Duibhithir - Macdara Ned Joe - i Sasana luath go maith sna 1940aidí.



**Joe Curran** as Carna i Chicago



**Antoine Ó Flatharta -**
dearthár le Michael Coleman agus Bridgie as an Aird Mhóir i Meiriceá.



**Johnny Coyne** as Gabhla
ag dul chuig cluiche peil Ghaelach i Wembley i Londain sna 1960aidí. Bhí Gaillimh ag imirt.

# Briseann an dúchas…

*- le Macdara Ó Cuaig – saineolaí le Fóras na Mara.*




**Macdara Ó Cuaig**

Ní fada anois go mbeidh sé céad bliain ó bhí Séamus Mac an Iomaire ar shlat a dhroma i Meiriceá agus é ag cur a raibh ina cheann faoi chúrsaí mara ar pháipéar. Eolas agus saineolas a foilsíodh den chéad uair sa leabhar Cladaí Chonamara i 1938. Tugann an Dr Tomás Ó Máille ardmholadh do Shéamus ina réamhrá don leabhar nuair a deir sé nach mbeadh fiú a leath féin de na cineálacha feamainne a liostáil Séamus i "leabhra móra éargna beodhúilíochta na Gearmáine" dá gcuirtí uilig in éindí iad – leabhra móra a raibh agus a bhfuil cáil mhór orthu. Ar ndóigh ní hé Séamus uilig a chruinnigh an t-eolas atá sa leabhar Cladaí Chonamara. Is iad na glúnta a chuaigh roimhe a chaith a saol leis an bhfarraige i gCuan Charraig na bPortán, agus i gcuanta eile Chonamara agus na hÉireann, a chruinnigh an t-eolas; is é Séamus a raibh sé de fhoighid is de mhisneach aige é a chur ar phár. Bhí Gaeil na seanaimsire grinn le rudaí a bhí faoina súile a thabhairt faoi deara agus ainm a chur orthu. Is minic a thugadh an t-ainm eolas ar thréithe an ainmhí mar a b'fhacthas do na Gaeil é.

Bhí sé d'ádh ormsa gur chaith mé cuid mhaith de m'óige i gCuan Charraig na bPortán le m'uncail Cóilín Mhic Dara Ó Loideáin ag gliomadóireacht agus ag iascach. Ag Aill Fheichín i Ruisín na Maithníoch a bhíodh an curach feistithe againn, áit sách aistreánach nár mhór do dhuine fios an bhealaigh ag dul chun farraige as. Bhínn féin ag déanamh iontais sa gcéad aimsir gur ag breathnú siar thar mo ghualainn, agus mé ar an inneall, is ea a bhíodh Cóilín agus é do mo threorú amach an chuisle: ag sníomh soir agus siar ag seachaint mulláin a nochtfaí le taoille trá. Marcanna talún, ar ndóigh, a bhí sé a dhearcadh; marcanna a d'fhoghlaim sé óna mhuintir roimhe, GPS ár sinsir. Tá ainm ar chuile charraig is ar chuile mhullán agus is maith ann iad le eolas na marcanna a thabhairt ó ghlúin go glúin. Tá clochar ar an ngob ó thuaidh d'Oileán Lachan ar an dtugtar Clochar an Úcaire. Beidh tú ar stopóg mhaith ballaigh má thugann tú an clochar seo ar an taobh ó thuaidh de Charraig Aill Fhínsc agus Tí Mhadaín a choinneáil ar Leachta Fhínse! Bhínn féin ag iarraidh a dhéanamh amach

cén bhrí a bhí le Clochar an Úcaire seo agus Domhnach amháin chuir mé an cheist ar an bhfear ba sine ar m'eolas ag an am – Pat Mháire Val Ó Donnachú as an Aird Mhóir. Ghabh Pat bocht a leithscéal, mar cé go raibh neart eolais agus amhráin aige, ní raibh brí an fhocail Úcaire aige. Bhí Deaide sa seomra agus muid ag caint agus i ngan fhios dúinn bhí aghaidh tugtha aigesan ar an bhfoclóir. "Three spinned stickleback," a d'fhógair sé, "Cébí céard é sin?" Is breaicín beag, trí orlaí ar a mhéid, é an stickleback a chaitheann an chuid is mó dá shaol i bhfarraige cois cósta ach a théann sa mearsháile agus sa bhfíoruisce le sceitheadh. Tá trí eite ghéar ar a dhroim, díreach cosúil léis na trí mhullán ghéar atá ar dhroim Chlochar an Úcaire. Is léir go raibh eolas mhaith ag muintir na háite ar an mbreaicín beag seo nuair a baisteadh an clochar.

Is maith is cuimhneach liom lá breá samhradh agus muid ar muráite ag ithe greim taobh thoir theas den chlochar céanna, nuair a tháinig Jeaicí Chiaráin Mac an Iomaire (mac dearthára le Séamas) chugainn le comhrá a dhéanamh. Ní raibh sé i bhfad i ngreim sa slat boird nuair a thug sé faoi deara an bosca portán velvets a bhí sáite isteach faoin seas againn ar foscadh ón ngrian agus mála garbh fliuchta sa sáile os a gcionn. Bhí margadh nua oscailte dóibh san Iodáil agus is maith an aire a bhí siad a fháil; na portáin chéanna a chaití thar bord an séasúr roimhe! "Tá dhá ainm Gaeilge orthu sin," a deir Jeaicí, "luaineachán agus gluaisneán, agus ní peaca ceachtar acu a thabhairt air." B'fhíor dó, mar níl a fhios agam an bhfuil aon phortán níos aclaí tapa ná an luaineachán (Necora puber an t-ainm eolaíoch), agus ní mór do dhuine a bheith cúramach agus cliste go maith á tharraingt as pota mar go bhfuil sé sách achrannach do phortán beag. Tá snámh ag an luaineachán freisin ó tá an chois deiridh chaon taobh ina gcláiríní agus is maith na maidí rámha iad sa snámh. D'fheicfeá síos fút iad corrlá breá agus iad ag snámh sna rufaí ar bharr stopóige.

Is iomaí ní a chonaic na Gaeil leis na glúnta agus iad ag saothrú a gcuid leis an nádúr agus tá sé d'ádh



**Cóilín Ó Loideáin –**
**Cóilín Mhicdara as Roisín na Mainíoch.**

orainne a tógadh le Gaeilge go bhfuil an saibhreas sin bronnta orainn inár dteanga, logainmneacha, amhráin agus sa gcultúr as ar fáisceadh muid in Iorras Aithneach. Nuair a bhíonn Údarás na Gaeltachta ag tagairt d'fhorbairt ar acmhainn nádúrtha na háite is ar an nádúr atá san áit, sa bhfarraige agus sna daoine a smaoinímse. Tá muintir an taobh seo tógtha leis an bhfarraige agus tá tuiscint mhaith ar an bhfarraige agus a nádúr ag chuile bhean, fear agus páiste sa gceantar. Thagair comhghleacaí ó Fhoras na Mara dó seo agus é ag insint dom faoi na ceisteanna tuisceanacha, cliste, fad radharcach a bhí gasúir na háite a chur air nuair a bhí sé ar an seastán ag an Lá Mara Lá Ciaráin anuraidh. Is iomaí lá mar sin a bhí déanta ag an bhfear céanna ar fud na tíre ach is iad gasúir na háite seo is mó a dtug sé suntas dóibh. Anois agus gasúir na háite ag tabhairt aghaidh ar choláistí na tíre bíodh an oidhreacht seo – an fhiosracht, an ceistiú, an tabhairt faoi deara; an tuiscint ar an bhfarraige agus nithe eile an tsaoil – mar bhuntáiste acu cébí ábhar nó job a bheas idir lámha acu. Is é dúchas na háite an buntáiste is mó atá againn, an dúchas atá go domhain sna daoine.

**PS Ba chóir do chuile dhuine Cladaí Chonamara a léamh. Níl sé i bhfad ó rinne An Gúm athchló eile di: //www.siopaleabhar.com/en/product/cladai-chonamara-2/.**

**Agus don té nach bhfuil Gaeilge aige nó aici, tá leagan Béarla ar fáil: The Shores of Connemara (ISBN:9781873821145), aistriúchán breá stuama a rinne Pádraic de Bhaldraithe.**

# I.S.P.G. / Cill Chiaráin Éisc

sales@ispg.ie

+ 353 (0) 95-33453

Cill Chiaráin, Conamara.




**Bunaíodh I.S.P.G. i 1986. Ní fada go mbeidh muid 25 bliain i mbun oibre i gCill Chiaráin.**

**Tá an tAtlanach ar an táirseach againn agus follántas agus téagar an iasc a thagann i dtír chugainn anseo san Ionad i gCill Chiaráin. Tá muid bródúil as caighdeán an éisc agus na dtáirgí a chuireann muid amach ar fud cuid mhór den domhain – an Eóraip, Meiriceá Thuaidh agus go dtí an Domhan Thoir.**

**Tá postanna agus saothrú curtha ar fáil anseo de bharr na mbradán agus táirgí ISPG/Cill Chiaráin Éisc.**

**Ar ndóigh, munach cumas agus díogras na ndaoine a bhí – agus atá – ag obair linn le 25 bliain ní fhéadfaí na caighdeáin arda atá sroichte ag ISPG/Cill Chiaráin Éisc a bhaint amach.**

**Go mba fearr a bheidh sibh uilig bliain ó inniu agus bíodh Nollaig mhaith agaibh.**




# Visitor Centre

**Open March-October**

10am-5.30pm

Please see website for more details

**ADMISSION FREE**

**www.nephinnationalpark.ie**

**tel:** 09849888 **email:** ballycroyvisitorcentre@chg.gov.ie

- Stunning panoramic views of Ballycroy National Park
- Interactive exhibition
- Nature trail with pond and viewing point
- Information desk
- Tearoom serving delicious homemade food.
- For special events and guided walks please see our website:



## Páirc Náisiúnta Chonamara
## Connemara National Park

An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht

Ionad Cuairteoirí
Taispeántas
Léiriú Closamhairc
Cosáin
Imeachtaí Speisialta
Cead isteach chuig an bPáirc Náisiúnta -
SAOR IN AISCE
Ionad Cuairteoirí
Oscailte ar feadh na bliana
Conairí siúil
Oscailte i rith na bliana

Visitor Centre
Exhibition
Audio Visual
Trails
Special Events
Entrance to the National Park -
FREE OF CHARGE
Visitor Centre
Open year-round
Walking Trails
Open all year

**+353 (0) 95 41054** **www.connemaranationalpark.ie** **cnp@chg.gov.ie**





# Iorras Aithneach agus Saor-Raidió Chonamara

*- le Seosamh Ó Cuaig.*

Bhí baint indíreach ag Iorras Aithneach le Saor-Raidió Chonamara a dhul ar an aer i Ros Muc caoga bliain ó shin. Nuair a bhí an teicneoir Mícheál Ó hÉalaí as Corcaigh ag cur an trealaimh le chéile d'iarr sé ormsa pláta beag an-tanaí iarainn a fháil in áit eicínt. Chuimhnigh mé ar an monarcha i Roisín na Mainiach, ACM.

Bhí Páraic Ferrons ag obair ansin agus chuaigh mé ag triall air. D'fhiafraigh sé díom cé lena aghaidh a raibh sé agam? Níor inis mé sin dhó mar go raibh an baol ann go mbeadh Gardaí sa tóir orainn chomh luath agus a thosódh an raidió ag craoladh. Ní dheachaigh Páraic ró-ghéar ar an gceistiúchán . D'oibrigh an pláta a réitigh sé go hiontach.

Nuair a chuir muid an t-éileamh ar son stáisiúin raidió ar an gclár oibre agus muid ag bunú Ghluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta an bhliain roimhe sin, ní go ró-mhaith a chreid cuid den ghrúpa gur rud a bhí ann a d'fhéadfadh tarlú. Go deimhin ba í an argóint ba mhó a cuireadh i láthair gur cheart díriú ar obair sa mbaile agus ar sholáthar gnáthsheirbhísí seachas a bheith ag déanamh caisleáin óir ar an gcaoi sin.

Ach lean mionlach againn orainn ag iarraidh an smaoineamh a chur i ngníomh. I nDoire Cholm Cille dom féin an oíche tar éis Chath Thaobh an Bhogaigh chuala mé raidió bradach an cheantair sin ag craoladh-Radio Free Derry, mar a thug siad air. Scríobh mé alt ar an nuachtán Gaeilge a bhí ann san am sin 'Inniu' agus ceann eile ar an gCuradh Connachtach ag rá gur cheart dúinne a leithéid de raidió a chur ar an aer i gConamara.

Nuair a thug teicneoir óg cumasach as Corcaigh, Mícheál Ó hÉalaí, cuairt ar Ghaillimh tamall ina dhiaidh sin chuir sé tuairisc faoin dream seo a raibh an smaoineamh faoin raidió acu.

Dúirt sé go mbeadh sé féin in ann aire a thabhairt don taobh teicniúil den scéal.



**Seosamh Ó Cuaig.**

Theastaigh teach ansin le dhul ag craoladh as. Bhí mise ag iarraidh é a chur i dTeach an Phiarsaigh ach ní aontódh mo chol cúigear Piaras Ó Gaora liom. Bhí aithne phearsanta ag a athair agus ag a sheanathair ar an bPiarsach agus mheas sé gur mhór an masla a bheadh ann briseadh isteach sa teachín.

Chuaigh an bheirt againn ar fud Ros Muc ag iarraidh teach feiliúnach a aimsiú. Bhí an margadh beagnach déanta againn faoi theach amháin nuair a bhuail amhras bean an tí go bhféadfadh sé gur dream mídhleathach eicínt a bhí fúinn a thabhairt isteach.

Bhuail muid isteach sa teach tábhairne, Tígh Chlarke, leis an gcéad chéim eile a bheartú. Chonaic mé féin carabhán taobh amuigh den fhuinneog—carabhán a ligfí ar cíos.

"Cinnte," a dúirt Tom Clarke. "Rinne muid an margadh."

Tharraing muid an carabhán siar chomh fada le Tí Phiarais Uí Ghaora, rinneadh ceangal leis an gcóras leictreachais, agus níorbh fhada ina dhiaidh sin go raibh muid ar an aer.




**Seosamh Ó Cuaig – an t-é is gaire dúinn- ag craoladh ar Shaor Raidió Chonamara agus Micheál Ó hÉalaí, an teicneoir as Corcaigh.**

D'fhiafraigh duine de lucht na gCearta Sibhialta lá céard a tharlódh dá dtiocfadh na Gardaí? Cuimhneoidh mé go deo ar an bhfreagra a thug Piaras Ó Gaora air: " Scread mhaidne ort," a dúirt sé, "dhóigh na Black and Tans an teach sin go talamh agus tá imní ortsa faoi chúpla Garda suarach nach bhfuil ach dhá lá amuigh as ionad traenála an Teampaill Mhóir."

Rinne an Curadh Connachtach beag is fiú de scéal an Raidió. "The Radio that could not be heard," a thug siad air. Is fíor nach raibh sé le cloisteáil i gCathair na Gaillimhe ach shroich a ghlór chomh fada le Árainn.

Fuair mé féin litir ó sheandochtúir de mhuintir Uí Bhriain a bhí ar an leaba le tinneas in Árainn nuair a chuala se Saor-Raidió Chonamara.

"Léim mé amach ar an urlár le teann bróid as," a dúirt sé.

Bhí Jim Fahy ag obair don Tuam Herald ag an am. Thug sé grianghrafadóir go Ros Muc agus cuireadh an scéal ar an gcéad leathanach den nuachtán sin! Foilsíodh grianghraif i nuachtán naisiúnta freisin. Ón gcúl a tógadh é ar fhaitíos go n-aithneofaí aon duine. Bhí compánach as Corcaigh, Máirtín Ó Duibhir, in éineacht le Mícheál Ó hÉalaí. Bhí sé ráite aige lena mháthair gur ag campáil go Corca Dhuibhne a bhí siad ag dul.

"Níl sé chomh héasca sin an dallamullog a chur orm," a dúirt sise leis i dteachtaireacht a chuir sí chuige, " d'aithin mé an geansaí cniotáilte."

Chaithfeadh sé gur bhuail muid an táirne ar an mullach ag an am ceart nuair a chuir muid an raidió bradach ar an aer. Tamall roimhe sin bhí cruinniú agam féin agus ag Máire Fennell le hArd-Stiúrthóir RTÉ, Tom Hardiman, agus lena Thánaiste , John Irvine .

Cé nár thug siad aon ghealltanas, b'fhacthas dúinn nach raibh siad glan in aghaidh a leithéid de stáisiún a bheith ann.

"Mura gcuirfidh sibh ar bun é cuirfidh muid féin ar bun é," arsa mise le Hardiman.

"Cén aois thú?" ar seisean.

"Bliain agus fiche," arsa mise.

"Tá an-mhisneach agat," ar sisean.

Misneach nó baois na hóige? Is deacair a rá.

Tháinig an lá ar chuma ar bith a raibh mé féin agus Tom Hardiman ar Bhord Stiúrtha Telegael. Bhí céim mhór eile tugtha chun cinn an uair sin i seirbhís chumarsáide na Gaeltachta agus na Gaeilge.

Jackie Folan Limited

# Jackie Ó Cualáin

# Conraitheoir Tógála

# Carna

CUIREANN MUID SEIRBHÍS AR FÁIL AR FUD CHONAMARA



Jackie Folan Limited

**Fáigh i dteagmháil linn:**

**Fón:** 095-32331

**Mobile:** 087-7835810 / 087-2249498

**Lean muid ar Facebook ag ‘Jackie Folan Limited**

**Tuismitheoirí na Gaeltachta**

Príomhoifig: SPLANC!
Aonad 3 B&C,
Páirc Gnó na Ceathrún Rua,
An Cheathrú Rua,
Co. na Gaillimhe. H91 Y0R2
Fón: 091 869571
eolas@tuismitheoiri.ie
www.tuismitheoiri.ie

An bhfuil tú ag tógáil do chlann le Gaeilge nó ar mhaith leat do chlann a thógáil le Gaeilge?
An bhfuil páistí agat faoi 5 bhliana d'aois?
An dteastaíonn uait tuilleadh Gaeilge a labhairt sa mbaile?

**Tá tacaíocht ar fáil:** Déan iarratas ar an bPacáiste Tacaíochta Teaghlaigh.

Seol ríomhphost chuig teanga@tuismitheoiri.ie agus seolfar an fhoirm iarratais ar ais chugat. Roinnfidh Tuismitheoirí na Gaeltachta leabhair, dlúthcheirníní chomh maith le comhairle phraiticiúil sna pacáistí sa chanúint a bhíonn á chleachtadh agaibh sa mbaile. Beidh muid i dteagmháil leanúnach le gach duine a chláraíonn linn agus scaipfear eolas, comhairle agus tacaíocht oraibh.



Is muide an chéad ghlúin eile. Bígí linn!



Siamsán na nÓg · Suathaireacht do Leanaí · Amharclann na nÓg · Litir chuig Santaí · Áirneán na nÓg · Leabhra sa bPobal · Cinema Gaelach · An Pota Stóir · Siopa Leabhar Gaeilge na nÓg · Club Leabhar · Ciorcal Léitheoireachta · Gligíní · Scéim na nEalaíon Béil · Teacht in Inmhe · Cúrsaí Réamhbheirthe · Fóram do Thuismitheoirí Gaeltachta · Campaí Spraoi · Ionadaíocht · Abhchóideacht · Comhairle · Tacaíocht · Taighde · Feasacht



## AN CUMANN LUTHCHLEAS GAEL

# CARNA / CAISEAL

*Beannachtaí na Nollag*
*ó*
*CLG Carna/Caíseal*

Is cumann Peile i nIarthar Chonamara muid ag freastal ar cheantar Iorras Aithneach, an Chaisil & An tSraith Salach.

Cuireann muid foirne chun páirce síos go dtí 8 mbliana d'aois i rith na bliana.

Míle buíochas do chuile dhuine atá ag treanáil ghasúir agus ag díol agus ag ceannacht 'Lotto Carna / Caiseal' i rith na mbliana.

***Carna / Caiseal ABÚ***

# An '99er' agus Cuimhní Samhraidh

*- le Máirtín Ó Catháin.*

Na Flaithis! Bhí sí sna Flaithis. Sin é a d'fhógair bean an fheistis dheirg amach ar chosán sráide sa gClochán lá breá i mí Lúnasa seo caite. Bhí tír agus talamh ann; múintir na hÉireann a bhí ligthe saor ó shrianta an Covid 19. 'Staycation' i gConamara! "Blazing sunshine and a '99er'. This is heaven!" Ní raibh a fhios agamsa an raibh mé sna Flaithis fiú agus go raibh "99er" agam féin agus é ag leámh im mo láimh. Ní raibh de leigheas air ach a bheith dá ithe agus dá shloigeadh chomh sciobtha agus dá mbeadh Dia á rá leat. Ní raibh sé de thriáil ag duine a dhul i mbun cómhráití maidir leis an saol seo ná na Flaithis le duine ar bith ar shráid an Chlocháin. Bhí an 99er ag leámh as éadan.

Ba é an chéad '99er' agamsa é. Ní raibh aon tuiscint agam ar chóras déantúsaíochta an "99er". Ach is maith an t-anlann é an t-ocras agus an tart agus b'éigean dom faoiseamh a fháil uaidh. Ba é an '99er' an réiteach ar an scéal sa gcás seo, go háiríthe nuair a chonaic mé na turasóirí ag diúl air.

Dhíbhse anois nach bhfuil eolgasach ar an saol mar atá mise, is é atá sa "99er" go gcuirtear bainne agus meascán eile isteach i meaisín agus go gcuirtear thimpeall é chomh tréan leis an ngaoithe – mórán mar a bhéifea in éadan cuinneoige – no go mbíonn cosúlacht uachtar reóite air, ach é i bhfad níos boige. Ansin cuirtear an '99er' isteach i gcupán atá ar mhúnla briosca agus téann tú ina éadan, no le bheith níos cruinne faoin scéal, téann sé in do éadan féin, go hairíthe mas lá meirbh é.

Sa gcás sin agamsa, shuigh mé ar 'bhonnet' an chair, agus silim gur cineál comhscór a bhí ann idir mé féin agus an '99er'. Ceart go leor, tá mé sásta a adhmháil gur fhága an '99er' sort púiteach geal ar m'éadan ach, ar an taobh eile den scéal, ní bhfuair go leor den '99er' saol fata i mbéal muice uaimse.

**AG DIÚL AS NA BOSA.**
Cuireann sé i gcuimhne dom scéal a chuala mé faoi fhear a tháinig isteach go sráidbhaile Charna sa tsean aimsir agus teaspach mór san aimsir. Chonaic




sé daoine ansin ag ceannacht uachtar reoite ar na sean-bhealaí – dab uachtar reoite curtha isteach idir dhá bhriosca, no 'wafers'. Dheamhan a chos no gur chuir sé tuairisc faoin stuf seo ar fhear an tsiopa. Míníodh dhó. Ceart go leor, thabharfadh sé iarraidh faoi, é féin!

Caithfear a thuiscint anseo anois go raibh sé ina theaspach. Níl a fhios agam an raibh lorg ar bith de na Flaithis i sraidbhaile Charna ach ba ghearr gur chaill fear an tsléibhe smacht ar an mblocáinín uachtar reoite. Mar bharr ar an mí-ádh chuaigh sé amach ar an tsráid le súil agus go bhféadfadh sé an scaipeadh a bhí ar an uachtair reoite a stopadh ach rinne an ghriain an diabhal uilig air. Ba é a dheireadh aige féin agus an t-uachtar reoite go raibh bosa a chuid lámha ina chineál babhlaínn aige agus é ag líochán aníos astú ós comhair an tsaoil.

Is beag nach raibh mé féin sa mbád céanna no gur thuig mé an chontuirt a bhi romham agus mé ag

leagan go halpach ar an '99er' sul a ndéanfai seó díom ar shráid an Chlocháin.

Chuir an scríbneoir, Edna O' Brien, a chaith mí Lúnasa i gConamara go minic, an teideal "August is a wicked month" ar shaothar dá cuid 55 bliain ó shin. Chuaigh sí an-domhain sa scéal. Is iomaí sin gné de shaol agus de nádúr an duine a tharraing sí anuas. Dódh an leabhar in áiteacha agus ní dhíolfaí ar chor ar bith é in áiteacha eile. Ach le himeacht na haimsire tá an teideal a bhí ar an leabhar ina chineál nath caint agus luaitear an pholaitíocht, an aimsir agus go leor eile –cruóganna an tsaoil freisin - le mí seo na laetheanta saoire agus an teaspaigh. "August is a wicked month".

**TEAS AGUS FUACHT.**

Is cuimhneach liom fear a thagadh isteach chugainn sa sean teach sin againne - agus fear a bhí ann nár chleacht uachtar reoite no nach raibh a fhios aige mórán faoi – no gur bhlaiseadh sé dó. Bhí sé ar an teallach ag caint go breá, líofa faoin saol,an tsean-aimsir agus an aimsir. Ach bhí scéal nua aige an oíche seo; bhí daba uachtar reoite ite aige cupla lá roimhe sin.

Ag bearradh caorach a bhí sé do fhear na comharsan agus é spalpaíthe leis an tart faoi scalladh mór gréine mhí Iúil. Dúradh leis go raibh fionnuartas agus faoiseamh ón tart freisin san uachtar reoite. "Tabhair dom é" arsa an fear seo. Thug sé cuntas dúinn ar leic an teallaigh. "Bh'anam gur beag nár chroch sé an cloigeann díom. Chur sé na fiacla ag damsa im mo charbad…chuir sin".

Is dóigh go raibh an fear bocht deargaithe ó huillin go rostaí ag criabhair a bhí ag diúl fola as agus é ag bearradh. É sin uilig agus é brataíthe le hallas de bharr teas na haimsire agus an teas as ollan na gcaorach. Cé'n bhrí, an fear bocht, ach is dóigh go raibh ruainnín sceitheadh sna fiacla agus go raibh deis ag an uachtar reoite a dhul go smior ann; samhlaigh an speireadh a rinneadh ar agus é ag cur na bhfiacal go carbad sa daba uachtar reóite.

Is ar éigean gur chreid sé an lá Samhraidh sin ar bhlaise sé don uachtar reoite den chéad uair go raibh sé sna Flaithis. Ach, níl aon amhras orm ach gur ansin atá sé anois, mar is maith a bhí sé dlite dó, théis an tsaoil.

## Máirtín Rua Ó Conaire agus Bríd Nic an Iomaire - Deoraíocht.




Rugadh Máirtín Rua Ó Conaire ar an Oileán Máisean, deartháir le Beartla Chonra (Ó Conaire) as Muighros. D`fhág sé an t`oileán sa mbliain 1901 agus d`imigh go Meiriceá (Is cosúil gur í 1901 a dfág muintir Chonaire ar fad an t-oileán Máisean), agus phós sé Bairbre Nic An Iomaire, deirfiúr le Padraigín agus Tom Mhacaí (Mac An Iomaire) as an gCoillín i 1907.



Rugadh Bairbre ar an gCoillín ach níl aon eolas eile againn fúithi ach go raibh triúr clainne aici fhéin agus Máirtín Rua.
Bhí beirt dearthár ag Máirtín Rua, Joe agus Beartla agus cearthar deirfiúr,Bríd, Babín, Nora bean Sheosaimh Uí Caonaigh – Josie Phaitsín - as Glinnsce) agus Máire. Tá sé ráite nach bhfaca Beartla Chonra a dheirfiúr Máire ariamh mar go raibh sí imithe go Meiriceá.

# Comhluadar i gCarna Sna 1950aidí



Tógadh an pictiúir seo i gCarna 1957. Tá muid a'cheaptha gur thart ar Tí Mheaic, nó gar do Stáisiún na nGardaí a tógadh é.
*Líne tosaigh, ó chlé:* **Pádraic Bairéad** as Muigh Inis, **Jackie Ó Gaora** as Carna, **Mary Doonan-Curran** (beanchéile Michael Curran), **Brendan Dirrane** (mac leis an nGarda Dirrane as Árann a chaith píosa mór den tsaol i gCarna).
*Taobh thiar díobh agus ó chlé:* **Tom Curran, Tom Geary** (ina lead beag), …tá cupla duine ansin sa line sin nach n-aithníonn muid …agus ar dheis uilig sa line chúil tá **Michael Curran** as Carna.
An fear atá ar leatghlúin chun tosaigh, níl muid inann ainm a chur air. Tá buachaill óg le taobh an rothair ag an mballa agus tá fear le taobh an tarracóra (no leorraí) nach bhfuil muid Inann a ainmniú, ach an oiread.

# Mná Charna Thar Lear



**Mary Lydon-Fahey** as Roisín na Mainíoch.
Mary Joe Choilm Liam ina bean óg anseo.
Conaíonn sí i gceantar Bhoston le fada an lá.



**Peige Ní Chualáin** as Duibhithir.
Peige Chóilín Sheáin Dhúdara ina bean óg.
Chaith sí an chuid is mó dá saol i Sasana.




**Mary Pat Maloney-Henderson.**
Iníon le Paitein Mháirtín Staffa as Caladh
bhFuinnse. Pictiúr le gairid i Hawaii.



**Mary Rita Folan** as Caladh bhFuinnse
a rugadh in 1878.
An pictiúr tógtha i Meiriceá fadó ariamh an lá.

# BRADÁN BEO TEO.
# B.B.T.

*JABANNA SA nGAELTACHT

*LONNAITHE AR CH'AON TAOBH DE CHUAN CHILL CHIARÁIN

*IASC AGUS TÁIRGÍ DEN SCOTH Á' gCUR AR AN MARGADH.

Bunaithe ar fharraigí na háite agus imeasc
Phobal na hÁite.

**Beidh muid libh – Bigí linn.**

**Nollaig mhaith dhibh uilig in Iorras Aithneach agus ar fud Chonamara.**

# An Búidéal Beannaithe

- *le Ríona Ní Chonaire*

**11 bliain d'aois atá Ríona – as an gCoillín – agus bhuaigh an scéal seo gradam i gcomórtas gearrscéalta a bhí eagraíthe ag Óstán Zetland i mbliana).**

Uair amháin fadó fadó bhí clann álainn ann a bhí go deas le chuile dhuine i gcónaí. Bhí bean ann darbh ainm Máire agus bhíodh sí i gcónaí ag tabhairt aire don teach, agus ag réiteach tae agus beatha do na daoine a bhí ag obair crua,agus ag tabhairt aire do na daoine nach raibh mórán airgid acu.

Bhí a fear Matt maraithe amach ag obair chuile lá. Ach an rud is speisialta uilig a bhí acu ná an t-aon mhac a bhí acu darbh ainm Colm. Bhí Colm san arm agus bhíodh imní ar a mhama i gcónaí ach bhí a fhios aici go dtabharfadh Dia aire dhó mar bhí Máire an-bheannaithe.

Ach oíche amháin nuair a tháinig Colm abhaile ón arm agus tháinig Matt abhaile ó a bheith ag obair ar an bportach bhí dinnéar breá réidh ag Máire, ach thit Matt ar an urlár agus ní raibh sé ag oscailt a shúile. Bhí Máire scanraithe agus ghlaoigh sí ar an dochtúir an fhad agus a bhí Colm ag tabhairt aire do Mhatt agus a chroí ina bhéal aige.

Tháinig an dochtúir ach dúirt sé go raibh sé ró-dheireanach. Go raibh Matt caillte.

Ní raibh Máire ná Colm an-mhaith ina dhiaidh sin ach choinnigh Máire ag tabhairt aire do dhaoine mar bhí a fhios aici cibé cén áit a bhí Matt go raibh Dia ag tabhairt aire dhó.

Dhá bhlian ina dhiaidh sin ní raibh Colm in ann teacht abhaile níos mó mar bhí rudaí go dona san arm. Bhí Máire an-bhrónach anois ach ní raibh sí riamh crosta le Dia ar nós a bhíonn daoine eile.

Lá amháin chuaigh sí amach ag siúl agus chonaic sí an buidéal seo le taobh an bhóthair. Phioc sí suas é agus is buidéal beannaithe as Medjagori a bhí ann. Bhí sí chomh sásta mar is áit an-bheannaithe atá i Medjagori.

Nuair a chuaigh sí abhaile chuir sí suas ar an bpress é. An oíche sin bhí sí ag ithe dinnéir nuair a chonaic sí a fear ina sheasamh os a comhair.



**Ríona Ní Chonaire**

"Céard atá tú a dhéanamh anseo?" a dúirt sí. "Cheap mé go raibh tú caillte."

"Tá mé caillte," a dúirt sé. "Ach tá an buidéal as Medjagori an-bheannaithe agus feicfidh tú mise ag an am céanna chuile oíche."

"Ó nach bhfuil sé sin iontach," a dúirt sí.

As sin amach bhí Máire ag feiceáil an spioraid dá fear ag an am céanna chuile lá, agus bhíodh sé ag insint di go bhfuil a leithéid d'áit ann is na flaithis agus ag insint di faoi Dhia.

Cúpla lá ina dhiaidh sin tháinig Colm abhaile agus dúirt sé nár ghá dhó a bheith san arm níos mó agus go mbeadh sé in ann a bheith in éineacht lena mháthair go deo na ndeor.

Agus tharla sé seo uilig mar gheall ar an mbuidéal beannaithe agus creideamh.

# Eileen Mannion

## – Comhairleoir Contae



An Clochán, Conamara.

**Teileafón: 087-9555645**

Tabharfaidh mé gach cabhair is féidir do mhuintir Iorras Aithneach agus Chonamara.

*Nollaig mhaith dhibh uilig*





# ÓSTÁN CHUAN CHARNA.
# CARNA BAY HOTEL.

Beidh muid oscailte ó thús mhí na Nollag


agus i rith Eanáir agus Feabhra freisin.

Beidh "Special" againn Oíche Chinn Bhliana!

Obair chóiríthe agus mhaisiúcháin déanta ar an Óstán anois.

Teaghlach Rogers atá i mbun an Óstáin.

**Teagbháil: 095-32255 agus info@carnabay.com**
**Web: www.carnabay.com**


Faigh Aip
Tuairisc.ie
T
Tuairisc.ie

# FÓGRA EOLAIS FORUM CHONAMARA i LEITIR FRAIC.

Comhlacht forbartha áitiúil é Forum Connemara CLG atá ag plé le riar cláracha forbartha pobail agus iarrachtaí eacnamaíochta agus sóisialta sa taobh seo tíre. Tá FORUM ag obair leis ar an teileafón, ríomhphost, teachtaireachtaí téacs agus glaochanna video beagbeann ar Covid 19 agus beidh no go dtiocfaidh deireadh leis an ngéarchéim seo. Níl ach beagán daoine ceadaíthe san oifig faoi láthair.

Tá FORUM i mbun an chláir LEADER (deontais do ghnónna beaga agus grúpaí pobail); an Clár Tacaíochta do Dhaoine óga; an clár CUMAS ( le chur ar chumas daoine a bhfuil mí.....ag dul dóibh a dhul ar aghaidh agus post a fháil); an clár Caitheamh Aimsire Tuaithe (cabrú le Siúlóidí pobail); clár cabhair Shóisialta do dhaoine aosta ; an clár Feilméireachta agus cláracha oibre ar nós TÚS, RSS agus CE.

Tuilleadh eolais: 095-41116 agus ag www.forumconnemara.ie

## An Clár 'CUMAS'.

Do dhaoine óga idir 15-29 é an clár seo agus cabhraíonn sé sa gcás agus go bhfuil mí-chumas fisiciúil no deacrachtaí le meabhair shláinte i gceist no lorg don uathachas ag dul do dhuine. Tugann an clár cabhair le daoine a threorú chuig an oideachas, oiliúint, taithí oibre, obair dheonach agus deiseanna fostaíochta.

Féach air: www.facebook.com/ForumAbility.

Tá an clár CUMAS is deireannaigh dá riaradh i gcomhar leis an tseirbhís tárrthála madraí, "Madra Dog Rescue". Tugann an cúrsa seo an t-eolas a theastaionn do dhuine le feidhmiú mar chuntóir i dtearmann madraí, no obair mar sin. Cuirtear béim sa gcúrsa ar scileanna praiticiúla agus ar bhun eolas ar láimhsiú madraí agus aire a thabhairt dóibh. Má tá tuilleadh eolais uait, déan teagbháil le Katie O' Halloran/Maeve Conneely.

Ríomhphost: k.ohalloran@forumconnemara.ie no m.conneely@forumconnemara.ie no glaoigh air: 095-41116.

## AN CLÁR TACAÍOCHTA DO DHAOINE ÓGA – ADOLESCENT SUPPORT

Bhí orainn a dhul i muinín córas digiteach in áit na hoibre a bhíodh ar siúl sa bpobal mar chuid den chlár seo. Caithfear cloí le scaradh sóisialta de bharr Covid 19 agus tugtar tacaíocht do dhaoine óga anois ar an teileafón no thrí cheangal video. Chomh maith leis sin, tá beartanna nuaí dá dtriáil le súil agus go gcuirfear borradh faoi chruthaitheacht sa bpobal agus go laghadófar strus taobh istigh de theaghlaigh in i dtráth seo na pandéime Covid 19.

Tuilleadh eolais ag: www.facebook.com/FORU8MConnemaraCLG/

## TIONSCNAIMH GARRAÍDÓIREACHTA AGUS GLASRAÍ

Shocraigh na daoine óga atá sa scéim gharraídóireachta go gcuirfidis na glasraí a d'fhásadar at fáil do ar mhaithe le daoine a raibh ruainne beag tacaíochta ag teastáil uathu. Tá ceangal againn leis an tionscnaimh Foodcloud agus ba thríd sin a rinneadh an beart carthanais sin. Bhain breis agus 25 teaghlach leas as an iarracht sin.

Tuilleadh eolais ó Marie Feeney: m.feeney@forumconnemara.ie no 095-22715.

## CLÁR LEADER 2014-2020

Tá muid freagrach as Clár Leader ar fud Chonamara uilig. Cuireann an clár Leader cúnamh ar fáil do ghnóanna beaga agus d'iarrachtaí pobail. Is féidir airgead caipitiúil (deontais) agus tacaíocht le haghaiodh staidéir ghnó agus le haghaidh cúrsaí oiliúna a chur ar fáil. D'fhéadfadh sé go mbeadh bealaí nuaí feilméireachta, fiontraíocht, turasóireacht faoin tuaith, oidhreacht, maisiú agus seirbhísí i sráidbhailte agus i mbailte móra, áiseanna pobail, fuinneamh ar bhealaí nuaí agus iarrachtaí comhshaoil i gceist.

Ní ghlacfar le iarratais sa gcás agus go gcuirfí duine/dream go leathtaobh no go ndéanfaí dochar do ghnó eile a bheadh ar an múnla céanna. Da réir sin, bhfearr do dhaoine a mbeadh spéis acu i gclár LEADER labhairt I dtosach le oifigeach de chuid na heagraíochta. Seo hiad na sonraí teagbhála: j.conaty@forumconnemara.ie no b.bergin@forumconnemara.ie (sin í Bairbre Bergin). D'fhéadfaí glaoch freisin ar ....095-41116.

Sé an chéad rud a bheadh le déanamh agat ná foirm a thabharfadh eolas ginearálta a líonadh. Ansin, beifear inann a rá an bhfuil tú cáilíthe leis an iarratas a chur níos faide agus iarratas iomlán a chur ar aghaidh.

*Nollaig mhaith dhibh uilig agus go n-éirí le chuile dhuine aghaibh i 2021.*

*Ó fhoireann Fhóram Chonamara.*


# Céad Slán Leis an gCoillín - 1937

Sé John T. Ridge, de bhunaidh an Choillín a chuir na pictiúir ar an leathanach seo agus ar an gcéad leathanach eile chugainn as Meiriceá. Mar seo a thug sé cuntas ar an scéal na bpictiúr seo:

“A group photo with my grandfather, Tom Mhaci Mac Con Iomaire in center and his wife, Nora, nee Cloherty (born in Dooyeher) with some of the neighbors. Thomas’ house and the hill of Culleen are in the background. This was taken by my aunt Bridie, daughter of Tom and Nora, on the day she left Cullen (around 1937) after a trip home from Brooklyn, New York. This was the last time she even saw her parents and most of the neighbors gathered who were in this rather lonesome scene”.



# Ag Díol Ar Thaobh An Bhóthair - 1937



Seo h'é an dara pictiúr a chuir John T. Ridge chugainn. Aintin leis, Bríd…no Bridie Tom Mhacaí - a thóg an pictiúir seo freisin nuair a tháinig sí ar ais ar cuairt as New York i 1937. Ceapann John T. Ridge go raibh an áit dhíolacháin seo feistíthe taobh amuigh de Shéipéal Charna. Níl muid inann a rá.


Pleanáil Teanga
Chonamara Láir
Ár dteanga,
Bí bródúil 's labhair í !
Síneann Limistéar Pleanála Teanga Chonamara Láir ó Chamus siar trí Ros Muc, Cill Chiaráin, Carna agus ó thuaidh go dtí An Caiseal, Sraith Salach agus siar go hInis Ní agus Iorras Beag Thiar in abhantrach Chloch na Rón. Ceantar an-eagsúil é ó thaobh patrún úsáide teanga. Tá cuid de na ceantair is láidre sa tír sa LPT seo chomh maith le cuid de na ceantair Ghaeltachta is laige maidir le húsáid laethúil na Gaeilge.
Guíonn muid chuile rath ar
Iorras Aithneach 2019!
www.conamaralair.ie
eolas@conamaralair.ie
@Conamaralair



**Gach rath agus beannacht ar Leabhar Iorras Aithneach 2019**

**Éamon Ó Cuív T.D.**

**Oifig Dáilcheantair,**
**Sráid Tobar an Iarla, Gaillimh**

**Constituency Office,**
**Flood Street, Galway**

*********

***Fón / Phone: 091 562846***
***Ríomhphost / Email: eamon.ocuiv@oireachtas.ie***
***www.eamonocuiv.ie***

# Mikie Ó Flatharta



Leitirdeiscirt
Carna
Co. na Gaillimhe
087-9593329



**Garraíodóir Cáilithe / Qualified Landscape Garderer**



*Nollag Shona do gach duine agus bliain nua mhaith*

# Cuan an Chaisil - 1889




Seo ceann de na pictiúir is sine as an taobh seo tíre ó bhailiúchán ghrianghrafanna Lawrence. Cuan an Chaisil agus is cosúil gur tógadh é ó Óstán an Zetland, no gar dó, agus an grianghrafadóir ag breathnú siar í dtreo an Chuain. Gar go láthair tá an áit a mbíodh tí Chreane; bhíodh siopa ann ar feadh piosa maith blianta. Tá Leitheanach siar uait, ar chlé. Bhí gnó ceilpe ag na Hazels siar ar thaobh na láimhe deise den chuan.

Barr chnoc Iorrais Bhig/Chloch na Rón le feiceáil siar uait. Ní athraíonn na cnoic!

# Na "Rocks of Bawn" – chuir Joe Éinniú fonn leis ar fud na Cruinne.

*- Sí Eileen Davis a chuir an t-eolas faoin amhrán mór seo i dtoll a chéile.*

*"Rise up gallant Sweeney and give your horses hay".* Tá na "The Rocks of Bawn" ar cheann de na hamhráin mhóra traidisiúnta béarla agus ní moide go raibh duine ar bith a bhfearr a bhí inann é a chasadh ná Joe Éinniú – Seosamh Ó hÉanaí - as an Aird Thoir i gCarna. Bhí sé ar an amhrán ba mhinicí a chas Joe i dteach ósta Rosie O' Grady's in Nua Eabhrach i Meiriceá. Go deimhin, fuair daoine as áiteacha ar fud an domhain eolas ar an amhrán san ionad sin; amantaí chasfadh Joe an t-amhrán i gcuideachta Liam Clancy. Bhí na Clancy Brothers agus Tommy Makem, Paul Brady agus Mary Keenan ina measc siúd a chuir leaganacha de na "Rocks of Bawn" ar an margadh.

Insítear scéal an fhir óg atá in éadan an chéachta ó mhaidin go faoithin san amhrán. Abraíonn sé gur b'é an pionós céanna oibre atá in ann do fhear óg ar bith eile a théann ag spailpínteacht do fheilméara muna mbíonn socrú ann i dtosach.

*"Don't hire with any master until you know what your work will be"*

Tá ar an bhfear óg seo – Sweeney no Mac Suibhne – éirí le maidhneachan lae agus coinneail leis an obair go luí na gréine. Níl caoi ná cuma ar a bhealach:

*"My shoes they are well worn and my stockings they are thin,*
*And my heart is always trembling in case they might give in".*

Muna bhfuil ann ach go ligean sé a scíth, tá a mháistír ag caitheadh anuas air agus tugann sé faoi nuair a chaitheann sé an piopa. Tá Mac Suibhne óg chomh céasta sin ar an gcéachta agus é in éadan talamh cloiche agus go gcuimhníonn sé gur bhfearr dó a bheith san Arm. Bheadh páigh sheasta aige, adeir sé agus bheadh sé ag troid ar shon ghlóir na tíre seo i Reisimint Éireannach.

*"I wish the Queen of England would send for me in time,*
*And place me in some regiment all in my youth and prime".*

## CÉ SCRÍOBH NA "ROCKS OF BAWN".

Níltear siúráilte uilig go léir ach tá chuile chosúlacht ar an scéal go raibh lámh san gcumadóireacht ag Micheál Mac Suibhne. An "Bard of the West" a thugtaí air. Rugadh é gar do Chunga Fheichín sa mbliain 1760. Chuaigh sé siar go Conamara agus chaith sé a shaol gar do cheantar an Chladaigh Dhuibh. Tabharfaidh tú faoi deara agus tú ag taisteal an bhóthair as an gClochán i dtreo an Chladaigh Dhuibh reilig atá ansin leis na cianta agus agus tá iarsmaí teampaill ansin – Teampall Átha Deirge. De réir an chuntais atá tugtha ag James Hardiman agus é ag scríobh in 1846 ba in aice na háite sin a mhair Micheál Mac Suibhne agus is dóigh gur ansin atá sé curtha. Bhásaigh Mac Suibhne in 1820, sin 100 bliain taca ama seo. Bhí sé i gceist go gcuirfí comhartha cuimhneacháin in omós do Mhicheál Mac Suibhne gar do gheata na reilige i mbliana ach chur an galar Covid 19 chuile short thrína chéile.



**Eileen Davis**

Bhí deartháir d'arbh ainm Toirealfhach ag Micheál agus bhí seisean ábalta ar chumadóireacht freisin. Tá sé ráite go raibh an tríú deartháir, Pádraig, sa taobh sin tíre freisin. Is cuid de shliocht na ndeartháracha seo iad an teaghlach aitheanta gnó, muintir Sweeney – Mac Suibhne – as an gCladach Dubh. Tá aithne mhór, ar ndóigh, ar John Sweeney, ar leis Óstán Theach an Stáisiún, Sweeney Oil agus ionaid ghnó eile.

Bhí scríbhneoireacht Mhichil Mhic Suibhne chomh maith sin agus gur bhfiú le James Hardiman roint dá chuid amhráin a chur i mbailiúchán aitheanta "Iar-Chonnacht" in 1846.

San mbailiúchán scéalta agus aistí a tógadh ó ghasúir bunscoile i 1937/38 tugtar faoi deara go bhfuil na "Rocks of Bawn" luaite in ábhar a tháinig isteach as contaetha an Chábháin, Uibh bhFáillí, an Clár, Liatriam agus Muigheo. Dúradh i gcuid de na scéalta sin go mbeadh áit "Bawn" gann ar thalamh maith ach go mbeadh fuíollach clocha ann. Luaitear freisin tomacha agus crainnte draighin a bheith ann.

Tá sé ráite freisin gur fear d'arb ainm Sweeney a chum an t-amhrán ach gan aon chinnteacht faoina ainm baiste.



**John Sweeney, an fear gnó.**
Duine de shliocht Mhichíl Mhic Suibhne.

Mar a chéile iad focla an amhráin i mórán chuile chontae. I gContae an Chláir tá sé ráite gurbh é Pádraig Sáirséal a thabharfadh an deis do fhear óg cráite an chéachta a dhul ag troid d'Éirinn. Ceaptar gur fear d'arb ainm an "Bully Nevin" a thug an t-amhrán go Contae an Chláir, ceoltóir sráide a théadh ar fud na tuaithe freisin i nGaillimh agus i Muigheo.

Bhíodh Joe Éinniú ag rá gur b'é an "gentleman" Oilibhéar Cromail a ruaig an Sáirséalach go hiarthar na hÉireann. Fiú agus go mbeadh Pádraig Sáirséal ann roimh aimsir Mhichíl Mhic Suibhne bheadh an Suibhineach ar an eolas faoi go maith. Mar shampla, tá dún ar mhúnla obair Chromail ar Inis Bó Finne.

I gcontae Liatroma, sí an "Queen of England" atá i gceist acu san amhrán: "I wish the Queen of England would send for me in time". Deirtear gur in 1836/1837 a chualathas an t-amhrán i dtosach sa taobh sin tíre. Is díol spéise é seo mar sé an Rí William a bhí ar an gcoróin go dtí 1837 agus bhí an Bhanríon Victoria ann ina dhiaidh sin go dtí 1901.

**Joe Éinniú agus na "Rocks of Bawn".**

Bhí sé de nós ag Joe Éinniú míniú a thabhairt ar an scéal a bhain leis na "Rocks of Bawn" sul a gcasadh sé an t-amhrán. Mhínítí an t-anró agus an cruatan a bhí ar dhaoine a díbríodh as a bhfeilmeacha agus a cuireadh siar go Connacht; ba mhór an t-athrú é an talamh garbh, cloiche ón talamh a chleacht siadsan. D'insíodh sé an scéal freisin faoi pholaiteoir ("a certain politician") a mhol i nDáil Éireann go gcruinneofaí gach a raibh de chlocha i gConamara agus go ndéanfaí bóthar astú trasna an Atlantaigh! Sé James Dillon (1902-1986) a bhí i gceist aige a raibh eolas maith aige ar Chonamara agus a thagadh go dtí Óstán Mhongáin i gCarna. Go deimhin, is maith a chuaigh na turais go Carna do Mhac Uí Dhiollúin.



**Joe Éinniú (Seosamh Ó hÉanaigh).**
Chuir sé cáil ar na "Rocks of Bawn" i bhfad agus i ngearr.

Ba ansin a casadh Máire Phelan as Cluain Meala dó. Phósadar 6 seachtaine théis dóibh súil a leagan ar a chéile. Bhí Máire 22 agus bhí James Dillon 40. Sin scéal thairis, ar bhealach, ach is léir nach ar chlocha agus ar ailltreacha Chonamara, má ar thailte "The Rocks of Bawm" uilig a bhí intinn James Dillon nuair a chasfadh sé an bealach seo.

The "Rocks of Bawn" adeir tú. Tá focla an amhráin anseo. Casagí amach é an Nollaig seo!

## THE ROCKS OF BAWN

Come all ye loyal heroes and listen onto me.
Don’t hire with any farmer till you know what your work will be.
You will rise up early in the morning from the clear day light of dawn and you never will
be able to plough ‘The rocks of Bawn’.

My shoes they are well worn and my stockings they are thin.
My heart is always trembling now for fear it might give in.
My heart is always trembling now from the clear day light of the day and I am afraid that I never will
be able to plough ‘The rocks of Bawn’.

Rise up, gallant Sweeney and give your horses hay,
And give them a good feed of oats before they start away.
Don’t feed them on soft turnips that grow on yon green lawn or they never will
be able to plough ‘The rocks of Bawn’.

My curse attend you Sweeney boy, you have me nearly robbed.
You’re sitting by the fireside now, with your dáidín in your gob.
You’re sitting by the fireside now from the clear daylight of dawn and you never will
be able to plough ‘The rocks of Bawn’.

I wish the Queen of England would send for me in time,
And place me in some regiment all in my youth and prime.
I’d fight for Ireland’s glory from the clear daylight of dawn and I never would return
again to plough ‘The rocks of Bawn’.



# Iarnród thrí dheisceart Chonamara.

*- le Seosamh Ó Cuaig.*



**Traen Chonamara i Stáisiún an Chlocháin.**
Ansin atá Óstán Theach an Stáisiún anois. Bhí traen Chonamara i mbun seirbhísé idir Gaillimh agus an Clochán sa tréimhe 1895 -1935.

**Murach cleasaíocht pholaitíochta d'fhéadfadh sé gur anoir trí dheisceart Chonamara a chuirfí an t-iarnród a cuireadh as Gaillimh don Chlochán. Rinne dreamanna iarracht láidir a chur ina luí ar an rialtas Gallda an t-iarnród a chur le cladach. Mhol siad go sínfí é as Gaillimh tríd an Spidéal, trí Indreabhán, go Ros a'Mhíl, ó thuaidh ansin agus siar Camas Íochtair, trasna trí chuan Chamais go Snábó, as sin don Turlach, tríd an nGabhlán agus siar an Caiseal chomh fada leis an gClochán. Go deimhin an dream ar iarradh orthu an t-iarnród a chur ó thuaidh, an Midland Great Western Railway Company, ba é an slí ó dheas a rogha freisin. Ach bhí an brú polaitíochta as tuaisceart Chonamara ró-láidir. Ba mhór an cuidiú dóibh go raibh na tiarnaí talún, na Berridges, sásta an t-iarnród a ligean trína n-eastát in aisce.**

**Ar na daoine a labhair ar son an t-iarnród a chur trí dheisceart Chonamara bhí ceannaire mór Chonradh na Talún Micheál Daibhéid. Seo litir a scríobh se chuig nuachtán náisiúnta:**

Ballybrack, County Dublin,
Dec 3rd, 1889

My Dear Sir--- You are good enough to ask my opinion upon the rival routes from Galway to Clifden. I will express it for what it is worth, merely adding that I am likely to be influenced as an outsider by familiarity with one of the proposed routes, and the great intimacy I have had with the people residing in or adjacent to the district which it embraces. I am likewise influenced by a belief that a line should be constructed which will benefit the largest number of people and reach localities that embrace most active or most possible industries.

The route along the seacoast (assuming that it possesses no insuperable engineering obstacle, and that the cost of construction will not amount to any unreasonable figure above the estimated cost of the rival route) would , in my judgement, confer the greatest benefit of the two.


It would run through an almost continuously populated country and one which, Heaven knows, needs development more than any section of a country to be found in Ireland: while at Costello Bay it would pass within an hour's sail or Aranmore, with its big population and isolated opportunities. This route would take in the entire fishing industries from Spiddal to Clifden and would afford to the fishermen along the whole coast line facilities for reaching markets which the Oughterard route could not possibly give.

For these and other kindred reasons I would give my vote to the sea coast line.

The people of Clifden are of course an important consideration in this matter but if a line was constructed between that important town and Galway, it ought not to matter much to the capital of Connemara which of the rival routes is selected. Oughterard is undoubtedly a place deserving of attention, and in need of rapid communication with Galway, but in population and other matters which a line is built to serve it cannot have the claims which the coast line districts possess in their greater population and almost exclusive possession of those industries which the light railway is projected to develop. Beyond Oughterard there are comparatively few people until Clifden is reached. The trout and salmon fishing of Recess and Glendalough is doubtless important—to holiday anglers from England and elsewhere: but the wretched fishermen who live along the sea line are of more importance, in my opinion, to the permanent interests of the country and are entitled to more consideration than the wealthy owners of the lakes and streams of Ballynahinch.

If in addition to the line along the coast from Galway to Clifden a tramway could be built from Galway to Oughterard that entire section of county Galway would then be fairly well provided for.

I remain yours very truly,
MICHAEL DAVITT



**Michael Davitt –**
bhí sé ar shon cúrsa difriuil don traen.





**Óstán an Station House sa gClochán, an áit a raibh stáisiún na traeneach sa gClochán idir 1895 agus 1935.**

GAEL LINN

Ag caomhnú cultúr na Gaeltachta










www.gael-linn.ie

# An Saol Thall – An Croí Abhus



D'fhágadar Carna agus phósadar i mBoston -
**Bríd McDonagh (Bríd an Ghabha)** as Leitir Ard agus
**Colie Lydon** as Roisín na Mainíoch sna 1950aidí.



Thaithnigh an fharraige go mór le Cóilín ina fhear óg. Tugadh an currach anonn agus nuair a bhásaigh Colie, tugadh an currach go Teach i mBoston agus go dtí an reilig. An currach a bhí ag na Loideáin i Roisín na Mainíoch fadó.



**Bríd Ní Uaithnín** - Bridie Shámais Dhiarnuid an lá ar phós sí i Meiriceá.Tá pictiúr againn di in áit eile san leabhar agus í ag fágáil slán le Carna agus Muigh Inis i 1953.



**Cladach Mhuigh Inse**

# Joe Pheadar Tommy – Céad slán leis

*- le Máirtín Ó Catháin.*

Na focla moltacha a dúradh faoi Joe Pheadar Tommy – Joe Lydon – i Séipéal Mhuire i gCarna ar an 29ú lá de mhí na Nollag seo caite, ní raibh bréag ná áibhéil ag baint leo. Go deimhin, d'fhéadfaí go leor eile a rá faoi Joe; bhain uaisleacht agus gnaiúlacht leis ar pháirc na himeartha agus ina shaol uilig. Mar cé go bhfanann pictiúir an pheileadóra óig san intinn, bhí buanna go leor ag Joe. Thairis sin uilig bhí aghaidh an tsuáilcis agus croí na córa ag Joe Pheadar Tommy.

Agus a chónra ag dul amach geata an tSéipéil ar a bealach go Reilig Mhuighrois thug muid bualadh bos dó. Uimhir a trí ar an ngeansaí buí ar an gcónra. An aistir dheiridh.

Chuimhnigh mé gur b'é an trua é nach gcuireann muid in iúil do dhaoine an meas agus t-ómós atá againn dóibh agus iad beo, láidir agus inár gcuideachta. Ach, is dóigh gur bh'shin iad bealaí an tsaoil. Ar aon nós, shíl muid uilig go raibh neart eile saoil amach roimh Joe; bhí sé teannta amach sna seascaidí ach nach gcaithfeadh sé go raibh cuid mhaith den spreac agus den teacht aniar a bhí ann mar lán chúlaí i ngeansaí buí Charna ina cholainn agus ina chnámha fós.

Faraíor, ní mar sin a bhí.

Rug an droch thinneas air cineál sciobtha. Bhí sé san Ospidéal i nGaillimh agus bhí cóir leighis throm 'á cur air. Bhí sé tinn dá bharr sin fresin ach shil muid uilig go dtiocfadh sé as sin. Bheadh sé sách luath a dhul ag breathnú air nuair a d'fheabhsódh sé. Ach, ní mar sin a bhí, ach an oiread.

Shéalaigh Joe agus an bhliain anuraidh ag sciorradh léi freisin ar chosán na síorraíochta. Bh'shin beirt imíthe as teaghlach Uí Loideáin as Muighros taobh istigh d'aon bhliain amháin. Bhásaigh Treasa i mí Eanáir 2019. Tá Joe gaibhte ar an gcósán uaigneach céanna anois go Reilig Mhuighrois. Go raibh suaimhneas síorraí ag an mbeirt acu.



**Joe Pheadar Tommy**

Théis a chuid laetheanta scoile i gCarna d'éirigh le Joe príntíseacht ceirde a fháil le Bord Soláthair an Leictreachais; cáilíodh é mar Fheisteoir Meicniúil. Sna blianta sin bhí a cháil in airde mar pheileadóir. Roghnaíodh ar fhóirne mionúir na Gaillimhe é agus mar lán chúlaí freisin ar fhoireann Ghaeltacht Chonamara i gComórtas Peile na Gaeltachta. Bhíodar ann adeir go raibh an mianach ann le dhul chomh fada le fóireann sinsir na Gaillimhe ach bhí mianta eile – agus pleananna oibre – ag Joe agus chuaigh sé ar an imirce go Londain. Ba ansin a phós sé féin agus Marion Ní Chaonaigh as Leitir Ard. Thógadar beirt chlainne, Tomás agus Peadar. Ach, bhí an dúchas i gcónaí ag fógairt orthu; tháinig siad ar ais agus shocraíodar síos i gCarna.

Fuair Joe post mar fhear cothabhála i dtionscail Arramara Teo i gCill Chiaráin agus dualgas air measiní agus innill na monarchan a choinneail ag imeacht ar ard-chaighdeán. Ba mhaith oilte a bhí sé ar an gceird sin; bhí a cháil i bhfad agus i ngearr de bharr a chuid scileanna. San am chéanna, thug sé lámh chúnta aríst i gCumann Peile Charna/an Chaisil agus sé a bhí ina bhainisteoir ar an bhfoireann a chuaigh chomh fada le cluiche ceannais sinsir an chontae i 2005. Ba bheag nár chuireadar Bóthar na Trá/Cnoc na Cathrach – seaimpíní club na hÉireann an bhliain sin – de dhroim seoil.

I gcaitheamh an ama uilig, idir a chuid blianta i Londain agus ina dhiaidh sin nuair a d'fhill sé ar an mbaile, bhí croí Joe sa gceol traidisiúnta. Bhí sé féin inann cupla port a bhaint as cupla uirlis cheoil. Rinne sé píosaí móra taistil - é féin agus mac a dheirfíre, Seán Ó Gaora as Carna – le riar mhaith blianta agus iad sa tóir ar cheol Gaeleach. Ar ndóigh, ba col seisearacha leis iad na hIarnáin as Roisín na Mainíoch agus thagaidís chun an tí chuig Joe agus Marion faoin Nollaig agus chuirtí ceol go gealach. Ag Aifreann na sochraide i Séipéal Charna, bhí na hIarnáin ag ceol ar an áiléar. Bhíodar cumasach. Nach b'é Joe a bhainfeadh an solamar as chuile phort a chasadar.

Bíonn a fhios agat nuair a bhíonn gean agus ómós dháiríre do dhuine. Thabharfá faoi deara é sin í gCarna agus ar fud na háite na laetheanta sin i deireadh mhí na Nollag. Bhí an t-ómós sin, agus an t-uaigneas mar chomhluadar aige, greannta ar cheannaghaidh chuile dhuine i Séipéal Mhuire nuair a léadh Aifreann na sochraide. Bhí slua ollmhór ann. Is mór a airíonn a bhean Marion agus a clann mhac Peadar (i Vancouver i gCanada) agus Tomás ( i mBaile Átha Cliath) uathu é. Mar a chéile an scéal ag deirfiúracha agus deartháracha Joe agus sin iad: Máirín, Bríd, Áine, Bernadette, Peigí, Bairbre, Tomás agus Máirtín - a chliamhain, a ghaolta agus a chairde.

Tá geansaí uimhir a 3 gaibhte in éineacht le Joe chuig an uaigh i Muighros; ní fhéadfadh sí a bheith ag fear níos fearr.

**Nioclás Ó Conchubhair Teo**
**Homevalue**

**Leitirmóir, Co. na Gaillimhe**
**Fón: 091-551 114 Faics: 091-551 258**

**Rogha agus Seirbhís den Scoth**
***Quality Choice Service***

**Stór Nua Oscailte anois i gCasla**

**Fón: 091-506111**
**Faics: 091-506044**

***Ábhar Tithíochta, Pluiméireacht, Leictreach,***
***Meaisín Níochán, Soirn, Crua Earraí,***
***Péint & Srl***

FCL teo

Forbairt Chonamara Láir

De réir a chéile a thógtar na caisleáin

Teach an Údaráis, Carna, Co. na Gaillimhe, H91 X07X.

Fón: 095-32688 / 087 3294478

www.conamaralair.ie

fclteo@conamaralair.ie carna@gteic.ie

Conamara Láir

Gaeltacht na hÉireann



Kavanagh's SuperValu, The Square, Clifden

Specialists in fresh foods

If you need any help in our fresh fish department or have any questions, I'll be happy to help you.

Just ask. Martina

**Open 7 Days A Week**

**Fruit & Veg • Meat & Deli • Fine Range of Fresh Cut Cheese • Fresh Fish**
**Daily Lobster, Crab & Mussels • Off License • Instore Bakery • Household 180 Car Park Spaces**

Kavanagh's SuperValu

Real Food, Real People

Abbey
School of Motoring

Galway • Clifden
Manual & Automatic Cars available
(091) 592040 • (087)7699222
Gift Vouchers available

Matt O'Sullivan
Estate Agent, Valuer & Auctioneer

Established in 1982, Matt O'Sullivan Auctioneers is a family run business located in the heart of Clifden town, operating in Connemara, West Galway and South Mayo. Our fully qualified and experienced negotiators are available to help and advise on all matters relating to the buying and selling of property in the area.

**Visit our website on www.mattosullivan.com**
**or contact us directly on +353 95 21066 or property@mattosullivan.com**

Matt O'Sullivan M.I.P.A.V
Estate Agent, Auctioneer & Valuer
The Square, Clifden, Co. Galway

Company Reg:103678
PSL No: 0001605
VAT No: 4701715L

NOLLAIG MHAITH DHIBH
AGUS BLIAIN NUA FAOI MHAISE.



# GERRY KING –

## Comhairleoir Contae.

*Beannachtaí na Nollag do mhuintir Chill Chiaráin, Carna, Ros Muc agus Chamais agus Chonamara uilig.*

---

Tuigim bhur gcás sa gceantar sin uilig agus déanfaidh mé mo dhícheall dhibh.

**Teagbháil: 086-1798749 agus gerryking@cllr.galwaycoco.ie**



# Mylotte's

Carna

Siopa Grósaera

**Téil: 095-32256**

**Faic: 095-32951**

***Ann Mylotte Adhlacóir***
***&***
***Teach Tórraimh***



**Socraithe Iomlán sochraide agus creimeadh Teach Tórraimh Ionnaithe cóiriúil don séipéal.**

*Nollaig mhaith go chuile dhuine, gach rath ar an Iris*




**Clifden Pharmacy and Photographic Centre**

**Main Street, CLIFDEN**

Phone: 095-21821

E-mail: clifdenpharmacy@eircom.net

For your medical supplies and cosmetic products,
Christmas presents and passport and licence photographs.
Friendly and efficient service from Noreen Casey and her team.

***Nollaig faoi shéan agus faoi mhaise agaibh uilig.***




# CLIFDEN SUPPLY CENTRE

Builders Providers and General Merchants.

**An Clochán**

**095-21476**

**E-Mail: clifdensupply@eircom.net**

*Nollaig Mhaith agus athbhliain faoi mhaise agaibh uilig.*

**Clifden Supply Centre, Galway Road, Clifden.**

# Focal as an gCatalóin

*- le Cathal Ó Cuaig.*

I bhFómhar na bliana 2017 a chur muid fúinn sa gCatalóin. Ba mhéanar dúinn ár saol nua agus muid triúr ag fanacht in árasán beag bídeach i gcroílár Barcelona. Ní raibh ár n-iníon Ailbhe i bhfad iompaithe bliain agus ba mhór an spóirt dúinn í a fheiceáil ag stamrógacht trasna phlásóga dhoirneogacha na cathrach coimhthíche seo ar nós gur mba léi an áit.

Is Polannach í mo bhean. San Iodáil a chas muid ar a chéile sé bliana déag ó shin. Bhí an bheirt againn ag staidéar san ollscoil chéanna agus an bhliain dar gcionn d'aistrigh sí go Gaillimh. Shocraigh muid nuair a tháinig Ailbhe ar an saol filleadh ar chultúr Mheánmhuirí na Catalóine agus iarracht a dhéanamh cur fúinn ann go buan.



Cathal Ó Cuaig, a bhean Roxeanne agus a n-iníon, Ailbhe.

Ní ar ala na huaire a rinne muid an cinneadh ach bhí roinnt rudaí i bhfabhar na Catalóine mar áit chónaithe. Tá mo dheirfiúr Niamh ina cónaí anseo le roinnt mhaith blianta, mar atá col ceathrar agus col seisear liom. Is deas an rud daoine muinteartha a bheith in aice láimhe agat.

Tá riar mhaith eitiltí gach lá go hÉirinn agus go dtí an Pholainn, rud a thugann deis rialta dúinn cuairt a thabhairt ar ár muintir sa dá thír agus a thugann deis domsa a bheith ag obair sa mbaile. D'éirigh le mo bhean a cuid oibre a aistriú go dtí an oifig atá acu i mBarcelona, rud eile a rinne cúrsaí i bhfad níos éasca dúinn.

Fiú amháin má bhí an méid sin féin inár bhfabhar, bhí muid neirbhíseach ag an am céanna. Bhí Spáinnis mhaith go leor againn beirt ag teacht anseo, ach fós bhí drogall orainn ó thaobh ár n-iníne de. Céard a tharlódh dá ngortódh sí í féin agus dá mbeadh orainn dul san ospidéal agus nach dtuigfeadh muid ceart an dochtúir?

Ba é sin an uair a thuig mé ceart cás lucht iarrtha tearmainn a thagann go hÉirinn ar bheagán Béarla, nó na hÉireannaigh a chuaigh go Meiriceá fadó.

An chéad mhí sin a thosaigh mé de réir a chéile ag cur níos mó suntais sa méid a bhí ag tarlú timpeall orm. Bhí sé soiléir go raibh gluaiseacht neamhspleáchais na Catalóine ag druidim le lá na cinniúna.

Gach bliain ar an 11ú de Mheán Fómhair, déantar ceiliúradh ar an "La Diada", lá náisiúnta na Catalóine. I 2017 bhí muid ina lár i mBarcelona nuair a tháinig sluaite ollmhóra amach ag ceiliúradh agus ag fógairt gur ghearr go mbeadh siad saor ón Spáinn.

Bhí siad ag pleanáil reifrinn ar an 1ú lá de Dheireadh Fómhair agus bhí rialtas agus cúirteanna na Spáinne ag déanamh gach iarracht é a chur faoi chois.

Is deacair an t-atmaisféar a bhí ann an tráth sin a chur in iúl. Bhí imní, dóchas, faitíos agus fearg san aer. Tharla sé go raibh mise ag déanamh taighde ar chlár faisnéise ag an am ar shaol agus shaothar Choilm Uí Ghaora, uncail do mo Mhamó a bhí sna hÓglaigh.

Bhí cosúlachtaí an-suntasach idir an méid a d'airigh mé féin sa gCatalóin na seachtainí sin agus an cur síos a rinne Colm ina leabhar "Mise" ar an tréimhse roimh Éirí Amach na Cásca in iarthar na hÉireann.

An spiorad iontach sin a ghríosaigh iad siúd a chreid go bhféadfaí an saol a athrú, ach an gníomh a dhéanamh agus éirí amach. Bhí an fuinneamh céanna san aer ar shráideanna Bharcelona na laethanta úd, agus bhain mé féin an-sásamh as a bheith ag déanamh roinnt tuairiscí as do Raidió na Gaeltachta.

Lena linn sin ar fad a thosaigh mé ag smaoineamh ar thoradh ár gcinneadh bogadh anonn. Cén chaoi a bhfeicfeadh Ailbhe í féin nuair a fhásfaidh sí suas. Mar Éireannach, mar Pholannach, mar Chatalónach nó mar Spáinneach? Níl freagra na ceiste sin agam fós, ach shocraigh mé an uair sin gur i nGaeilge amháin a labhairfinn léi agus í ag fás aníos. A bhuíochas sin b'fhéidir d'fhear Inbhir.

# Dave Riley – Eolas thar cuimse ar dhaoine muinteartha.

*- le Seosamh Ó Cuaig.*

An chuid againn i bparóiste Charna agus i bparóiste Ros Muc a bhfuil spéis againn sa ngineolaíocht, airíonn muid uainn Dave Riley a bhásaigh i Rhode Island Mheiriceá . Ní raibh duine ar bith is mó a raibh tuiscint aige ar ghéaga ginealaigh an dreama a tháinig romhainn ná eisean agus ba fial flaithiúil uaidh a chuid eolais a roinnt linn i gcónaí.

Is gearr a bhíonn gaol ag scaipeadh agus ní furasta cuntas a choinneáil ar an dream ónar shíolraigh muid. "D'aithneoinn as na daoine thú," a deirtí fadó. Ní minic a chloisfeá anois é. Ba mhaith a chuir an file Máirtín Ó Direáin é:

*Fir na scéal mo léan!*
*Is an bás á leagadh,*
*Mná na seál á leanacht*
*Is mise fós ar marthain*
*I measc na bplód gan ainm*
*Gan "Cé dhár díobh é" ar a mbéal*
*Ná fios mo shloinne acu*

D'imigh an comhrá agus an seanchas cois teallaigh, ach má d'imigh féin, tá an ríomhaire agus an idirlíon anois ann agus roinnt daoine mar a bhí Dave Riley leis an eolas a bhailiú agus a roinnt.

Eolas é a mbíonn an-tóir ag Gael-Mheiriceánaigh air agus ag a gclann sin aríst. Tá rud eile fúthusan agus is é sin go mbíonn scéal iomlán a muintire uathu. Ní chuireann sé corrabhuais ar bith orthu má chuaigh duine dá sinsear i mbradaíl nó má tugadh duine acu os comhair cúirte faoi choir eicínt.

Tá na hAstrálaigh an an gcaoi chéanna: údar bróid dóibh gur díbríodh duine dá sinsear go Van Dieman's Land, mar shampla.

Níor thug mé suas ceart críochnaithe do Dave Riley é gur tháinig bean as Florida an taobh seo ag cur tuairisc mhuintir Ghiolla Máirtín a raibh gaol aici leo. Mar a tharla, bhí gaol aici le mo bhean chéile féin freisin.



**Dave Riley, stairí teaghlaigh agus ginealachais.**

Mhínigh mise di go bhfuil aill i Maínis a dtugtar Aill Mháirtín Aodha uirthi. Duine de mhuintir Ghiolla Máirtín ba ea Máirtín Aodha. Bhí sé ag cur fhataí lá agus é ag obair chomh dícheallach gur chúlaigh sé amach thar imeall na haille síos ar an gcladach. Níor maraíodh é ach gortaíodh é.

Thart ar 200 bliain ó shin a tharla sé sin. D'aistrigh a dhream aniar go Roisin na Mainiach ina dhiaidh sin agus bhí an bhean seo as Florida ag iarraidh pictiúr a fháil anois d'fhothrach an tseantí.

Tráthnóna garbh báistí a bhí ann. Thug mé síos í trí phuiteach, trí aiteann agus trí dhriseacha . Bhí sí thart ar dheich mbliana agus trí fichid d'aois ach ní stopfadh tada í. Go fiú nuair a bhí sreang dheilgneach romhainn dúirt sí liom go diongbhálta go gcaithfeadh muid a dhul thairis.

Thóg sí an pictiúr agus d'fhiafraigh sí díom ansin cén ceangal go díreach a bhí aici le Máirtín Aodha? "Níl freagra na ceiste sin agam dhuit, a dheirfiúirín," arsa mise, "beidh orm scéala a chur go Rhode Island chuig fear darbh ainm Dave Riley."

“Go Rhode Island!” arsa sise agus ionadh an domhain mhóir uirthi.

”Sea,” arsa mise, “sin é an fear a inseos dhúinn é.”

Taobh istigh de bheagán laethanta bhí an t-eolas ar ais ó Dave. Ní hé amháin go ndeachaigh sé siar an dá chéad bliain go dtí aimsir Mhairtín Aodha ach rianaigh sé a shliocht anuas go dtí bean Florida agus go dtí an mac is óige againne, Colm.

Cén bhrí ach ní Éireannach a bhí i Dave Reilly ar chor ar bith ach Meiriceánach. I mBostún a rugadh é. Ceannasaí i gcabhlach Mheiriceá a bhí ann. Thug sé seirbhís i Vítneam agus i Murascaill na Peirse.

B’as an bparóiste seo bean Dave, is í sin Treasa Ní Bhriain. Is cinnte gurbh ise a spreag é le dhul i mbun taighde orainne. Bhí an-spéis ag Dave i scéal a seanathar Seán Ó Briain.

Bhí Seán Ó Briain ar dhuine de na seanchaithe ab fhearr in Éirinn lena linn, murarbh é ab fhearr ar fad. Nuair a tháinig an scoláire mór Jeremiah Curtain as Meiriceá go Cill Chiaráin thóg sé scéalta ó Sheán Ó Briain. Blianta ina dhiaidh sin thóg Seán Mac Giollarnáth scéalta uaidh agus d’fhoilsigh sé iad ina leabhar “Loinnir Mac Leabhar”.

Nuair a bhí Robert Flaherty ag déanamh an scannáin “Man of Aran” socraíodh an chéad mhír scannánaíochta riamh i nGaeilge a dhéanamh. Seanchaí ag inseacht scéil an t-ábhar a roghnaíodh. Moladh go láidir gurbh é Seán Ó Briain a d’inseodh an scéal ach bhí an tsláinte ag cliseadh air faoin am seo agus cailleadh é go gairid ina dhiaidh sin. Ba é Seáinín Tom Ó Direáin as Árainn a cuireadh ar an scáileán sa deireadh.

Céad slán leat, a Dave Riley. Ní fheicfidh muid aríst thú ar do chuairt inár measc ag comhrá leis na seanfhundúirí nó istigh i reilig ag tógáil phictiúr de na leachtanna.

Ní fheicfidh ach tá stór mór eolais fágtha i do dhiaidh agat agus beidh muid ag cur leis abhus agus thall de réir a chéile.


Thoughtful things for your Home.

Lydon’s – Carpets and Flooring.

Moycullen.

Large selection of carpets, vinyls, semi solid and laminated Floors.

Fitting and delivery available.
Compórd agus teolaíocht sna carpets seo!

**Fón: 091 - 555962**
**lydonscarpets@gmail.com**

Síos go básta sna carpets!

# Teach Altranais Charna

## *Nursing Home*

**Carna, Conamara, Co na Gaillimhe. Teileafón: 095-32854/32855.**

***Compóird agus aire don chéad scoth.***
***Suite ar chiúmhais na mara.***



STIÚRTHÓIRÍ:
**Dr Micheál Ó Cathasaigh,** M.B., B.Ch., B.A.O., D. Ch., R.C.O.G., D.G.M.,
D.Obs, M.R.C.G.P., M.I.C.G.P.,
Dip. Family Planning, Dip. Dermatology.
**Sally Uí Chathasaigh,** S.R.N.

***Email:***
***info@carnanursinghome.com***

***VHI, BUPA APPROVED***

# Lough Inagh Lodge

**Recess, Connemara, Co. Galway**

**Scenic Walks, Turf fires, Good food, Great Value.**




**The lodge in the heart of Connemara.**

**095 34706/ Inagh@iol.ie**

**www.loughinaghlodgehotel.ie**




Oifig Toghlaigh
4, Teach na Tráchtála
Sráid Thobar an Iarla
Gaillimh
Tel: 091-567870 nó 01 6184411
catherine.connolly@oireachtas.ie
http://catherineconnolly.com

**Connemara Credit Union Ltd**
**Comhar Creidmheasa Chonamara Teo**

IRELAND

## Amanta Oscailte

**Oifig an Chlochán 095-21101**

| | | |
|---|---|---|
| Dé Luain | 12pm to 3pm | 4pm to 6pm |
| Dé Máirt | 10am to 1pm | 2pm to 4pm |
| Dé Céadaoin | 10am to 1pm | 2pm to 4pm |
| Déardaoin | 10am to 1pm | 2pm to 4pm |
| Dé hAoine | 10am to 1pm | 2pm to 4pm |
| Dé Sathairn | 10am to 1pm | |

**Oifig Tulach na Croise 095-43973**

| | | |
|---|---|---|
| Dé Luain | 12pm to 3pm | 4pm to 8pm |
| Dé Céadaoin | 9am to 1pm | 2pm to 5pm |
| Dé hAoine | 9am to 1pm | 2pm to 5pm |

**Oifig an Chaisil 095-31128**

| | | |
|---|---|---|
| Dé Máirt | 10am to 1pm | 2pm to 5pm |
| Déardaoin | 11am to 2pm | |

**Teach an Údaráis, Carna**

| | | |
|---|---|---|
| Déardaoin | | 10am to 5pm |

**Iasacht Uait?**
**Fán gar go bhaile leis an gComhar Creidmheasa.**

# Stiofán Ó Cuirrín - maraíodh é sa gCéad Chogadh Mór



Ní raibh Stiofán ach 18 nuair a maraíodh é sa bhFrainc ar an 11-11-1918. Bhí an Cogadh ionann agus a bheith thart. Is Arm Mheiriceá a bhí sé. Ba deartháir é le Johnny Stiofán as an Aird Mhóir. Ba uncail é le Stephen Curran (RIP) agus le Marie Connolly (Curran, RIP) agus le Josie agus Seán Curran.

# Bhí an tAm Sin Ann



*Ó chlé:* **Josie Breathnach, Ann Bhreathnach, Stephen Breathnach** agus **Michael Coleman Flaherty**.
Bhí gaol gar idir na Breathnaigh agus Na Flatharta. Sé **Paddy Ó Mongáin** an fear atá taobh thiar díobh.
I 1956 a tógadh an pictiúr seo.



**South Boston 1915.**
Sí Nora Curran Walsh (1891-1965) atá sa lár.
Ar chlé tá **Mary Berry** (1913-2008) an páiste - iníon le James Berry as Carna agus Máire Josie (Catháin) as Gabhla. An gasúr ar dheis, deirtear linn gur col ceathrar é do Mhark Curran.
**I**ad uilig bainteach leis an Oileán Máisean.



**Brendan Dirrane** (mac le Garda as Arainn a chaith na blianta i gCarna) ar chlé anseo, agus **Tom Curran** as Carna.

# An tAthair Tomás Ó Máille – bás tragóideach in 1871.

*- le Jeaicí Mac Donncha*

**D'aistrigh sé "The Bells of Shandon" go Gaeilge.**



**Sean phictiúr do Shéipéal Mhuire i gCarna.**

Tosaíodh ar thógáil theach pobail Charna sa mbliain 1843. Ba é an tAth. Peadar Mac Con Bhuidhe an sagart a bhí ann ag an am. Nuair a bhí na ballaí tógtha, ní raibh aon adhmad acu le díon a chur ar an séipéal. Dúirt an sagart go gcuirfeadh Dia an t-adhmad chucu. Tamall ina dhiaidh sin briseadh bád ar na Sceirdí, agus tháinig an t-adhmad a bhí ar bord i dtír thart le cladach. Ba é an t-adhmad sin a chuir díon ar an séipéal. Críochnaíodh an séipéal sa mbliain 1845. An bhliain sin ar tosaíodh ar an séipéal [ 1843 ] rugadh buachaill beag, Tomás Ó Máille, i gCill Mhíodhna i gContae Mhaigh Eo. Chuaigh sé isteach i gColáiste Iarfhlatha i dTuaim sa mbliain 1859 agus as sin go Má Nuad sa mbliain 1862.

Bronnadh gradam sagairt air sa mbliain 1868, agus chuaigh sé mar shéiplíneach don Chlochán. Tamall gearr ina dhiaidh sin haistríodh é go dtí pobal Iorras Aithnigh.

Bhí cáil air mar gheall ar fheabhas a chuid seanmóireachta. Bhain sé cáil amach nuair a d'aistrigh sé 'The Bells of Shandon' go Gaeilge. Fuair sé bás ar an an 16ú Eanair 1872. Ní raibh sé ach ocht mbliana fichead d'aois.

Thug an tAthair Ó Máille an t-aistriú a rinne sé ar 'The Bells of Shandon' don Chanónach Uilleag a' Búrca. Thug seisean do Sheán Mag Fhloinn é a chuir i gcló sa 'Tuam Herald' é. Nóta: Tháinig an t-eolas seo ón leabhar 'Filí agus Filidheacht Chonnacht' le Tomás Ó Raghallaigh, 1938. Mar seo a cuireadh síos air in Annála Beaga ó Iorras Aithneach: Bhí an tAthair Tomás Ó Máille ina shéiplíneach i gCarna.

Bhí sé ina fhile. 'Sé a chuir Gaeilge ar "Cloga Sheandúin". Cailleadh é sa teach a bhfuil baintreach Sheáin Uí Mhongáin ina cónaí faoí láthair, sa mBántrach |Ard in aice le Cill Chiaráin. Nuair a cailleadh é bhí a mhuintir ag iarraidh a chur sa mbaile. Nuair a tháinig an tsochraid go dtí crosbhóthar Charna ní ligfeadh an pobal ó thuaidh í. Chuireadar iallach ar mhuintir an tsagairt é a chur sa teach pobail i gCarna. Deirtear nach bhfuil sé áúil sagart a thabhairt as an bparóiste a gcaillfear é. Ba é Mícheál MacDonncha as Roisín na Mainiach [a fuair bás i 1937] a d'inis an scéal beag seo. Nóta: Roinnt blianta ó shin chuir mé ceist ar chúpla duine faoi bhás an Ath. Uí Mháille, nó an raibh a fhios ag aon duine cén tsiocair bháis a bhí aige. Dúirt Tommie Phat Phatch gur chuala sé fhéin ón seandream go mba é an chaoi ar thit an sagart dá chapall agus nach dtáinig an fear bocht ón ngortú a fuair sé.

Tuilleadh eolais ó Sheosamh Ó Cuaig: Bhí dul amú beag ar Thomás Ó Raghallaigh. In 1871 a maraíodh é. Nuair a bhí caoi á chur ar shéipéal Charna le gairid frítheadh a chnámha. Rinne sé aistriúchán an-deas ar "The Bells of Shandon." Seo agaibh an chéad véarsa den amhrán sin agus an leagan a chuir an tAthair Ó Máille air:

*With deep affection and recollection*
*I often think of those Shandon bells*
*Whose sounds so wild would in days of childhood*
*Fling 'round my cradle their magic spells*
*On this I ponder where'er I wander*
*And then grow fonder, sweet Cork, of thee*
*While thy Bells of Shandon sound far more grand on*
*The pleasant waters of the river Lee.*

*Bíonn gean 'mo líonadh*
*An uair bhím ag smaoineamh*
*Ar chlogaibh Sheandúin*
*Ag scaipeadh ceoil*
*Mar cheolta Phárthais os cionn m'ógárais*
*Nár fhág a chuimhne*
*Mo chroí go fóill;*
*Bíonn m'intinn tógtha*
*Le smaoineamh m'óighe*

*Ar feadh mo shiúlta*
*Is mé lán de ghnaoi:*
*Mar gheall nár chualas*
*Aon chlog a bhuaileas*
*Mar chloga Sheandúin*
*Ar bharr na Laoi.*




SEÁN KYNE TD

Príomh-Aoire & Aire Stáit don Ghaeilge, don Ghaeltacht agus do na hOileáin
TD do Gaillimh Thiar/Maigh Eo Theas

Bóthar an Spidéil, Maigh Cuilinn, Co. na Gaillimhe J91 TY84

FÓN: +353 (0)91 868 111
R-PHOST: SEAN.KYNE@OIR.IE

WWW.FACEBOOK/SEANKYNETD
WWW.SEANKYNE.IE
TWITTER@SEANKYNETD

FINE GAEL

Comhar Naíonraí na Gaeltachta

**Ag soláthar seirbhísí luathbhlianta den scoth trí Ghaeilge sa Ghaeltacht**

**Comhar Naíonraí na Gaeltachta**
Aonad 3B, Páirc Gnó na Ceathrún Rua,
An Cheathrú Rua,
Co. na Gaillimhe,
H91 YN1Y.

Fón: 091-595337
R-phost: eolas@cnng.ie
www.comharnaionra.ie

# Takeaway Chonamara

*Nollag Shona do mo chuid custaiméirí ar fad.*

**Ti Leavy gach Déardaoin 5.00 – 9.00 p.m.**

*Gach rath ar Iris Leabhar Iorras Aithneach 2020*
*ó*
*John Chuimín agus a Chlann i gCamus.*

**Fón: 087 2315278**

# NOEL GREALISH T.D.

**OIFIG TOGHCHEANTAIR**
**BRIARHILL BUSINESS PARK**
**BRIARHILL**
**GAILLIMH**

**T: 091 764807**
**F: 091 764974**
**E: noel.grealish@oireachtas.ie**



# Joyce’s Grocery Shop and Bar

Recess

**SIOPA AGUS BEÁR - ÁBHAR FEILME - TEACH AN PHOSTA**

095-34658 agus 087-2686946

*Chuile short faoi do lámh d’ aon léim amháin!*

Food, drink, grocery shop, farm supplies, hardware, petrol, Post Office, lottery, music.

**Shop: 7.30 - 7.00 Monday to Saturday**
**10.30 - 12.30 Sunday**

**Bar Food: 10.30 - 6.00 Monday to Saturday**
**12.30 - 6.00 on Sunday**
**Food served later in summer**

ALL FARM NEEDS IN THE STORE – CHUILE SHORT LE HAGHAIDH NA FEILME.
DELIVERY TO YOUR DOOR – CHUIG AN DORAS!

# Tobar an Dúchais



**Ag Tobar Muire i Roisín na Mainíoch i mí Lúnasa 1957.**
*Ó chlé:* Nóra Ní Chuirrín (Uí Chonghaile) as Carna; Úna Uí Chuirrín (máthair Nóra); Mary Doonan (bean Mhiko Curran) agus Bairéadach as Muigh Inis é an fear óg, adeirtear linn.



**Michael Mháirtín Chormaic** (Ó Cuirrín) as an Oileán Máisean ó dhúchas, agus Carna ina dhiaidh sin, ag iomrá agus a mhac, **Cóilín**, taobh thiar.



**Pádraig Ó Niaidh agus a bhean, Máire (Ní Fhéinidh)** – bh'shin iad sean mháthair agus sean athair Mary Pat Maloney-Henderson a bhfuil a pictiúr in áiteacha eile sa leabhar seo, (iníon le Paitín Mháirtín Staffa as Caladh bhFuinnse).

# An Saol a Bhíodh Ann



**Droichead Inis Níadh sna 1950aidí -**
**Micheál Ó Conghaile** agus mála ar dhroim an asail. Ba mhinic a thugtaí málaí plúir agus málaí eile abhaile ar an gcaoi sin.



Tá ós cíonn 700 carr in Iorras Aithneach anois ach bhí an bád ar cheann de na príomhbhealaigh taistil tráth den tsaol.



As Meiriceá a tháinig an pictiúr seo. Ceaptar gur i gCill Chiaráin a tógadh é san aimsir a caitheadh.

# G-Teic ar an Eastát Tionscail

*- le Máirtín Ó Catháin.*




Lá breá samhraidh a bhí ann; mí Mheithimh 1998. Bhí muid as éadan ag tuinneadh ar Ruán Ó Bric, Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta san am sin, gur cheart Ionad Fiontraíochta a bhunú ar an Eastáit Tionscail i Roisín na Mainíoch. Mar atá muid anois féin, bhí muid ag iarraidh deiseanna agus áiseanna fóstaíochta a bhunú in Iorras Airhneach. Sa deiridh dúirt Ruán go ndéanfadh. Iarraidh orainn léarscáil bhunúsach den fhoirgnimh a chur soir go dtí an tÚdarás. Rinne muid amhlaidh; léarscáil bhunúsach a bhí intí! Munlaíodh an phlean ar an 'léarscáil' sin. Tógadh Ionad Fiontair Charna amach ar aghaidh Áras Shorcha Ní Ghuairim.

An tIonad G Teic a thugtar ar anois. Tá múnlú dá dhéanamh air sa gcaoi agus go mbeadh daoine inann a gcuid oibre a dhéanamh i gCarna fiú agus da mbeadh an comhlacht, nó an láthair oibre, i bhfad ó bhaile. Chuir Údarás na Gaeltachta córas leathambhanda den scoth isteach ann.

"Remote working" a thugann lucht an bhéarla ar na bealaí nua seo.

Ar ndóigh, tá an chruóg a bhaineann leis an vireas Covid 19 seo ag cur borradh faoin ngluaiseacht seo go mbeadh daoine ag obair ón mbaile, no óna gceantar féin. Táralaíonn sé anois go bhfuil deis chraolta ag Raidió na Gaeltachta san Ionad G. Tech agus oifig eile ann ag TG 4.

Rinneadh na socruithe seo de bharr Covid 19.

Tá Oifig ag Comhar Creidmheasa Chonamara ann agus sin seirbhís iontach don phobal – oifig bhreá, spásúil nua-aimseartha.

Is maith ann é an tIonad Fiontair – nó an GTeic anois. Tá cupla duine eile ann freisin. Tá tuilleadh oifigí dá bhforbairt anois sa bhfoirgnimh. Beidh spás do sheisear déag uilig ann. Ar ndóigh, ní féidir ach oireadh áiríthe daoine a cheadú ann anois de bharr géarchéim Covid 19.

Téann Nuacht Ghaeltacht Chontae na Gaillimhe ar fud an domhain as an G Teic i Roisín na Mainíoch. Sí Máire Áine Uí Chuaig is mo a bhíonn ina chion sin. "Feictear dom gur socrú iontach é", adeir Máire Áine. "Is féidir an obair a dhéanamh chomh maith céanna as agus a dhéanfá i larionad an Raidió i gCasla. Tá an córas wifi togha freisin. Ceart go leor, thóg sé scaithín teacht isteach ar chupla rud teicniúil i dtosach ach tá cuile short togha anois".

Tá Seán de Brún as Muigh Inis ag obair ann do TG4. Fear ceamara agus graficí é Seán agus feileann an áit

i gCarna go maith dó san freisin. "Tá mé inann chuile rud atá ag teastáil i mBaile na hAbhann a chur ar fáil anseo", adeir Seán "agus oibríonn an córas teicniúil go maith as seo go TG4". Dúirt Seán go bhfuil roint áiseanna curtha ar fáil sa stáisiún thoir a chuidíonn leis anois.

Tá an laghdú ollmhór ar thaisteal luaite ag Máire Áine agus ag Seán. Sin buntáiste mór dóibh. "Bhéinn gar do uair an chloig ag taisteal soir agus an rud céanna anoir", adeir Seán atá ina chónaí i Muigh Inis.

Is mór an bhuntáiste a bheith ag obair gar do bhaile ó thaobh cúrsaí clainne de, adeir Máire Áine Ní Chuaig. "Tá tú inann a dhul siar abhaile ag am dinnéir agus tá tú in aice láthair má tá aon chruog teaghlaigh sa mbaile".

Céard faoi mhí-bhuntaistí? Is beag é, adeir Máire Áine. "Ceart go leor, d'aireofá uait an comhluadar ag am tae agus mar sin sa Raidió, an ceangal sóisialta, ach den chuid is mo, tá an socrú seo thar cionn domsa".

Scaittí, ní bheadh eolas agat faoi chuid d'imeachtaí an Stáisiúin agus ar shocruithe cláracha i mBaile na hAbhann a chuideodh leat in do chuid oibre, adeir Seán de Brún. "Ach, tá mé an-sásta anseo", adeir sé. Má tá suim ag duine ar bith atá dá léamh seo i gcóras oibre an G Teic cuirigí glaoch ar Mháirín Ní Choistealbha-Seoighe, an Bainisteoir i bhForbairt Chonamara Láir. Seo hiad na huimhreacha: 095-32688 agus 087-3294478.


No cuir ríomhphost chuig FCL:
fclteo@conamaralair.ie

Is féidir socruithe a dhéanamh ar feadh tréimhse fada no gear.

Rinne Údarás na Gaeltachta beart maith scór blianta ó shin nuair a thógadar an tIonad Fiontar. Rinneadar beart maith eile nuair a cuireadh seirbhísí thar barr isteach ann agus nuair a múnlaíodh é mar Aonad G Tech. Tá súil againn go dtiocfaidh tuilleadh borradh faoi agus go ndéanfaidh sé an rud a theastaigh uainn an chéad lá ariamh; fiontar agus fostaíochta a threisiú in Iorras Aithneach.

T. Ó Máille Teo

Ros Muc.
Co na Gaillimhe.
Telefón: 091-574101



Earraí Groséara - Crua Earraí
Éadach agus Ábhar Títhe

*Go n-éirí go geal leis an gCoiste ina gcuid oibre.*

*Nollaig Shona do chuile dhuine agaibh.*

**Teach & Feirm Dan O' Hara**
**Dan O' Hara Homestead**
**An Chlocháin**



**The Story of a Man - The Story of a Place**
**Scéal fir - Scéal a áit ducháis**

- Stair Chonamara /History of Connemara
- Siopa ceardaíochta/Craft Shop
- Bialann/Restaurant

**www.connemaraheritage.com**
**danohara@eircom.net**
**Tel 095 21246**

# Cogaslann Agatha

Poitigéir Teaghlaigh Áitiúil

**Agatha Bn Ui Mhisteil**
An Cheathrú Rua, Co. Na Gaillimhe
Fón: 091 595 168 Fax. 091 595154
cogaslannagatha@gmail.com

**Carna, Co. Na Gaillimhe**
**Fón: 095 32680**

Comhairle Poitigéara
Pharmacist Advice

Oidis
Prescriptions

Áilleacht & Íocshláinte
Health & Beauty



# Teach Ghlinnsge

Bar/Restaurant and Craftshop



*Nollag Shona do gach duine*

**Ó Mhuintir Chlochartaigh**
**Fón: 095-32846/32279**



# TIGH MHEAIC

**BEÁR & BIALANN**

**DEA-BHIA GACH LÁ GO DTÍ 9i.n.**
**CÓISIR AGUS LÓNADÓIREACHT BAILE**





**SERVING GOOD FOOD UNTIL 9pm EVERY DAY, ALL YEAR AROUND (!)**

**FRESH COFFEE (!)**
**TAKE AWAY FOOD (!)**
**HOME CATERING FOR FUNCTIONS & PARTIES**





**CEOL, DAMHSA & SIAMSAÍOCHT ☺**

**Fón: 095 32730 / 087 2826244**
tighmheaic@gmail.com



# Seán Ó Cathasaigh

*Graibhéal Clocha*
*agus Clocha Tógála*



**An Gleann Mór**
**Cill Chiaráin, Conamara**
**Co. na Gaillimhe**

**Fón: 095 33579**
**Mobile: 087 2714648**

# Comórtas Filíochta 2020

## An Toradh

1. Mairéad uí Dhomhnaill - "Ag siúl bóthar mo chuimhne".
2. Paddy Mhéime Ó Súilleabháin - "An Cóiméad NEOWISE".
3. Jeaicí Mac Donnchadha - "An Ofráil".

Cuireadh seacht gcinn de dhánta isteach ar an gcomórtas agus bhí an Moltóir an-tógtha leis an gcaighdeán filíochta a bhain leo uilig.
Cuireadh na dánta chuig an Moltóir gan aon ainm leo.
Seo hiad na dánta agus nótaí an Mholtóra leo.

### Ag siúl bóthar mo chuimhne

Trathnóna breá samhraidh 's mé amuigh faoin aer,
bhuail mé an bóthar ag siúl liom fhéin.
Ní raibh áird ar an saol agam ná cá raibh mo thriall,
ach ní hé seo an chéad uair mé ag fánaíoch gan chiall!

Bhain mé Clochar na Stileach amach gan mórán stró,
seo é an áit a mbíodh muid ag spraoi fadó,
Ag léim de na cloiche agus ag dul i bhfolach sa scailp,
ach ní dhéanfainn anois é, mar tá'n áit fiáin ag sceach.

Lean mé Loch an Mhuilinn isteach go dtí'n droichead,
níor sheas mé anseo cheana le deich mbliain fichead.
Chuala mé an macalla ag teacht aníos óna súil,
le gártha 's glórtha an dream a chuaigh romhainn.

Bhreathnaigh mé soir uaim, i dtreo Chuan na hAirde,
is ar Chnoc an Choillín go foighneach á ghárdáil,
Nach iomaí lucht feamainne a thug muid aníos faoina scáile,
's gan le cloisgteáil thart timpeall ach buille an mhaide rámha.

Chas mé suas san áit a mbíodh siopa Tigh Ghuairim,
nach é an feall gur dhúin sé, ach níl ansin ach mo thuairim,
mar théadh muid isteach ann ar thóir cúpla milseán
ach faraor ní rómhinic é mar bhí na pinginí gann.

Gan móran achair, bhí mé ag Scoil na hAirde,
nach é seo an áit a ndearna mé mo chéad chairde.
Cheap mis, ag an am, gur mé an tarbh tána,
ach ní raibh an saol i bhfad ag cur m'aisling le fána.

Bhreathnaigh mé isteach thrí fhuinneog na scoile,
's rith na smaointe liom, mar shruth rabharta is é tuille.
Ní dhéanfadh mé dearmad ar an gcócó am lóin,
nach bhfaighim an boladh breá sin fós i mo shrón.

Shuí mé ar an sconsa is ghlan mé na deora,
cén fáth go raibh deifir orm le laethanta m'óige?
dá mbeadh a fhios agam an uair sin, céard atá's agam anois,
shiúilfinn an bóthar go cúramach, is sheachneoinn an dris!

**<u>Nóta an Mholtóra:</u> Tá an dán seo an-mhaith curtha le chéile, go maith, an-jab. 23/03/2020**

### An Coiméad *NEOWISE*
*(Sa spéir ó thuaidh Márta 2020)*

Chonacthas cóiméad i spéir na hoíche
Oíche spéirghealaí gan puth gaoithe,
É ag stríoca na spéartha uachtair
Ag sárú m'aigne 'nós ortha chumhachta.

Gan fios a thriall ag intinn shimplí
Cé is moite go bhfillfidh sé am eile,
Sé mhíle bliain a dúradh is tuilleach -
Gurb in na cianta thar chuimhní cine.

É fós ag stríoca na spéartha uachtair
I dtreo an réasún nach fios do dhuine,
Gan am san áireamh sa spás a chruthaigh
An coiméad ársa atá bainteach liomsa.

**<u>Nóta an Mholtóra:</u>**
**Tá an píosa seo curtha le chéile go maith, sé an trua gan véarsa amhain eile ann - 23/03/2020**

## An Ofráil,

Seasann sí ag doras an bhráca
Páiste beag dhá mhí d'aois
ar a corróig.

Baintreach óg
nua-dhéanta.
Seanbhean i bhfad
roimh a ham.

Feiceann sí a maicín
ar cosa in airde
tríd smionaga Siria.

Léimeann a chuid spreangaidí
thar chorp
nua-mharaithe.

Sciobann sé an t-arán
as lámh nár chorraigh
ó inné.
Ritheann sé arais chuici.
an trófaí in airde aige.

Iompaíonn fead léanmhar
a cuid putóga bunóscionn.
Spréann fuil agus feóil a maicín
na ballaí.

Titeann an t-arán ag a cosa.
An láimhín fós i ngreim ann.

Ní bhriseann an t-arán.

**Nóta an Mholtóra:**
**Go deas. Seo píos an-chliste agus láidir ó thaobh téama.**
**23/03/2020**



**Ciarán Ó Fátharta, an Moltóir.**

**Scoil Phobail Mhic Dara**
**Carna**
**Fón: 095-32245**

*Suíomh gréasáin:* www.scoilphobailmhicdara.com
*Ríomhphost:* eolas@spmd.ie

ag cur oideachas chuimsitheach dara leibhéal ar fáil

*Guíonn foireann Scoil Phobail Mhic Dara beannachtaí na Nollag agus na hathbhliana ar an bpobal uilig.*

# 1990 agus na daoine a d'imigh uainn

*- le Máirtín Ó Catháin, Eagarthóir.*

Deich mbliana fichead ó shin, taca an ama seo, a foillsíodh an chéad eagrán do leabhar bliantúil Iorras Aithneach.

Tá triúr a bhí gníomhach san iarracht sin imíthe ar shlí na firinne ó shin:

Pádraig Ó Cosgordha as an Leathmhás agus Carna, fathach fir a rinne cion fathaigh dá phobail dúchais; Mairéad Mhic Oireachtaigh as sráibhaile Charna, bean gheallgháireach agus spraóiúil a chuir beocht sna himeachtaí a raibh sí páirteach iontú agus Béab Uí Ghuairim as Roisín na Mainíoch a d'imigh uainn le gairid.

D'fhág muid slán ag Béab nuair a bhí an víreas Covid 19 sa mullach ar an saol; ní fhéadfaí an t-ómós a bhí ag daoine do Bhéab a 'speaint ar an mbealach a chleacht muid roimhe seo. Ach ní laghadaíonn sin an meas agus gean a bhí againn uirthi.

Go raibh suaimhneas síorraí ag Pádraig, ag Margaret agus ag Béab.

Ba chuid thábhachtach den tsaol iad sa bpobal seo.

Tá an clúdach a bhí ar an gcéad leabhar 30 bliain ó shin le feiceál ansin agaibh.

Bhí an t-am sin ann. Ní inniu ná inné é. Pébí céard faoin lá amárach.

Bainigí sult as "Iorras Aithneach 2020".

**PICTIÚIR ISTIGH AR AN gCLÚDACH CÚIL:**

**Sin é an clúdach a bhí ar an chéad eagrán de leabhar Iorras Aithneach a foillsíodh i 1990, go díreach glan 30 bliain ó shin.**

**Barr ar chlé:** An Chéibh ag droichead Flannery i gCill Chiaráin. Bhí muid ag díriú airde ar thábhacht thionscail na hiascaireachta sa gceantar seo.
Barr air dheis: An Dr. Micheál Ó Cathasaigh agus an tOthar Charr pobail a bhí curtha i mbun seirbhíse tamaillín roimhe sin. Ar ndóigh, tá an Dr Ó Cathasaigh linn go láidir i gcónaí ach b'éigean laghdú mór a dhéanamh ar sheirbhís an Othar Chairr roint blianta ó shin mar gur tugadh isteach coinníollacha i bhfad níos géire faoi cháliochtaí fóirne Othar Chairr.

**Lár báire:** Ceann de na hócáidí nuair a bhuaigh Coiste Forbartha Charna na Príomhdhuaiseanna i gcomórtais Forbartha Pobail Údarás na Gaeltachta i ndeireadh na 1980óidí. Ó chlé: Bairbre (Béab) Uí Ghuairim as Roisín na Mainíoch; Máire T. Uí Chuinneagáin as Glinnsce; Donncha Ó Gallchoir as Acaill – Aire na Gaeltachta san am sin, agus an tAthair Micheál Ó Riordáin, Séiplíneach Charna san am.

Bhásaigh Béab Guairim le gairid, go ndéana Dia grasta uirthi. Tá Donncha Ó Gallchóir imíthe ar shlí na firinne le roint mhaith blianta; tá Micheál Ó Riordáin imithe as Carna le fada an lá agus cónaíonn Máire T. Uí Chuinneagáin i nGlinnsce i gcónaí.

**Íochtar ar chlé:** Séipeál Mhic Dara agus Lá'l Mhic Dara.

**Íochtar ar dheis:** Bhí feachtas láidir ar bun sa bpobal san am le súil agus go gcuirfí caoi ar bhóithre. Bhí sclaigeanna ar an orlach sna bóithre. Rinne an feachtas sin an-leas san am.

# IORRAS AITHNEACH – '90













**Iris Choiste Forbartha Chárna**

**£3.00**

# Údarás na Gaeltachta




Gaeltacht na hÉireann

## Branda – Gaeltacht na hÉireann

Réigiún cruthaitheach bríomhar é an Ghaeltacht ó thaobh teanga, stair, cultúr, fiontraíocht, daoine agus tírdhreach de.
Tá branda nua faoi leith forbartha ag Údarás na Gaeltachta le húsáid chun iontais an réigiúin seo a chur chun cinn.
Tá an branda ar fáil do chuile dhuine le n-úsáid – ár gcuid cliaint, comhlachtaí eile lonnaithe sa nGaeltacht, eagraíochtaí pobail, an earnáil turasóireachta, na healaíona agus earnálacha eile.
Chuile eolas le fáil ag www.udaras.ie

eolas@udaras.ie www.udaras.ie